Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health
Social Care Professionals

An Pobal a Chosaint

trí ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann a rialáil

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais

2016

ÁR MBUNCHUSPÓIR

An pobal a chosaint ach oideachas gairmiúil, iompar, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe

Clár

Ráiteas ó Chathaoirleach na Comhairle	2
Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	4
Maidir le CORU	6
Buaicphointí Straitéise agus Príomhghníomhaíochtaí 2016	14
Seirbhísí Corparáideacha	24
Coistí na Comhairle	28

Tuarascálacha Bliantúla na mBord Clárúcháin

Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe	40
Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine	48
Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde	52
An Bord Clárúcháin Súil-Liachta	58
Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí	64
An Bord Clárúcháin Radagrafaithe	72
Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh	80
Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha	86
Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga	94

Tuarascálacha Airgeadais

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais 2016	100

Aguisíní

Aguisín 1 - Freastal ar chruinnithe na Comhairle	122
Aguisín 2 - Freastal ar chruinnithe an Choiste	123
Aguisín 3 - Struchtúr Eagraíochtúil	125
Aguisín 4 - Giorrúcháin agus Sainmhínithe	126

Ráiteas ó Chathaoirleach na Comhairle

I gcomhréir le Cuid 2, Alt 25 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh CORU, 2016, a chur i láthair, tuarascáil ina dtugtar mionsonraí maidir le hobair agus éachtaí CORU le linn na tréimhse sin.

Cheap an tAire Simon Harris mé i mo Chathaoirleach ar an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh in 2016, agus bhí an-áthas orm glacadh leis an ról sin ag tráth cinniúnach d'obair CORU.

Is mór atá bainte amach againn ón gcéad chruinniú den Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh i Márta 2007. Níor bheag é an obair a ghabh le réimeas rialála do ghairmithe a thabhairt isteach, cuid acu nach raibh aon taithí acu roimhe sin ar réimeas rialála. Tá moladh tuillte ag na gairmeacha agus ag an gComhairle, ag Coistí na Comhairle, ag na Boird Chlárúcháin agus ag feidhmeannas CORU mar tá Boird Chlárúcháin agus cláir curtha ar bun anois againn do na gairmeacha seo a leanas de thoradh a dtréaniarrachtaí siúd: bia-eolaithe, teiripeoirí ceirde, optaiméadraithe agus radharceolaithe urghnamha, fisiteiripeoirí, radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta, oibrithe sóisialacha agus teiripeoirí urlabhra agus teanga.

Ceapadh Bord Clárúcháin d'Oibrithe Cúraim Shóisialaigh agus d'Eolaithe Míochaine, agus osclófar na Cláir sin nuair a bheidh an t-ullmhúchán mionsonraithe riachtanach curtha i gcrích. Is iad na gairmeacha ainmnithe eile na gairmeacha eile atá le rialú nach bhfuil Bord Clárúcháin ná Clár ar bun ina leith: síceolaithe; coslianna; bithcheimiceoirí cliniciúla; agus ortoptaigh.

Bhí breis is 9,000 gairmí sláinte agus cúraim shóisialaigh á rialú ag CORU ag deireadh 2016. Sna cúig bliana amach romhainn (2017-2021), tá súil againn breis is 25,000 gairmí rialaithe a chuimsiú nuair a bheidh na cúig ghairm ainmnithe déag á rialú. Ar an ábhar sin, beidh CORU ar an dara rialtóir is mó ar ghairmithe cúraim sláinte in Éirinn.

An tosaíocht a bheidh agam mar Chathaoirleach is ea dul i mbun oibre i gcomhar lenár gComhairle, lenár mBoird Chlárúcháin agus le foireann feidhmiúcháin CORU faoi stiúir Ginny Hanrahan lena chinntiú go ndéanfaimid an fás sin a bhainistiú chun samhail inbhuanaithe rialála a chruthú lena gcomhlíonfar go héifeachtach ár sainchúram chun an pobal a chosaint. Forbraíodh an straitéis nua cúig bliana i rith 2016, agus is é "a bhfuil tosaithe againn a chur i gcrích" an téama is mó a bhaineann leis an ráiteas straitéise sin.

Cuirfidh an Ráiteas Straitéise sin bonn eolais faoinár bplean oibre bliantúil agus déanfaidh an Chomhairle monatóireacht air go rialta. Áiritheoidh sé go mbeimid oiriúnach i gcónaí dár bhfeidhm mar an t-aon rialtóir ar ghairmeacha éagsúla in Éirinn agus go gcomhlíonfaimid ár sainchúram ar bhealach inbhuanaithe cost-éifeachtúil dár bpáirtithe leasmhara ar fad.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Tom Jordan a bhí ann romham agus a chuir go mór le hobair CORU. Chaith sé beagnach deich mbliana ar an gComhairle, lena n-áirítear dhá thréimhse mar Chathaoirleach, agus ba é a rinne maoirseacht ar bhunchlocha daingne na heagraíochta a leagan síos. Mar thoradh ar na bunchlocha sin, tá CORU in áit mhaith chun leanúint lena obair an-tábhachtach.

Tá mé go mór faoi chomaoin ag líon mór comhghleacaithe as an tacaíocht a thugann siad dom go pearsanta agus as a dtiomantas do CORU. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo go léir. Ina measc, tá comhaltaí na Comhairle agus na mBord Clárúcháin; comhaltaí na gcoistí; na hoideoirí, na fostóirí agus grúpaí tathanta othar; mar aon leis na comhlachtaí gairmiúla agus na ceardchumainn. An díograis a léiríonn na cláraithe féin, tugann sí ardú misnigh dúinn agus is léiriú í ar shár-thiomantas dá n-othair agus d'úsáideoirí seirbhíse. Faigheann CORU tacaíocht iontach ón Roinn Sláinte, go háirithe ón Aonad Rialála Gairmeacha agus ón Aire Simon Harris T.D. agus ó na hAirí Sláinte éagsúla a bhí ann i gcaitheamh na mblianta. Tá foireann feidhmiúcháin chumasach agus thiomnaithe ag CORU, faoi stiúir Ginny Hanrahan, agus is cúis mhór áthais dom a bheith ag obair leo.

Tá rialáil neamhspleách bunriachtanach chun an pobal a chosaint, agus ba cheart go mbeadh muinín ag an bpobal as caighdeán an chúraim a chuireann gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh orthu. Cinnteoimid caighdeáin arda oideachais, oiliúna agus inniúlachta thar na gairmeacha ar fad atá faoinár gcúram in CORU.



An tOllamh Bernard McCartan

Cathaoirleach

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Tá sonraí sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar an réimse gníomhaíochtaí a bhí ar siúl ag CORU in 2016, agus d'éirigh linn cuspóirí a bhaint amach de réir Ráiteas Straitéise na heagraíochta, 2013-2016. Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus na mBord Clárúcháin, 2016, a chur i láthair tar éis bliain an-rathúil eile.

Ba ann do roinnt forbairtí móra do CORU in 2016 agus muid ag leanúint den rialáil a chur i bhfeidhm ar líon níos mó gairmeacha, agus tá breis is 9,000 gairmí á rialáil anois againn. Tugadh cosaint do theidil ghairmiúla na mBia-Eolaithe agus na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga nuair a tháinig deireadh leis an idirthréimhse chlárúcháin do chleachtóirí reatha i mí Dheireadh Fómhair, agus ba mhaith liom tréaslú leis na gairmeacha sin as an gcloch mhíle sin a bhaint amach.

Leanadh den rialáil a leathnú amach ar luas seasta chuig na gairmeacha breise atá ainmnithe san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú). Osclaíodh an clár reachtúil d'fhisiteiripeoirí go hoifigiúil an 30 Meán Fómhair i mbliana, agus tá Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine ceaptha ag an Aire Simon Harris T.D. chun tús a chur lena aistear i dtreo rialáil reachtúil. Rinne sé maoirseacht freisin ar rialáil Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí mar ullmhúchán chun an dá ghairm sin a ainmniú faoi shainchúram CORU.

Ina theannta sin, tá an obair ullmhúcháin riachtanach ar siúl ag Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh, a tháinig le chéile i mBealtaine 2015 den chéad uair, chun a chlár d'oibrithe cúraim shóisialaigh a oscailt. Mar ghairm atá réasúnta nua ar an bhfód, b'éigean tuilleadh oibre a dhéanamh le cinntiú go leagtar amach na caighdeáin chearta. Chomhaontaigh an Bord a chritéir agus a chaighdeáin oilteachta, agus thug achoimre ar a bhfuil le déanamh ag céimithe nua in Éirinn lena gcuimsiú ar an gClár. Chuir an Bord tús freisin le comhairliúchán ar an gCód Iompair Ghairmiúil agus Eitice ag deireadh 2016. Táimid ag súil le hobair leis na gairmeacha ainmnithe go léir amach anseo chun iad a aistriú i dtreo na rialála reachtúla.

Mar chuid de shainchúram CORU chun an pobal a chosaint, leanamar i rith na bliana de threoirlínte a fhorbairt maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do ghairmithe cláraithe. Rinneamar iniúchadh freisin ar 36 ghearán maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh a rinneadh i gcoinne gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh in 2016. Fuarthas líon níos lú gearán ná mar a fuarthas in 2015. Mar sin féin, táimid ag súil le méadú ar an líon éisteachtaí maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh sna blianta amach romhainn de réir mar a thagann méadú ar an líon cláraithe.

Tá sé beartaithe ár gcéad Ráiteas Straitéise eile don tréimhse 2017-2021 a sheoladh go luath in 2017 agus sainchúram an-fhairsing aige maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn atá ag éirí níos casta. Leagfar amach sa straitéis sin an plean oibre do CORU do na cúig bliana atá amach romhainn de réir mar a leanfaimid de rialáil stóinsithe ar na gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Tá buíochas ó chroí ag dul do líon ollmhór daoine as a seirbhís do CORU sa bhliain seo a chuaigh thart. Cé nach féidir liom iad ar fad a lua, mholfainn do léitheoirí aird a thabhairt ar na hainmneacha atá luaite sa tuarascáil seo: daoine ar ár gComhairle, ár mBoird Chlárúcháin agus ár gCoistí. Tugann na daoine sin go léir a gcuid ama go fial flaithiúil, ar bhonn deonach, chun ár misean a bhaint amach. Ba bhreá liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann feidhmiúcháin in CORU freisin. Léiríonn siad dílseacht, tiomantas, agus gairmiúlacht thar na bearta gach aon lá maidir leis an bpobal a chosaint.

Ba bhreá liom buíochas ar leith a ghabháil le Tom Jordan, an Cathaoirleach atá ag éirí as. Chaith sé naoi mbliana ag obair le CORU, agus bhí ról nach beag aige sa rath a bhí orainn ón tús. Gabhaim buíochas ó chroí leis go pearsanta, agus guím gach rath air don todhchaí.

Is iomaí dúshlán agus deis iontach atá os ár gcomhair againn in CORU. Tá mé ag súil le dul i mbun oibre lenár gCathaoirleach, an tOllamh Bernard McCartan, agus muid ag leanúint de réim rialála éifeachtach a sheachadadh maidir lenár ngairmithe ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Is cúis áthais dom a bheith ag obair leis ó thosaigh sé leis an gComhairle in 2014. Tá mé fíorbhuíoch ar fad as a chuid tacaíochta, agus guím gach rath air ina ról mar Chathaoirleach.

Ginny Hanrahan

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Cláraitheoir CORU

Maidir le CORU

Ár mBunchuspóir, ár bhFís agus ár Luachanna

Is é CORU an rialtóir gairmeacha éagsúla sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn. Bímid ag obair ar mhaithe le leas an phobail, agus is é an ról atá againn an pobal a chosaint trí chlárú reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Is é CORU an t-ainm branda agus an lógó faoina bhfeidhmíonn an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus Boird Chlárúcháin na ngairmeacha éagsúla le chéile. Eascraíonn "CORU" as an bhfocal Gaeilge "Cóir", a chiallaíonn "cothrom, ceart agus cuí".

Is é CORU atá freagrach as rialáil a dhéanamh, faoi Acht 2005 (arna leasú), ar 15 ghairm ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Meastar go bhfuil idir 25,000-30,000 duine ag baint leis na gairmeacha sin ar fad. Féadfaidh an tAire Sláinte gairmeacha breise a chur leo amach anseo. Den chéad uair, déanfar rialáil ar na gairmeacha ainmnithe sin anois ar bhonn reachtúil.

> Is é CORU atá freagrach as rialáil a dhéanamh ar 15 ghairm ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Meastar go bhfuil idir 25,000-30,000 duine ag baint leis na gairmeacha sin ar fad.

Is iad seo a leanas na gairmeacha ainmnithe:

- Bithcheimiceoirí cliniciúla
- Bia-eolaithe
- Radharceolaithe urghnamha
- Eolaithe míochaine
- Teiripeoirí ceirde
- Optaiméadraithe
- Ortoptaigh
- Fisiteiripeoirí
- Coslianna
- Síceolaithe
- Radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta
- Oibrithe cúraim shóisialaigh
- Oibrithe sóisialacha
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga.

Tá nó beidh a Bord Clárúcháin féin ag gach gairm atá nó a bheidh freagrach as comhaltaí dá ghairm faoi seach a chlárú.

Tá na boird chlárúcháin seo a leanas curtha ar bun ag an Aire go dtí seo: Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha, an Bord Clárúcháin Radagrafaithe, Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe, Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde, an Bord Clárúcháin Súil-Liachta, Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí, Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh, agus Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine.

Bunófar na Boird eile ar bhonn céimnithe.

Fíor 1 | Boird Chlárúcháin de réir céime amhail mí na Nollag 2016

Ár mBunchuspóir

D'fhreastail ár mbunchuspóir, ár bhfís agus ár luachanna go maith orainn agus sinn ar ár dturas go dtí seo agus beidh siad fós mar bhonn faoinár Ráiteas Straitéise agus faoi ghníomhaíochtaí laethúla ár ngnó.

Amhail a leagtar amach é san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú), is é an bunchuspóir atá againn:

> **An pobal a chosaint ach oideachas gairmiúil, iompar, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe.**

Ár bhFís

Tá muinín ag an bpobal agus ag Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh as CORU agus as a phróisis agus a chaighdeáin rialála agus tugann siad araon aitheantas dóibh.





Ár Luachanna

Tá sé ina aidhm ag CORU sraith luachanna a léiriú lena dtugtar bonn taca agus tacaíocht don chaoi a mbímid ag obair agus ag idirghníomhú lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Baineann tábhacht lárnach leis na luachanna seo a leanas maidir le baint amach an bhunchuspóra agus na físe atá againn:

- Bunaítear ár gcinntí, ár mbearta agus ár dtosaíochtaí go léir ar an gcuspóir is lárnaí dár gcuid, is é sin cur le **sábháilteacht an phobail**.
- Léirímid **ceannaireacht** san earnáil seo trí chur chuige dearfach, atá ar ardchaighdeán agus atá bunaithe ar fhianaise, a ghlacadh i leith na hoibre a dhéanaimid.
- Táimid tiomanta **don fhreagracht agus don thrédhearcacht** i ngach ceann dár bpróisis agus dár gcinntí, inár n-iompar gairmiúil, sa chumarsáid a dhéanaimid agus sa chaoi ina mbímid ag déileáil lenár bpáirtithe leasmhara.
- Léirímid **meas agus cothroime** san idirghníomhaíocht a dhéanaimid leis an bpobal, le gairmithe agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir.
- Léirímid **éifeachtacht agus sármhaitheas** mar eagraíocht i dtéarmaí luach ar airgead, éifeachtúlacht ár n-oibríochtaí agus rialachas.
- Léireoimid **neamhspleáchas agus ionracas** i gcónaí agus muid ag déileáil lenar bpáirtithe leasmhara.

Ról na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Is é an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an comhlacht reachtúil atá bunaithe ag an Rialtas chun an pobal a chosaint trí chlárú reachtúil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh atá ainmnithe in Acht 2005.

Is é ról na Comhairle:

- Maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar obair na mBord Clárúcháin
- Caighdeáin chleachtais a fhorfheidhmiú le haghaidh gairmithe cláraithe lena n-áirítear cóid a bhaineann le hiompar gairmiúil agus le heitic ghairmiúil
- Córas maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh a fheidhmiú do na gairmeacha cláraithe
- Cinntí a ghlacadh agus treoir a thabhairt maidir le smachtbhannaí araíonachta a ghearradh ar chláraithe
- A bheith freagrach as acmhainní a leithdháileadh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

29 gcomhalta atá ar an gComhairle – 1 chomhalta ainmnithe amháin ó gach ceann de na 14 ghairm rialaithe mar aon le 15 chomhalta thuata. Tagann na comhaltaí tuata (daoine nach comhaltaí iad de chuid na ngairmeacha arna rialáil ag CORU) ón earnáil oideachais, ó ghrúpaí tathanta othar agus ón earnáil dheonach agus áirítear leo freisin ionadaithe de chuid eagraíochtaí na hearnála poiblí agus príobháidí a bhaineann le sláinte agus cúram sóisialach.

Is é an tAire Sláinte a cheapann an Cathaoirleach agus ní mór gur comhalta tuata den Chomhairle é nó í an té sin. Is ar bhonn deonach a fheidhmíonn gach comhalta den Chomhairle agus gach Comhalta de na Boird Chlárúcháin agus ní fhaigheann siad aon táillí. Íoctar stipinn le Cathaoirleach na Comhairle mar aon le speansais taistil i gcaitheamh na bliana. Ní íoctar táillí le haon chomhalta eile den Chomhairle, den Choiste Comhairleach ná de na Boird Chlárúcháin i leith a gcomhaltais.

Tá cúig choiste ag an gComhairle agus cuireann siad saineolas agus comhairle ar fáil don Chomhairle agus don Fheidhmeannas sna réimsí seo a leanas:

- Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas
- Airgeadas
- Clárú
- Oideachas
- Feidhmiúlacht chun cleachtadh.

An Coiste Réamhimeachtaí

Chuir an Chomhairle an Coiste Réamhimeachtaí ar bun in Eanáir 2015. Is coiste reachtúil é a bunaíodh faoi Chuid 6 den Acht. Déanann an coiste sin athbhreithniú ar gach gearán a fhaigheann an Chomhairle maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh i gcás na ndaoine atá cláraithe.

Ról na mBord Clárúcháin

Tá na naoi mBord Clárúcháin atá ann faoi láthair freagrach as clárú a dhéanamh ar chomhaltaí dá ngairmeacha faoi seach. Rialaíonn dhá cheann de na Boird Chlárúcháin dhá ghairm bheatha – an Bord Cláraithe Radagrafaithe, a rialaíonn radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta agus an Bord Clárúcháin Súil-Liachta, a rialaíonn optaiméadraithe agus radharcmheastóirí urghnamha.

Tá de thairbhe ag an deighilt feidhmeanna idir an Chomhairle agus na Boird Chlárúcháin (na Boird) a chinntiú go mbeidh comhlacht tiomnaithe ag gach gairm arna rialú a dhíríonn ar chlárú agus ar chaighdeáin oideachais na gairme sin agus ar na nithe sin amháin, rud a chinntíonn ionchur ó shaineolas gairmiúil sonrach.

Tá gach Bord Clárúcháin freagrach as an méid seo a leanas:

- Clár comhaltaí na gairme sin a chur ar bun agus a chothabháil
- Cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- Cláir oideachais agus oiliúna atá ábhartha don iontráil ar an gClár a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An cód iompair ghairmiúil agus eitice a leagan amach
- Na riachtanais maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach a leagan amach, agus
- Le faomhadh na Comhairle, fodhlíthe a chur ar bun maidir lena fheidhmeanna clárúcháin agus oideachais.

Tá 13 chomhalta dheonacha ar gach Bord. Is comhaltaí tuata den Bhord iad seachtar díobh sin (daoine nach bhfuil ag gabháil do na gairmeacha atá á rialáil) mar aon le comhalta amháin ó gach ceann de na réimsí seo a leanas: earnáil an oideachais, fostóirí poiblí agus gníomhaireachtaí príobháideacha/deonacha, agus ceathrar comhaltaí ón bpobal lena n-áirítear grúpaí tathanta othar; seisear comhaltaí ó na gairmeacha faoi seach a dhéanann ionadaíocht thar ceann oideoirí, bainisteoirí agus soláthraithe seirbhísí.

Nuair a bheidh na folúntais ar fad líonta, beidh 146 duine ag freastal ar an gComhairle agus ar na Boird Chlárúcháin ag CORU. Ceanglaítear ar an gComhairle agus ar gach Bord teacht le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad, ach tiocfaidh gach Bord le chéile deich n-uaire sa bhliain go hiondúil le cinntiú go ndéantar an Plean Gnó Bliantúil agus, dá réir sin, Plean Straitéiseach foriomlán na heagraíochta, a sheachadadh.

Fíor 2 | Comhdhéanamh Boird Clárúcháin



CORU Súil siar ar an mbliain

CORU: Súil siar ar an mBliain

Méadú/laghdú ar líon na gclárúchán



Miondealú ar Inscne de réir Gairme



Cothromaíocht Inscne i ngach Gairm Shláinte a chláraítear le CORU

Aitheantas



2016

An Chomhairle agus Boird

2 **Fheachtas Toghcháin** maidir le toghadh ball boird

6 **Choiste** comhairle

150 ball ar an gComhairle agus ar Bhoird Clárúcháin

24 ball NUA ar an gComhairle agus ar Bhoird Clárúcháin

Oideachas

Rinneadh **17** **mBeart Ceadaithe agus Monatóireachta**

Tairgeadh **30** **Beart Cúitimh** d'Iarratasóirí Idirnáisiúnta

Dlí

Ghlac an Chomhairle **17** **bhfodhlí**

Fuarthas **27** **gearán** maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

Próiseáladh **22** **Comhad Forfheidhmithe**

Cumarsáid



78% ó Éirinn

22% ón gcoigríoch

Méadú **37%** ar líon na gcuairteoirí ó 2015

50,337 rochtain ar an leathanach **'Cuardaigh an Clár'**

Nuachtlitir Sheachtrach Ráithiúil **2,700** síntiúsóir

40 **ócáid bhronnta** do Chláraithe

11 **Chomhairliúchán Phoiblí**



Acmhainní Daonna

Foireann **42** **duine**

Buaicphointí Straitéise agus Príomhghníomhaíochtaí 2016

Tomhas i gcoinne an Ráitis Straitéise, 2013-2016

Shaothraigh an Chomhairle i rith 2016 chun na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise, 2013-2016, a bhaint amach.

Chuir straitéis 2013-2016 leis an mbunobair a rinneadh faoin gcéad straitéis don eagraíocht don tréimhse 2010-2012. Idir 2013 agus 2016, leanamar de rialáil ar na gairmeacha faoinár sainchúram a chur i bhfeidhm, de chur le creataí na Comhairle agus de shamhail uathúil den rialáil a fhorbairt in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialaigh in Éirinn.

Sa Ráiteas Straitéise, 2013-2016, léiríodh ár gcuspóirí soiléire, ár dtuiscint choitinn ar na dúshlán atá romhainn mar eagraíocht, conas mar a bhí sé i gceist againn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, agus ár dtosaíochtaí faoi seach ina leith sin. Cuireadh an straitéis i bhfeidhm le tacaíocht ó phleananna bliantúla gnó agus oibriúcháin.

Tá ráiteas straitéise nua á fhorbairt don eagraíocht ag an gComhairle, agus seolfaidh an tAire Sláinte an ráiteas straitéise nua go luath in 2017.

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, táimid ag tuairisciú den uair dheiridh bunaithe ar an Ráiteas Straitéise, 2013-2016.

Fágann an clárú gur féidir le húsáideoirí seirbhíse muinín a bheith acu go bhfuil fíorú neamhspleách déanta ar an seasamh atá ag gairmí agus ar na cáilíochtaí atá bainte amach aige nó aici.

Cuspóir Straitéiseach 1

An córas rialála a chur i bhfeidhm go hiomlán ar fud na ngairmeacha go léir a bhfuil sainchúram orainn ina leith, lena n-áirítear clárú, oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach agus feidhmiúlacht chun cleachtadh

Ach iad a bheith ar Chlár CORU, ceadaítear do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a ngairmeacha a chleachtadh in Éirinn agus is comhlíonadh é ar na ceanglais reachtacha atá orthu. Tá CORU freagrach as gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a chlárú agus is é sin is bonn lenár gcuid oibre ar fad i dtaobh na gairmeacha a rialáil ar mhaithe leis an bpobal a chosaint.

Fágann an clárú gur féidir le húsáideoirí seirbhíse muinín a bheith acu go bhfuil fíorú neamhspleách déanta ar an seasamh atá ag gairmí agus ar na cáilíochtaí atá bainte amach aige nó aici. Baineann gairmithe tairbhe as an gcosaint a thugtar dá dteideal gairmiúil, agus tacaítear leo trí Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice.

Tháinig méadú eile ar an líon gairmithe a bhí cláraithe le CORU i rith 2016. Bhí sé beartaithe sa straitéis go mbeadh an próiseas rialála curtha i gcrích ag na gairmeacha ainmnithe ar fad faoi 2016. Ní mar sin a tharla, áfach, agus tá ceithre ghairm ag fanacht ar an Aire lena gcomhaltaí boird faoi seach a cheapadh. Sa tábla seo a leanas, leagtar amach an líon cláraithe i ngach gairm ag deireadh mhí na Nollag 2016 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2015.

Fíor 3 | Cláraithe 2015, 2016

Gairm	Cláraithe 2015	Cláraithe 2016
Oibrithe sóisialacha	3,928	4,069
Radagrafaithe / Teiripeoirí Radaíochta	1,589	2,184
Bia-eolaithe	126	546
Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga	140	844
Teiripeoirí ceirde	128	586
Optaiméadraithe	787	793*
Radharceolaithe urghnamha	188	179
Iomlán	**6,886**	**9,201***
*Cuimsítear ann optaiméadraí amháin ar cuairt ó LEE		

Gach bliain, ní mór do gach gairmí atá cláraithe an clárúchán a athnuachan agus táille choinneála bhliantúil a íoc. I rith na bliana, d'ordaigh an Chomhairle do na Boird Chlárúcháin 73 duine a bhaint den Chlár toisc nach ndearna siad a gclárú a athnuachan laistigh den am riachtanach tar éis don Chomhairle fógra a thabhairt dóibh ina leith sin níos mó ná aon uair amháin.
Bhain 116 duine a n-ainm féin den Chlár go deonach.

In 2016, d'oscail Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí an clár chun glacadh le hiarratais le dul ar an gclár, agus tháinig deireadh leis an idirthréimhse do Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe agus do Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus cuireadh tús leis an gcosaint dlí do na teidil ghairmiúla sin.

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine. Tá tús curtha ag an mBord lena obair chun ullmhú d'oscailt an Chláir d'eolaithe míochaine, agus cuirfear béim ar leith ar na Fodhlíthe a ullmhú le gur féidir an Clár a oscailt.

Rinneadh dul chun cinn mór in 2016 freisin maidir le faomhadh roinnt Fodhlíthe ag na Boird Chlárúcháin agus ag an gComhairle. Féach an tábla thall ina bhfuil achoimre ar dhul chun cinn na bhFodhlíthe.

I rith 2016, thug CORU faoi ghníomhaíochtaí faofa agus monatóireachta le haghaidh 17 gclár oideachais agus oiliúna, agus d'fhaomh CORU 6 chlár. Tá sonraí le fáil i dtuarascáil na mBord Clárúcháin faoi seach ar an dul chun cinn a rinneadh in 2016 maidir le faomhadh na gcúrsaí oideachais éagsúla do na gairmeacha rialaithe agus monatóireacht ar na cúrsaí sin.

Nuair a osclaíonn gach Bord Clárúcháin a Chlár, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, is é an Bord Clárúcháin sin an tÚdarás Inniúil don ghairm. Ní mór do gach Bord iarratais a bhreithniú chun cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint. Tá an t-aitheantas sin ina réamhriachtanas clárúcháin do dhaoine a bhfuil cáilíochtaí idirnáisiúnta acu. Éascaíonn an tAonad Aitheantais ag CORU obair gach Údaráis Inniúil. Fuarthas 405 iarratas ar aitheantas maidir le cáilíochtaí idirnáisiúnta in 2016 agus glacadh cinneadh i leith 293 de na hiarratais sin.

I rith 2016, thug CORU faoi ghníomhaíochtaí faofa agus monatóireachta le haghaidh 17 gclár oideachais agus oiliúna, agus d'fhaomh CORU 6 chlár.

Fíor 4 | Fodhlíthe in 2016

FODHLÍTHE IN 2016

Bord Clárúcháin agus Fodhlí	Faomhadh an fhodhlí ag an mBord le haghaidh comhairliúcháin	Próiseas comhairliúcháin don fhodhlí	Faomhadh an fhodhlí tar éis comhairliúcháin	Faomhadh an fhodhlí ag an gComhairle	Fodhlí arna dhéanamh ag an mBord
BORD CLÁRÚCHÁIN NA BHFISITEIRIPEOIRÍ					
An Fodhlí um Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice	✓	✓	✓	✓	✓
An Fodhlí um Fheidhmiú an Chlárúcháin	✓	✓	✓	✓	✓
An Fodhlí um Fhilleadh ar Chleachtadh	✓	✓	✓	✓	
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh	✓	✓	✓	✓	
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú	✓	✓	✓	✓	
BORD CLÁRÚCHÁIN NA NOIBRITHE SÓISIALACHA					
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh	✓	✓	✓	✓	
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú	✓	✓	✓	✓	
AN BORD CLÁRÚCHÁIN RADAGRAFAITHE					
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh	✓	✓	✓	✓	
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú	✓	✓	✓	✓	
BORD CLÁRÚCHÁIN NA MBIA-EOLAITHE					
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh	✓	✓	✓	✓	
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú	✓	✓	✓	✓	
BORD CLÁRÚCHÁIN NA DTEIRIPEOIRÍ URLABHRA AGUS TEANGA					
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh	✓	✓	✓	✓	
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú	✓	✓	✓	✓	
BORD CLÁRÚCHÁIN NA DTEIRIPEOIRÍ CEIRDE					
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh	✓	✓	✓	✓	
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú	✓	✓	✓	✓	
AN BORD CLÁRÚCHÁIN SÚIL-LIACHTA					
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh	✓	✓	✓	✓	
An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú	✓	✓	✓	✓	

Cuspóir Straitéiseach 2

An t-aistriú a chur i gcríoch ionas go mbeidh Bord na Radharcmheastóirí faoin sainchúram atá orainn

Baineadh amach an cuspóir seo agus na gníomhaíochtaí gaolmhara ar fad an 31 Deireadh Fómhair 2015.

> Idir 2013 agus 2016, leanamar de rialáil ar na gairmeacha faoinár sainchúram a chur i bhfeidhm, de chur le creataí na Comhairle agus de shamhail uathúil den rialáil a fhorbairt in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialaigh in Éirinn.

Cuspóir Straitéiseach 3

An creat um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a chur i bhfeidhm go pras nuair a bheidh na Cláir ghairmiúla faoi seach oscailte

Cuireadh tús le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh an 31 Nollaig 2014, agus tá an córas i bhfeidhm le dhá bhliain anois. Cuimsítear leis an bpróiseas Feidhmiúlacht chun Cleachtadh an Coiste Réamhimeachtaí agus na Coistí Fiosrúcháin. Déanann an Coiste Réamhimeachtaí athbhreithniú ar na gearáin ar fad a fhaigheann an Chomhairle, agus is é a chinneann cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil cás ann le freagairt.

Níl comhalta ar bith den Chomhairle ná de na Boird Chlárúcháin ar an gCoiste sin chun sláine a chinnteoireachta agus a chuid oibre a chosaint. Ní cláraithe iad naonúr comhaltaí den Choiste, agus tá siad ionadaitheach do leas an phobail. Ina theannta sin, tá 17 gcomhalta den Choiste ionadaitheach do na gairmeacha seo a leanas: radagrafaithe; teiripeoirí radaíochta; oibrithe sóisialacha; optaiméadraithe; teiripeoirí ceirde; teiripeoirí urlabhra agus teanga; agus bia-eolaithe. Cabhraíonn beirt chásoifigeach (baill foirne de CORU) leis an gCoiste i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Ceapadh comhaltaí breise nua don Choiste Réamhimeachtaí in 2016.

Bhunaigh an Chomhairle Coistí Fiosrúcháin, mar atá an Coiste Iompair Ghairmiúil agus an Coiste Sláinte, agus cheap sí comhaltaí ar na coistí sin. Má mheasann an Coiste Réamhimeachtaí gur cheart dul ar aghaidh le gearán faoi chláraí agus Fiosrúchán a chur ar bun, is é an Coiste Iompair Ghairmiúil nó an Coiste Sláinte a éistfidh an cás. Fearacht an Choiste Réamhimeachtaí, níl comhalta ar bith den Chomhairle ná de na Boird Chlárúcháin ar an gCoiste sin chun sláine a chinnteoireachta agus a chuid oibre a chosaint.

Fuair CORU 27 gearán nua maidir le hábhar a bhain le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh in 2016.

Chinn an Coiste Réamhimeachtaí in 2016, i gcás líon áirithe gearán, nach raibh cúis dhóthanach ann beart eile a ghlacadh.

Cuspóir Straitéiseach 4

A bheith comhsheasmhach sa chur chuige a ghlacaimid agus a bheith solúbtha nuair is gá agus é á chinntiú againn go bhfuil creat rialála ann a chomhlíonann an sainchúram atá orainn

Tá creataí Comhairle le haghaidh ceanglais rialála glactha ag na Boird Chlárúcháin chun an chomhsheasmhacht a chur chun cinn. Cuimsíonn gach Bord ceanglais shonracha a ghairme féin sna doiciméid rialála dá chuid. Sampla de chreat den sórt sin in úsáid in 2016 ab ea an Próiseas chun Iarratas a Tharraingt Siar, lena gcinntítear go mbíonn na nósanna imeachta céanna á gcur i bhfeidhm ag gach Bord i gcás iarratasóra ar mian leis a iarratas ar chlárú a tharraingt siar. Forbraíodh creat comhchosúil chun dul i ngleic le cásanna inar gá clabhsúr a chur ar iarratas ar chlárú (nach bhfuil comhlánaithe ag an iarratasóir).

Bhreithnigh an Coiste Clárúcháin athruithe ar an mBeartas um Dhaoine Cuí Oiriúnacha ag eascairt as gné na gciontuithe spíonta de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016. Cuirfidh na Boird go léir an Creat-Bheartas i bhfeidhm.

D'fhaomh na Boird Chlárúcháin ag CORU na Fodhlíthe maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh agus na Fodhlíthe maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú i gcás fisiteiripeoirí, oibrithe sóisialacha, radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta, bia-eolaithe, teiripeoirí urlabhra agus teanga, teiripeoirí ceirde, optaiméadraithe agus radharceolaithe urghnamha.

Cuspóir Straitéiseach 5

A chinntiú go bhfuil na cumais agus na córais is gá ag CORU chun rialáil a chur chun feidhme i stát ina bhfuil pobail éagsúla agus atá ag athrú, agus aird aige ar na hathruithe a rachaidh i bhfeidhm ar an éileamh ar sheirbhísí na ngairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh

Déanann CORU monatóireacht ar athruithe ábhartha ar bheartas, ar an reachtaíocht agus ar an gcaoi nach mór seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh a sholáthar in Éirinn chun déileáil le pobal na tíre seo agus é ag athrú. Déantar an méid sin lena chinntiú go léirítear na hathruithe sna ceanglais oideachas i leith gairmithe a chlárú agus sna Cóid Iompair Ghairmiúil agus Eitice dár gcuid.

Ba é Critéir nua le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna agus Caighdeáin Chreata Inniúlachta a chur ar bun príomhchúram an Choiste Oideachais in 2016, agus tá siad sin á gcur i bhfeidhm de réir a chéile ar gach Bord Clárúcháin.

Tá CORU tiomanta do chumarsáid a dhéanamh trína chuid foilseachán, agus teanga shimplí shoiléir a úsáid chun ár ról mar rialtóir agus ár gcuid próiseas a mhíniú. Cinnteoimid gur furasta an fhaisnéis go léir a úsáid agus go mbeidh fáil uirthi ag na gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh go léir a thagann faoinár sainchúram.

Is daoine iad na hionadaithe ar Chomhairle CORU agus ar na Boird Chlárúcháin a thagann ó chúlraí agus disciplíní éagsúla. Fágann sé sin go mbíonn éagsúlacht ar leith ag baint leis na cinntí agus na bearta a dhéanaimid agus ag na tosaíochtaí a bhíonn againn agus muid ag obair ar mhaithe le leas an phobail. Is comhaltaí tuata iad formhór chomhaltaí na Comhairle agus chomhaltaí na mBord Clárúcháin araon, a thagann ón earnáil oideachais, ó ghrúpaí tathanta othar agus ón earnáil dheonach, agus a n-áirítear leo freisin ionadaithe de chuid eagraíochtaí na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí a bhíonn ag plé le sláinte agus cúram sóisialach.

Cuspóir Straitéiseach 6

Leanúint ar aghaidh ag tógáil ár líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun comhroinnt eolais a éascú agus an fhoghlaim a thabhairt isteach sa chóras rialála

Feidhmíonn CORU i dtimpeallacht chasta, a bhíonn ag athrú go tapa. Tá forbairt ag teacht go fóill ar ról na ngairmeacha aonair, ar an gcaoi a ndéanann siad a gcuid oibre agus ar an gcaoi a mbíonn siad ag idirghníomhú le húsáideoirí seirbhíse, le comhghleacaithe agus le gairmithe eile.

Bíonn ceachtanna le foghlaim i gcónaí ón taithí a bhaineann le rialáil na ngairmeacha eile in Éirinn agus thar lear. Tá caidreamh maith comhroinnte agus oibre bunaithe ag CORU le rialtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Bíonn foireann feidhmiúcháin CORU ag déanamh cuid mhaith oibre i gcomhar le rialtóirí náisiúnta. Ghlac Foirne Oideachais CORU agus Chomhairle Cúraim Shóisialaigh Thuaisceart Éireann páirt i gceardlann comhroinnte faisnéise le linn na bliana chun féachaint ar réimsí leasa choitinn agus comhair fhéideartha. Tá oiliúint agus forbairt leanúnach dár ngairmithe cláraithe agus dár bhfoireann ríthábhachtach chun éilimh agus athruithe sa timpeallacht rialála a bhainistiú. Maidir leis sin, tá ról lárnach ag CORU i dtaobh dhúl i gcomhairle le hinstitiúidí acadúla chun a spreagadh go gcuirfear cúrsaí ardcháilíochta ar fáil do ghairmithe ar mian leo iad féin a chlárú, ar cúrsaí iad ina bhfuil an dea-chleachtas acadúil i réim.

Cuspóir Straitéiseach 7

Leanúint ar aghaidh ag cothú eagraíocht ardfheidhmíochta atá oiriúnach dá feidhm

In 2016, rinne an fhoireann acmhainní daonna bainistiú ar an gclár foghlama agus forbartha eagraíochta a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta. Imríonn sé seo tionchar nach beag ar fheidhmíocht na heagraíochta a fheabhsú. D'oibrigh an fhoireann acmhainní daonna le páirtithe leasmhara inmheánacha chun sainaithint a dhéanamh ar chroíchláir foghlama agus forbartha i réimsí straitéiseacha agus chun na cláir sin a chur ar fáil.

42 ball foirne a bhí ag CORU ag deireadh 2016. Tá an fhoireann an-tiomanta agus chomhlíon siad na cúraimí a leagadh orthu. Tháinig méadú ar líon na mball foirne ó 40 go 42 in 2016. Tá cead faighte againn le haghaidh líon iomlán de 49 ball foirne, agus táimid ag obair chun na folúntais eile a líonadh go luath in 2017. Bímid seasta ar ár ndícheall ag triail ár bpróisis ghnó a fheabhsú chun cur leis an éifeachtúlacht, agus tá feabhas leanúnach cáilíochta ina chur chuige caighdeánach againn.

Tá oiliúint agus forbairt leanúnach dár ngairmithe cláraithe agus dár bhfoireann ríthábhachtach chun éilimh agus athruithe sa timpeallacht rialála a bhainistiú.

Fíor 5 | ----

Foireann sheachtrach	Foireann inmheánach	Eile
Oifigeach Feidhmiúcháin Cumarsáide	Príomhoifigeach Cúnta Seirbhísí Corparáideacha	An Coiste Réamhimeachtaí
Príomhoifigeach Cúnta um Dhlí agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh	Ardoifigeach Feidhmiúcháin Rúnaíochta	Coistí Fiosrúcháin An Coiste Achomharc
Oifigeach Feidhmiúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh		Measúnóirí
Oifigeach Feidhmiúcháin Éisteachtaí		Cathaoirleach an Choiste Réamhimeachtaí
Oifigeach Feidhmiúcháin Ginearálta		
Oifigeach Cléireachais Ginearálta		
Ardoifigeach Feidhmiúcháin TFC		
Oifigeach Feidhmiúcháin TFC		
Ardoifigeach Feidhmiúcháin an Choiste Réamhimeachtaí		
Ardoifigeach Feidhmiúcháin um Thionscadail, Beartais & Caighdeáin		

Cuspóir Straitéiseach 8

An costas rialála a laghdú an oiread is féidir agus ár sainchúram á chomhlíonadh againn

Tá an tsamhail chistithe faoin bhfeidhmímid bunaithe den chuid is mó ar an ioncam a dhéanaimid ó tháillí clárúcháin, agus tá sé ina chuspóir againn a bheith ag brath níos lú ar an gcistiú ón Stát. Tá tús curtha le pleanáil chun samhail chistithe inbhuanaithe don todhchaí a bhreithniú agus lena chinntiú go bhfuil córas rialála inbhuanaithe ag CORU do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Chomhlíon CORU a oibleagáidí airgeadais ar fad in 2016. Trí phleanáil buiséid agus réamhaisnéis i ndáil le caiteachais, d'éirigh linn bainistíocht shlán a dhéanamh ar an gcaiteachas i gcoinne na n-acmhainní a raibh sé beartaithe fáil a bheith orthu. Chuir Coiste Airgeadais agus Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais na Comhairle sceideal cuimsitheach oibre i gcrích chun maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí airgid agus chun féachaint ar thorthaí agus ar mholtaí in iniúchtaí seachtracha agus inmheánacha.

Cuspóir Straitéiseach 9

A chinntiú go bhfuil bonneagar ardfheidhmíochta TFC againn atá solúbtha agus éifeachtach ó thaobh costais de

Is deacair eagraíocht a fhorbairt agus a leathnú tráth a bhfuil srianta móra ar eagraíochtaí earnála poiblí agus bíonn pleanáil nuálach i leith an lucht oibre agus seachadadh seirbhísí nuálach ag teastáil. Meastar gur gné lárnach é TFC i dtaobh a chur ar ár gcumas dúinn ardchaighdeán seirbhíse a chinntiú.

Dhíríomar in 2016 ar na próisis chláraithe agus athnuachana ar líne a neartú. Bhaineamar leas freisin as infheistíocht chaipitiúil mhór ón Roinn Sláinte chun ár gcórais TFC agus ár saoráidí cúltaca a uasghrádú, agus rinneamar infheistíocht inár gcrua-earraí chun córas stóinsithe a chinntiú roimh dúinn suíomh ár n-oifigí a aistriú agus líon iomlán foirne a fhostú.

Cuspóir Straitéiseach 10

A chinntiú gur leor an tiomantas ó na comhaltaí, a leibhéal rannpháirtíochta agus an cion a dhéanann siad agus go dtugtar dóthain tacaíochta dá gcuid oibre chun an rialáil a chur chun feidhme

Bíonn CORU ag brath go mór ar rannpháirtíocht ghníomhach chomhaltaí na Comhairle agus na mBord, dream a thugann a gcuid seirbhísí go léir ar bhonn deonach le tacaíocht óna gcuid fostóirí. Faoi mar a leanaimid dár gcuid oibre a fhairsingiú agus a fhorbairt, is mó a bhímid ag brath ar na comhaltaí sin as a dtiomantas leanúnach agus as ceannaireacht a chur ar fáil chun go mbeimid in ann ár spriocanna agus ár gcuspóirí a bhaint amach.

Rinneadh ár bplean oiliúna do na comhaltaí Comhairle, Boird agus Coiste a fhairsingiú agus a sheachadadh ina iomlána lena chinntiú go mbraitheann na comhaltaí sin go bhfuil an t-eolas agus an acmhainneacht acu chun tabhairt faoin obair thábhachtach a bhíonn ar siúl acu le CORU.

Rinne an Chomhairle agus na Boird Chlárúcháin ar fad breithmheasanna bliantúla de réir cheanglais Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Leanann an Fheidhmeannas dá dhícheall a dhéanamh barr feabhais a bhaint amach i gcáilíocht na faisnéise a fhaighimid agus a chuirimid ar fáil don Chomhairle agus do na Boird, trí phlépháipéir. torthaí taighde agus treoirlínte dea-chleachtais a chur ar fáil chun cabhrú agus chun tacú le cinnteoireacht stóinsithe.

Cuspóir Straitéiseach 11 agus 12

Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh trína chinntiú go gcomhlíonann an chumarsáid a dhéanaimid riachtanais shonracha gach dream páirtithe leasmhara

Bunchuspóir, fís agus feidhmiú CORU a chur chun cinn i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara, go háirithe i measc an phobail agus na ngairmeacha ainmnithe

Bíonn CORU ag saothrú go gníomhach le bheith iomlán rannpháirteach leis na páirtithe leasmhara ar fad lena chinntiú go soláthraítear feasacht agus cruinneas na faisnéise do gach duine lena mbaineann, cláraithe, fostóirí, comhlachtaí gairmiúla, oideoirí, grúpaí tathanta agus rialtóirí eile ina measc.

Foilsíonn CORU a nuachtlitir uair sa ráithe ina bhfuil faisnéis ar obair na heagraíochta, agus seoltar an nuachtlitir chuig na páirtithe leasmhara ar fad. Nuachtlitir leictreonach atá i gceist agus is féidir breathnú uirthi freisin ar láithreán gréasáin CORU. Tá fás tagtha ar an liosta dáileacháin don nuachtlitir ráithiúil ó 500 faighteoir in 2015 go dtí breis is 2,500 in 2016.

Ghlac CORU páirt in 11 Chomhairliúchán Poiblí a bhain go sonrach leis na dréacht-fhodhlíthe in 2016. Ina theannta sin, rinneamar comhairliúcháin lenár bpáirtithe leasmhara agus reáchtálamar grúpaí fócais le dul chun cinn a dhéanamh ar ár gcuid oibre maidir leis an Ráiteas Straitéise, 2017-2021. Ghlac CORU páirt i mbreis is 20 imeacht faisnéise agus éisteachta ar fud na hÉireann le bliain anuas.

Ghlac CORU páirt i mbreis is 20 imeacht faisnéise agus éisteachta ar fud na hÉireann le bliain anuas.

Cuspóir Straitéiseach 13

Leanúint ar aghaidh ag cur ardchaighdeáin i bhfeidhm i dtaobh rialachas corparáideach agus éifeachtúlacht oibríochtúil

Tá struchtúr rialachais casta faoina chúram ag CORU. Tá sé ríthábhachtach go gcloímid leis na caighdeáin is airde agus go gcuirimid soiléireacht ar fáil maidir le róil agus freagrachtaí chun cinnteoireacht shoiléir a éascú mar aon le comhsheasmhacht sa gcaoi a mbímid ag feidhmiú.

Bíodh is go bhfuil gach Bord Clárúcháin freagrach as a Chlár faoi seach a chur ar bun agus a chothabháil, lena n-áirítear cáilíochtaí oideachais a fhaomhadh, is í an Chomhairle atá freagrach as struchtúir rialachais chorparáidigh, lena n-áirítear cúrsaí airgid agus an córas Feidhmiúlacht chun Cleachtadh a sheachadadh. Dá bhrí sin, is léir go bhfuil idirdheighilt i gceist i dtaobh feidhmeanna, agus ag an am céanna tá an Chomhairle freagrach as an obair a dhéanann na Boird Chlárúcháin a mhaoirsiú agus a chomhordú. Dá bhrí sin, is gá díriú go leanúnach ar phróisis rialachais CORU chun an chothromaíocht cheart a aimsiú ina leith sin.

Tá an-tábhacht ag baint le soiléire na cinnteoireachta, idir an Chomhairle, na Boird Chlárúcháin agus an fhoireann feidhmiúcháin. Sampla maith den chaoi a gcuireann CORU dea-rialachas corparáideach i ngníomh is ea idirdheighilt an phróisis um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh: na daoine atá ar na comhlachtaí cinnteoireachta, ní comhaltaí iad de chuid na Comhairle ná na mBord Clárúcháin.

Cuidíonn an mhaoirseacht a dhéanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, a bhfuil comhaltaí seachtracha den scoth air, lena chinntiú go gcothaítear caighdeáin arda. Thuairiscigh an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais don Chomhairle tar éis gach ceann de na 7 gcruinniú sa bhliain. Reáchtáladh ceardlann ar rioscaí, agus tugadh tuarascálacha ar an gClár Rioscaí don Chomhairle ceithre huaire.

Bíonn an Fhoireann Feidhmiúcháin aireach i gcónaí ar an gcaoi a mbíonn a cuid oibre ar siúl aici agus ar an tionchar féideartha ar dhea-cháil CORU. Tá comhaltaí seachtracha den chéad scoth ar an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, agus cabhraíonn a mhaoirseacht le caighdeáin arda a chinntiú. Thuairiscigh an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais don Chomhairle tar éis gach ceann de na 7 gcruinniú sa bhliain. Reáchtáladh ceardlann ar rioscaí, agus tugadh tuarascálacha ar an gClár Rioscaí don Chomhairle ceithre huaire.

Seirbhísí Corparáideacha

In 2016, lean na Seirbhísí Corparáideacha de bhainistíocht a dhéanamh ar réimsí bunriachtanacha amhail Airgeadas, Acmhainní Daonna, TFC, Cumarsáid, Rialachas Corparáideach, agus Iniúchóireacht Inmheánach chun tacú leis an gComhairle agus leis na Boird Chlárúcháin agus, go háirithe, obair ár gcomhghleacaithe sna réimsí feidhme bunriachtanacha de Chlárú, Aitheantas, Oideachas, agus Gnóthaí Dlíthiúla agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh. Bíonn na réimsí feidhme sin ag obair leis na Boird Chlárúcháin de réir plean oibre bliantúil comhaontaithe chun cabhrú leo a sainordú reachtach a chomhlíonadh.

Airgeadas

Chomhlíon CORU a oibleagáidí airgeadais ar fad in 2016. Trí phleanáil buiséid agus réamhaisnéis i ndáil le caiteachais, d'éirigh linn bainistíocht shlán a dhéanamh ar an gcaiteachas i gcoinne na n-acmhainní a raibh sé beartaithe fáil a bheith orthu. Bhí an Fhoireann Airgeadais ag obair leis an gCoiste Airgeadais agus leis an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais den Chomhairle lena chinntiú go raibh an Chomhairle go hiomlán ar an eolas i rith na bliana.

Tá caidreamh oibre den chéad scoth ag an bhfoireann le hoifigigh sa Roinn Sláinte. Cuireann an Roinn na hacmhainní ar fáil do CORU chun an sainordú neamhspleách atá tugtha dó a chomhlíonadh. Lean an fhoireann d'obair go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí i rith na bliana freisin chun aistriú na heagraíochta chuig Margadh na Feirme a bhainistiú.

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais scoir Bhord na Radharcmheastóirí in 2016. Bhuail ionadaí ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leis an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais den Chomhairle chun tuairisciú ar na cuntais a bhí in ord is in eagar. Ina theannta sin, d'fhaomh an Chomhairle na téarmaí don Ghníomhas Géilliúna maidir le léas Bhord na Radharcmheastóirí ar a oifigí ar Chearnóg Mhic Liam in 2016.

Rinneadh dhá athbhreithniú neamhspleácha agus sheachtracha in 2016. Ba iad sin iniúchadh inmheánach bliantúil ar rialuithe airgeadais mar aon leis an iniúchadh a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Cuireadh cuntais bhliantúla CORU don bhliain 2016 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na scálaí ama a leagtar síos san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005.

Acmhainní Daonna

Tacaíonn an Fhoireann Acmhainní Daonna leis an gcaidreamh le fostaithe, le forbairt beartas, le hearcaíocht agus le roghnú, le cúrsaí cúitimh (párolla, pinsin agus sochair eile), leis an gcóras bainistíochta feidhmíochta agus le forbairt na heagraíochta agus na hacmhainneachta.

In 2016, rinne an Fhoireann Acmhainní Daonna bainistiú ar sheachadadh na foghlama agus na forbartha ar fud na heagraíochta. Tá sé mar bheartas ag CORU infheistíocht straitéiseach a dhéanamh i bhfoghlaim agus i bhforbairt na bhfostaithe le fanacht iomaíoch i margadh an tsaothair agus chun éifeachtúlacht agus inniúlacht san eagraíocht a bharrfheabhsú. Dá bhrí sin, cuireadh oiliúint leanúnach ar fáil do chomhaltaí an Fheidhmeannais agus rinneadh clár oiliúna cuimsitheach maidir le forbairt ceannaireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le rialtóirí eile. Tugadh tacaíocht d'fhostaithe ar leith chomh maith trí chlár tacaíochta acadúla. Ina theannta sin, ghabh comhaltaí na Comhairle, na mBord Clárúcháin agus na gCoistí d'oiliúint phraiticiúil sa rialachas corparáideach agus i réimsí eile a bhaineann go sainiúil lena sainchúram.

Leanadh leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe i rith na bliana. Is seirbhís tacaíochta faoi rún atá ann d'fhostaithe ar fad CORU agus dá dteaghlach. Cuireadh Grúpa Folláine inmheánach ar bun, agus is iad baill foirne atá sa ghrúpa. Tá roinnt tionscnamh tugtha isteach ag an ngrúpa a bhfuil mar aidhm leo stíl mhaireachtála sláintiúil a spreagadh agus feabhas a chur ar neartú foirne agus ar chaidrimh oibre.

42 fostaí lánaimseartha a bhí ag CORU ag deireadh 2016.

Seirbhísí Dlí

In 2016, lean an tAonad Gnóthaí Dlíthiúla de chomhairle agus de chabhair a chur ar fáil d'aonaid feidhme eile in CORU, agus do na Boird Chlárúcháin agus don Chomhairle de réir mar ba chuí.

D'fhaomh an Chomhairle 20 fodhlí in 2016. Ina measc, áirítear na fodhlíthe a bhí riachtanach chun Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí a oscailt agus fodhlíthe maidir le daoine a chur ar ais ar an gclár.

Achomhairc

I bhFeabhra 2016, chuir an Chomhairle Coiste Achomharc ar bun faoi Alt 23 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, ("an tAcht") agus ghlac nósanna imeachta chun an Coiste a rialáil.

Tar éis glaonna ar léirithe spéise, ceapadh comhaltaí chun an Choiste Achomharc i mí Feabhra agus arís i mí Dheireadh Fómhair 2016. Reáchtáladh seisiúin oiliúna do chomhaltaí an Choiste i mí Aibreáin agus i mí na Samhna.

D'éist an Coiste Achomharc dhá achomharc clárúcháin i mí Lúnasa 2016.

Forfheidhmiú

In 2016, d'fhaomh an Chomhairle Próiseas Forfheidhmithe maidir le Soláthar Spéaclaí, agus ghlac beartas freisin maidir le Ceannach Tástála Spéaclaí.

Cuireadh faisnéis maidir le cosaint teidil ar fáil don phobal ar láithreán gréasáin CORU i mí Iúil 2016. Tugadh an fhaisnéis sin chun dáta i mí Dheireadh Fómhair chun faisnéis a chuimsiú ar an bhfeidhm forfheidhmiúcháin faoi mar a bhaineann sé le soláthar spéaclaí.

D'oscail an Fhoireann Forfheidhmiúcháin 22 chomhad ar an iomlán in 2016, agus bhain na comhaid le feidhmeanna forfheidhmiúcháin na Comhairle faoin Acht.

Sláinte agus Sábháilteacht

In 2016, chomhlíon CORU an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus na Rialacháin faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007. Chloíomar leis na beartais agus leis na nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus chuireamar ar fáil oiliúint oiriúnach, cláir feasachta ar an tsábháilteacht agus trealamh cosanta pearsanta.

Saoráil Faisnéise

Faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, ceadaítear rochtain ar fhaisnéis atá i seilbh CORU nach bhfuil ar fáil sa ghnáthchúrsa trí fhoinsí eile. Tugadh freagraí iomchuí ar na hiarrataí a fuaireamar in 2015 agus rinneadh iad a bhainistiú de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 2007 agus 2013. Fuaireamar 1 iarratas amháin um Shaoráil Faisnéise in 2016, agus glacadh i bpáirt leis.

Cosaint Sonraí

Tá CORU cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí de réir an Achta um Chosaint Sonraí, 1988 agus an Achta um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003.

Nochtuithe Cosanta

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá de cheangal ar CORU, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú ina dtugtar sonraí ar an líon nochtuithe cosanta a rinneadh an bhliain roimhe agus an gníomh (más ann) a rinneadh mar fhreagra ar na nochtuithe cosanta sin.

Fuair CORU dhá atreorú forfheidhmiúcháin in 2016 agus caitheadh leo mar Nochtuithe Cosanta laistigh de bhrí an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Rinneadh imscrúdú de réir Phróiseas Forfheidhmiúcháin na Comhairle maidir le Cosaint Teidil sa dá chás. Tar éis do na daoine lena mbaineann comhlíonadh a léiriú, measadh nach raibh gá le haon ghníomh forfheidhmiúcháin eile.

Ullmhúchán d'Aistriú na hOifige in 2017

D'oibrigh CORU i ndlúthchomhar le OOP ar fud 2016 chun ullmhú d'aistriú beartaithe na hoifige go Margadh na Feirme sa tríú ráithe de 2017.

Cumarsáid & Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

Agus muid ag leanúint de Bhoird Chlárúcháin agus de Chláir a oscailt do ghairmithe ainmnithe, tá sé tábhachtach go bhfuil eolas agus tuiscint ag an bpobal agus ag príomhpháirtithe leasmhara eile ar ról CORU. In 2016, lean an tAonad Cumarsáide in CORU dá dhícheall a dhéanamh dul i dteagmháil leis na gairmithe agus lena gcomhlachtaí gairmiúla ar na bealaí is éifeachtaí.

Caidreamh leis na nuachtáin agus leis na meáin

Rinne iriseoirí agus grúpaí meáin éagsúla teagmháil rialta linn i rith na bliana maidir leis an obair a dhéanaimid i gcáil rialtóra agus maidir leis an bpróiseas clárúcháin. Bímid ag obair chun a chinntiú go gcuirtear teachtaireacht CORU ar shúile an phobail ar bhealach comhsheasmhach soiléir.

Bainistíocht foilsitheoireachta agus foilseachán

Cinntíonn CORU gur furasta rochtain a fháil ar a chuid foilseachán. Foilsítear tuarascálacha agus foilseacháin go pras agus féadtar iad a íoslódáil ónár láithreán gréasáin www.coru.ie. Déantar gach iarracht cloí le prionsabail na teanga soiléire inár dtuarascálacha uile. In 2016, bhí baint mhór ag an Aonad Cumarsáide leis an mbainistíocht tionscadail maidir le forbairt agus táirgeadh Ráiteas Straitéise, 2017-2021, de chuid CORU. Bhí baint mhór ag na páirtithe leasmhara ar fad, idir inmheánacha agus sheachtracha, le cur leis an straitéis i dtéarmaí threoir na straitéise agus a raibh ann. Éireoidh le CORU rialáil na ngairmithe ainmnithe a chur i gcrích sna cúig bliana amach romhainn.

Cumarsáid inmheánach

Rinneadh forbairtí móra in 2016 i dtéarmaí rannpháirteachas CORU lenár bpáirtithe leasmhara trínár nuachtlitir inmheánach mhíosúil. Foilsíodh an chéad eagrán tráth ar seoladh an Grúpa Folláine, agus tá an dá thionscnamh tar éis cur go mór leis an meán ina gcuirimid eolas ar fáil do na baill foirne go léir maidir le nuashonruithe ar fud na heagraíochta. Leanamar freisin le nuashonruithe an Athbhreithnithe Ráithiúil le Ginny Hanrahan.

Cumarsáid ar líne / láithreán gréasáin

Leanamar d'fhorbairt a dhéanamh ar ár láithreán gréasáin, agus d'fhéach líon iomlán de 291,735 cuairteoir aonair ar an láithreán gréasáin in 2016. Is méadú 37% é sin ar an líon cuairteoirí in 2015. Astu sin, cuairteoirí nua ar an láithreán gréasáin ab ea 64% díobh, agus bhí 36% díobh ag filleadh ar an láithreán gréasáin arís. As Éirinn do thromlach na gcuairteoirí (78%), agus ó thíortha eile an 22% eile. Bhí aitheantas do cháilíochtaí idirnáisiúnta ar cheann de na topaicí ábhair ba mhó tóir. Maidir le hábhar, bhain na leathanaigh mhóréilimh eile le clárú, agus bhí tóir ar leith ar na céimeanna le clárú agus le hathnuachan ar líne a chur i gcrích. Úsáideadh an fheidhm "Cuardaigh sa Chlár" 50,337 uair idir an 1 Eanáir 2016 agus an 31 Nollaig 2016.

Gnóthaí parlaiminteacha

I rith na bliana, iarradh ar CORU faisnéis a chur isteach i ndáil leis an eagraíocht féin agus leis na Boird Chlárúcháin trí fhreagra a thabhairt ar Cheisteanna Parlaiminteacha ar iarraidh ón Roinn Sláinte agus ón Aire Sláinte. Bhí CORU réamhghníomhach i gcónaí i dtaobh gach ceist a cuireadh air a fhreagairt go pras, cruinn.

Rannpháirteachas agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara

Déanann CORU tréaniarracht dul i ndlúthchomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir lena chinntiú go mbeidh feasacht agus faisnéis chruinn ag gach duine lena mbaineann lena n-áirítear cláraithe, fostóirí, comhlachtaí gairmiúla, oideachasóirí, grúpaí tathanta agus rialtóirí eile. Foilsíonn CORU a nuachtlitir sheachtrach uair sa ráithe ina bhfuil faisnéis ar obair na heagraíochta, agus seoltar an nuachtlitir chuig na páirtithe leasmhara ar fad. Nuachtlitir leictreonach atá i gceist agus is féidir breathnú uirthi freisin ar láithreán gréasáin CORU. Tháinig méadú mór ar lucht léite na nuachtlitreach ó 562 síntiúsóir go dtí 2,703 síntiúsóir faoi dheireadh 2016. Ba mhéadú 380% é sin ar an aimsiú lucht léitheoireachta.

Rinne CORU aon cheann déag de chomhairliúcháin phoiblí in 2016 i ndáil le Fodhlíthe maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár, Fodhlíthe maidir le Toghchán, agus Fodhlíthe maidir le Rialacha na Comhairle agus le Cóid Iompair Ghairmiúil agus Eitice Gairmiúla. Foilsíodh fógraí maidir leis an gcomhairliúchán poiblí sna meáin náisiúnta le linn na bliana chun feasacht a chur chun cinn i measc an phobail agus na ngairmeacha araon.

Foilsíodh fógraí inár nuachtlitir ráithiúla agus ar an leathanach nuachta den láithreán gréasáin maidir le comhairliúcháin eile le páirtithe leasmhara i ndáil le caighdeáin oilteachta, riachtanais maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach, agus ceisteanna eile a bhaineann le cláraithe.

In 2016, mar chuid dár bpróiseas comhairliúcháin chun an chéad Ráiteas Straitéise eile a fhorbairt, rinne an tAonad Cumarsáide éascú le roinnt grúpaí fócais chun aiseolas a bhailiú ónár n-athbhreithneoirí, measúnóirí agus páirtithe leasmhara ó chomhlachtaí gairmiúla éagsúla. Tiomsaíodh aiseolas agus moltaí ó na grúpaí fócais sin, agus úsáideadh an t-aiseolas chun ár Ráiteas Straitéise a fhorbairt.

Anuas ar an rannpháirteachas sin le páirtithe leasmhara, rinne Ginny Hanrahan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus Gillian Ryan, Bainisteoir Cumarsáide, cur i láthair ag imeachtaí, comhdhálacha agus seimineáir lóin éagsúla i rith 2016 chun an fheasacht ar CORU a chur chun cinn agus chun eolas ar ról CORU agus ar an bpróiseas clárúcháin a chur ar fáil do na daoine lenar chasamar. Ar an iomlán, reáchtálamar breis is 40 imeacht nó bhíomar i láthair ann, agus bhí beagnach 1700 duine i gceist leis an lucht féachana féideartha.

An bhliain seo chugainn, déanfaimid ár ndícheall feasacht an phobail ar CORU a mhéadú a thuilleadh.

Coistí na Comhairle

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Líon cruinnithe den Chomhairle iomlán in 2016: 11

Comhaltaí agus freastal ar chruinnithe na comhairle in 2016: Féach Aguisín 1

In 2016, rinne sé choiste píosaí sonracha oibre thar ceann na Comhairle:

- Iniúchóireacht, Riosca agus Rialachas
- Cúrsaí Airgeadais
- Clárú
- Oideachas
- Feidhmiúlacht chun Cleachtadh
- Réamhimeachtaí

An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais

Ról: Is é bunchuspóir an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais struchtúr breithmheasa neamhspleách a chur ar fáil laistigh de CORU chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a nósanna imeachta maidir le rioscaí, rialachas agus rialú inmheánach agus a chreata tuairiscithe airgeadais a thomhas agus a mheasúnú.

Comhaltaí:

De réir na treorach in Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, seachtar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin a bhí ar an gCoiste in 2016. I gcás triúr as an seachtar comhaltaí Coiste sin, ní comhaltaí de chuid CORU iad.

Ní raibh Tony McAleer ina chathaoirleach ar an gComhairle ná ar fhochoiste ar bith eile de CORU nuair a bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

Tugadh cóip de Théarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, ina leagtar amach a údarás agus a dhualgais, do gach comhalta a ceapadh.

Cuireadh oiliúint ionduchtúcháin ar gach comhalta nua de chuid an Choiste.

Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais arna gceapadh ag an gComhairle in 2016: Tony McAleer – Cathaoirleach, an tOllamh Bernard McCartan (d'éirigh sé as an gcoiste nuair a ceapadh é mar Chathaoirleach ar an gComhairle), Odhran Allen, Maeve Murphy, Carmel Smith (ceaptha i mí Dheireadh Fómhair 2016) (Comhaltaí Comhairle); Harry McGeary, Martin O'Sullivan, Declan Purcell, (Comhaltaí neamhspleácha).

Líon cruinnithe in 2016: 7
Freastal: Aguisín 2

Téarmaí tagartha:

Ba cheart na téarmaí tagartha seo a léamh i gcomhar leis na Buan-Orduithe agus na rialacha ginearálta a bhfuil feidhm acu maidir le Coistí na Comhairle.

Is í an Chomhairle a cheapfaidh comhaltaí na gCoistí agus beidh triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin neamhspleácha ar a laghad i gceist leo, agus comhalta seachtrach amháin ar a laghad ina measc. Beidh taithí airgeadais ábhartha, a fuarthas le déanaí, ag comhalta amháin ar a laghad. Ní fhéadfar aon chomhaltaí den Choiste Feidhmiúcháin a cheapadh ina gcomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta.

Is í an Chomhairle a cheapfaidh Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

Tiocfaidh an Coiste Iniúchóireachta le chéile 4 huaire sa bhliain ar a laghad agus bítear ag súil leis go ndéanfaidh na comhaltaí uile gach iarracht freastal ar na cruinnithe go léir. 40% de chomhaltaí an choiste i láthair is córam don choiste.

Is ról maoirseachta go príomha atá ag an gCoiste Iniúchóireachta. Go sonrach, faoi Alt 23(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (an tAcht), comhlíonfaidh an Coiste na feidhmeanna seo a leanas:

1. Comhairle a thabhairt don Chomhairle agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (ina cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta) maidir le ceapadh iniúchóirí inmheánacha, pleananna agus táillí iniúchóireachta inmheánaí a fhaomhadh, tuairiscí a fháil ar phlean oibre na hiniúchóireachta inmheánaí, agus gníomhartha cuí a bhreithniú ag éirí as na tuairiscí sin.
2. Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Comhairle, gan dochar, ina caidreamh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, mar iniúchóir seachtrach CORU, agus athbhreithniú a dhéanamh ar litreacha bainistíochta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar aon tuarascálacha eile agus tuairisciú orthu sin don Chomhairle, de réir mar is cuí.
3. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad dréacht de ráitis airgeadais reachtúla bhliantúla CORU roimh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tús a chur lena hiniúchadh.
4. Sula síneoidh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais agus tar éis dó tuarascáil iniúchóra a fháil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (lena n-áirítear an dréachtleagan den Litir Bhainistíochta uaidh más infheidhme) agus tuarascáil an iniúchóra inmheánaigh a fháil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, i leith na bliana, déanfaidh an Coiste breithniú agus tuairisciú don Chomhairle ar cibé an bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh nó nach bhfuil:
   a. Tá próiseas stuama i bhfeidhm chun na ráitis airgeadais a ullmhú;
   b. Comhlíonann na beartais chuntasaíochta a glacadh na ceanglais ábhartha;
   c. Tugtar léargas cóir sna ráitis airgeadais ar staid airgeadais na Comhairle don bhliain airgeadais;
   d. Tá an Litir Uiríll do na hiniúchóirí cruinn ceart.
5. Athbhreithniú a dhéanamh ar Thuarascáil Bhliantúil na Comhairle ó thaobh rialachais agus rialaithe airgeadais de agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (ina cháil mar an Oifigeach Cuntasaíochta), de réir mar is iomchuí.
6. Breithniú an leordhóthanach iad na próisis bainistíochta riosca i leith na rioscaí go léir dá bhfuil an Chomhairle nochta agus ceadóidh sé bearta chun iad a dhíchur nó a mhaolú, nó, i gcás ina measann an Coiste go bhfuil saincheisteanna suntasacha beartais i gceist, molfaidh sé go gceadóidh an Chomhairle iad. Áirítear leis sin:
   a. Monatóireacht leanúnach ar chur i bhfeidhm Bheartas Bainistíochta Rioscaí CORU agus ar an athbhreithniú air sin;
   b. Breithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na n-acmhainní chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus faoi phróisis bainistíochta rioscaí;
   c. Athbhreithnithe leanúnacha ar an gclár rioscaí.

7. Comhairle a chur ar fáil ar chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais CORU, féachaint an leor nó nach leor an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais agus an dtugann nó nach dtugann an córas tuairiscithe inmheánaigh airgeadais luathrabhadh maidir le clistí rialaithe agus rioscaí atá ag teacht chun cinn;
8. Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le ceisteanna rialachais chorparáidigh (gan dochar do chumhacht an Choiste moltaí a dhéanamh don Chomhairle maidir le saincheisteanna rialachais chorparáidigh ag eascairt as obair na n-iniúchóirí);
9. Feidhmeanna sannta eile arna sainordú ag an gComhairle ó am go chéile a chomhlíonadh;
10. Athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtacht féin ar bhonn rialta agus torthaí an athbhreithnithe a thuairisciú don Chomhairle agus d'Oifigeach Cuntasaíochta na Comhairle;
11. Tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a thabhairt don Chomhairle ina ndéantar athbhreithniú ar fheidhmíocht an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais agus lena gcuimseofar measúnú ar obair an Choiste;
12. Gníomh a ghlacadh maidir le moladh ar bith ón gComhairle tar éis an athbhreithnithe ar thuarascáil bhliantúil an Choiste;
13. Próiseas ionduchtúcháin foirmiúil a chur ar fáil do gach comhalta nua arna gceapadh ar an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais;
14. Taifid iomchuí a choimeád ar obair an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.
15. Athbhreithniú a dhéanamh ar riosca(í) a bhaineann le cosaint sócmhainní caipitil CORU, agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle de réir mar is gá agus is iomchuí.

Údarás

1. Tá sé d'údarás ag an gCoiste aon fhaisnéis atá de dhíth air a lorg ó aon duine d'fhoireann CORU;
2. Tá sé d'údarás ag an gCoiste fiosrú a dhéanamh i dtaobh aon ghníomhaíocht a thagann faoina chuid Téarmaí Tagartha agus féadfaidh sé comhairle dlí nó comhairle eile a fháil ó ghairmithe seachtracha neamhspleácha ina leith sin.

Príomhghníomhaíochtaí in 2016:

- Bainistíocht Rioscaí – rinneadh athbhreithniú ar an gClár Rioscaí, reáchtáladh ceardlann ar rioscaí, agus tugadh tuarascálacha don Chomhairle ar an gClár Rioscaí.
- Rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas trealaimh do chruinnithe gan pháipéar
- Ráitis Airgeadais – faomhadh na dreáchtráitis airgeadais reachtúla bhliantúla
- Iniúchadh seachtrach ag an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste – rinneadh athbhreithniú ar an iniúchadh agus ar chur i bhfeidhm na moltaí
- Iniúchadh inmheánach – faomhadh plean iniúchta inmheánaigh CORU
- Iniúchadh inmheánach – athbhreithniú ar chlárú
- Iniúchadh inmheánach – rinneadh monatóireacht ar an iniúchadh leanúnach ar TF
- Athbhreithniú ar na Córais Airgeadais Inmheánacha – faomhadh leasuithe ar na beartais agus ar na nósanna imeachta airgeadais.
- Rinneadh athbhreithniú ar Bhuanorduithe nuashonraithe na Comhairle

An Coiste Airgeadais

Ról: Is é bunchuspóir an Choiste Airgeadais struchtúr breithmheasa neamhspleách a chur ar fáil laistigh de CORU chun a fheidhmíocht airgeadais, agus an leithdháileadh acmhainní agus buiséad a thomhas agus a mheasúnú.

Comhaltaí:

Ní raibh Joe Martin ina chathaoirleach ar an gComhairle ná ar fhochoiste ar bith eile de CORU nuair a bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais.

Tugadh cóip de Théarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, ina leagtar amach a údarás agus a dhualgais, do gach comhalta a ceapadh.

Cuireadh oiliúint ionduchtúcháin ar gach comhalta nua de chuid an Choiste.

Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste Airgeadais arna gceapadh ag an gComhairle in 2016:

Joe Martin – Cathaoirleach, Inez Bailey, Dermott Jewell agus Paul Lyng.

Líon cruinnithe in 2016: 4
Freastal: Aguisín 2

Téarmaí tagartha:

Ba cheart na téarmaí tagartha seo a léamh i gcomhar leis na Buan-Orduithe agus na rialacha ginearálta a bhfuil feidhm acu maidir le Coistí na Comhairle.

Tá an Coiste Airgeadais curtha ar bun ag an gComhairle chun na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh:

- Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar bhainistíocht straitéiseach airgeadais agus acmhainní ag CORU. Is é an Feidhmeannas a ghlacfaidh cinntí oibriúcháin laethúla agus a chinnfidh leithdháileadh na n-acmhainní laistigh de pharaiméadair an bhuiséid agus an phlean gnó.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar bhailiú, infheistíocht, iasacht agus eisíoc an airgid ar fad arna fháil.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le hioncam/caiteachas buiséid mar seo a leanas:
  - monatóireacht a dhéanamh ar ioncam/caiteachas buiséid faofa de chuid CORU agus tuairisciú don Chomhairle i leith na nithe sin, béim a leagan agus tuairimí a léiriú ar éagsúlachtaí agus ar an ngníomh beartaithe arna ghlacadh ag an bhFeidhmeannas de réir mar is cuí;
  - athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas caipitiúil agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle de réir mar is gá agus is iomchuí;
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar aighneachtaí maidir leis an mBuiséad agus leis an bPlean Gnó arna gcur faoi bhráid na Roinne Sláinte mar seo a leanas:
  - Athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí faoin mbuiséad agus faoin bplean gnó ón bhFeidhmeannas ar bhealach tráthúil agus moltaí a dhéanamh de réir mar is gá agus is iomchuí.
- Feidhmeanna sannta eile arna sainordú ag an gComhairle ó am go chéile a chomhlíonadh.

Príomhghníomhaíochtaí in 2016:

- Rinneadh athbhreithniú agus anailís ar fheidhmíocht airgeadais CORU 2016 i rith na bliana.
- Rinneadh athbhreithniú ar bhuiséad CORU do 2017 agus faomhadh an buiséad.
- Rinneadh measúnú ar an gcaoi ar caitheadh le míreanna oidhreachta ag eascairt as an gcónascadh le Bord na Radharcmheastóirí, amhail an Gníomhas Géilliúna.
- Athbhreithniú ar thaistil idirnáisiúnta an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin in 2017 chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann CORU agus bealach a chur ar fáil chun monatóireacht agus breithniú a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar threochtaí idirnáisiúnta san earnáil rialála.
- Ceistíodh na costais a bhí ag teastáil chun sainordú reachtach CORU a sheachadadh.

An Coiste Clárúcháin

Ról: Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le clárú.

Comhaltaí:

Marie Culliton (Cathaoirleach), Halóg Mellett, Joe Martin, Maeve Murphy, (Comhaltaí Comhairle), Norma Judge (Comhalta an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta), James Forbes (Comhalta Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh), Damhnait Gaughan (Comhalta neamhspleách).

Líon cruinnithe in 2016: 5
Freastal: Aguisín 2

Téarmaí tagartha:

- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le forbairt beartais i ndáil le gach ábhar a bhaineann le clárú agus fanacht chun cinn ar gach forbairt sa réimse sin.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar bheartas a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí neamhnáisiúnta agus stádas Údaráis Inniúil faoi Threoir 2005/36/CE agus aon Treoracha ábhartha eile a leanann.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le déileáil le hiarratasóirí ar chlárú.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le dearbhú cáilíochta an chórais clárúcháin.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le Rialacha a dhéanamh faoi Alt 22 a bhaineann leis na hábhair seo a leanas:
  - Cothabháil cheart agus éifeachtach na gClár, lena n-áirítear nósanna imeachta
  - Na sonraí maidir le cláraitheoirí atá le hiontráil sna Cláir mar aon lena n-ainmneacha
  - Cláir a dheighilt i roinnteáin shonracha le haghaidh catagóirí éagsúla cláraitheoirí.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle de réir mar is iomchuí maidir le Fodhlíthe a fhaomhadh i leith na nithe seo a leanas:
  - Iarratais ar chlárú
  - Iarratais ar dhaoine a chur ar ais ar an gClár
  - Coinníollacha clárúcháin i roinnteán den chlár más údaraithe ag an gComhairle
  - Critéir chun daoine a chur ar ais ar an gClár.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm Chuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (arna leasú), 2005.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le rialáil na ngairmeacha ainmnithe san Acht agus cibé gairmeacha eile a chuirfear leis.
- Rioscaí agus aon bhearta maolaithe le déanamh a bhreithniú agus a athbhreithniú. I gcás ina n-aithnítear rioscaí clárúcháin, plean a leagan amach faoi conas déileáil leis na rioscaí sin nó conas iad a laghdú nó deireadh a chur leor nuair is féidir agus comhairle dá réir a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.
- Athbhreithniú a dhéanamh go bliantúil ar Théarmaí Tagartha an Choiste agus moltaí a thabhairt don Chomhairle maidir leis de réir mar is iomchuí.
- Tuairisciú don Chomhairle go rialta maidir le gníomhaíochtaí an Choiste.

Príomhghníomhaíochtaí in 2016:

- Athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Choiste Clárúcháin
- Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na 66 moladh san Iniúchadh ar an bPróiseas Clárúcháin le D'Arcy Lynch, 2014
- Breithniú ar impleachtaí na Treorach Leasaithe maidir le Cáilíochtaí
- Athbhreithniú agus Sruthlíniú ar an bPróiseas Athnuachana Bliantúil
- Breithniú ar an gClár Rioscaí Clárúcháin
- Athbhreithniú ar fhodhlíthe a bhaineann le clárú
- Athbhreithniú ar athruithe ar an bpróiseas grinnfhiosrúcháin ag eascairt as an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2016.
- Faomhadh an Phróisis chun Iarratas a Tharraingt Siar
- Athbhreithniú leanúnach ar nósanna imeachta agus ar phróisis athnuachana agus anailís orthu sin a bhaintear den Chlár toisc nár íoc siad na táillí athnuachana.
- Athbhreithniú ar an Measúnú ar an bPróiseas chun Inniúlacht Ghairmiúil a chur i gcrích
- Faomhadh an Bheartais Athbhreithnithe maidir le hIdirthréimhse Clárúcháin do Chleachtóirí Reatha (chun meicníochtaí clabhsúir a chuimsiú)
- Breithniú ar Théarmaí Tagartha an Iniúchta Clárúcháin agus athbhreithniú ar na moltaí ón iniúchadh sin
- Breithniú ar na saincheisteanna a bhaineann le tús a chur le ríomh-ghrinnfhiosrú
- Breithniú ar na himpleachtaí a bhaineann le baill foirne bhreise a earcú go hinmheánach chun an próiseas clárúcháin a éascú
- Faomhadh na comhairle a tugadh do chláraithe nua maidir leis na doiciméid chlárúcháin a chur ar taispeáint agus le húsáid a n-uimhreach clárúcháin
- Breithniú tosaigh ar na saincheisteanna a bhaineann le rialáil síceolaithe
- Breithniú ar athruithe ar an bhFoirm um Fhilleadh ar Chleachtadh agus faomhadh na n-athruithe sin chun comhlíonadh na bhFodhlíthe um Fhilleadh ar Chleachtadh a áirithiú
- Breithniú ar athruithe ar an mBeartas um Dhaoine Cuí Oiriúnacha ag eascairt as gné na gciontuithe spíonta de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016, agus faomhadh na n-athruithe sin.
- Breithniú ar an mbeartas maidir le húsáid breathnóirí le haghaidh Trialacha Inniúlachta (faoi Threoir 2005/36/CE)

An Coiste Oideachais

Ról: Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le hoideachas.

Comhaltaí:

Comhaltaí Comhairle: Jackie Reed* (Cathaoirleach go dtí Samhain 2016); David Irwin (Cathaoirleach ó Nollaig 2016); Peter Davison*; Odhrán Allen; Halóg Mellett; John O'Mullane**, Caroline McIntosh**. Comhaltaí seachtracha Lorraine Horgan*; Ann Taylor*; Ann Kearney**; Carmel Kearns**; Marion O'Rourke**.

** Tháinig deireadh le téarma an chomhalta seo le linn na bliana.*

***Thosaigh céad téarma an chomhalta seo tar éis an chéad chruinnithe den bhliain.*

Líon cruinnithe in 2016: 5
Freastal: Aguisín 2

Téarmaí tagartha:

- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le beartas agus próisis a fhorbairt agus a athbhreithniú le haghaidh faomhadh agus monatóireacht clár oideachais agus oiliúna faoi Chuid 5 den Acht
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le critéir a fhorbairt agus a athbhreithniú le haghaidh faomhadh agus monatóireacht clár oideachais agus oiliúna faoi Chuid 5 den Acht
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le creat-chaighdeáin oilteachta do ghairmeacha a fhorbairt agus a athbhreithniú faoin Acht
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle i ndáil le Beartas faoin bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach a fhorbairt agus a athbhreithniú
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le haon treoirlínte a d'fhéadfadh sí a eisiúint do na Boird Chlárúcháin i ndáil le hoideachas, oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach cláraitheoirí
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le haon rioscaí a d'fhéadfadh éirí as na beartais a bhaineann le (i) faomhadh agus monatóireacht ar oiriúnacht leanúnach clár oideachais agus oiliúna agus (ii) Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, agus comhairle a thabhairt don bhainistíocht faoi aon rioscaí a aithnítear.

Príomhghníomhaíochtaí in 2016:

- Treoir do sholáthraithe oideachais maidir le Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna
- Próisis athbhreithnithe faofa agus monatóireachta – Treoir le haghaidh Clár Oideachais agus Oiliúna
- Mapáil ar phróisis inmheánacha faofa agus monatóireachta agus taifeadadh ar nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin
- Beartas agus próisis chun Foirne Athbhreithniúcháin a earcú, a roghnú, agus oiliúint a chur orthu
- Comhdhéanamh, próifílí róil agus oiliúint athbhreithnithe le haghaidh Foirne Athbhreithniúcháin
- Rinneadh go leor oibre maidir le forbairt na samhla iniúchóireachta don fhorbairt ghairmiúil leanúnach le haghaidh chláraithe na mBord Clárúcháin ar fad
- Comhaontaíodh prionsabail chun iniúchadh ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chur i bhfeidhm le haghaidh gach boird clárúcháin
- Breithniú ar thuarascáil ón Aonad Oideachais maidir le comhthéacs reatha na hoibre cúraim shóisialaigh

An Coiste Comhairleach um Chleachtadh Gairmiúil

Ról: Tacú le hoibriú agus forbairt leanúnach na feidhme um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

Comhaltaí:

Deirdre Madden, (Cathaoirleach), Bernard McCartan*, Cormac Quinlan, David Irvin, Marie Culliton**, Mo Flynn, Shane McCarthy, (Comhaltaí Comhairle)

**D'éirigh as an gCoiste ar a cheapachán mar Chathaoirleach ar an gComhairle*

***Tháinig deireadh leis an téarma ar an gCoiste i Samhain 2016.*

Líon cruinnithe in 2016: 4
Freastal: Aguisín 2

Príomhghníomhaíochtaí in 2016:

Na nithe seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- Nósanna Imeachta an Choiste Achomharc
- Nósanna Imeachta na gCoistí Fiosrúcháin
- Riail maidir le Fáil agus Taifeadadh Fianaise ag Coiste Fiosrúcháin
- Beartas maidir le costais dhlíthiúla

Téarmaí tagartha:

- Cabhrú leis an gComhairle monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar aon leasuithe ar nósanna imeachta agus próisis an Choiste Smachta chun déileáil le Gearáin, Fiosruithe agus Smacht faoi Chuid 6 den Acht thar ceann na Comhairle,
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le forbairt beartais a bhaineann le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh faoi Chuid 6 den Acht, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas sin,
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le ceisteanna rialachais ag éirí as Cuid 6 den Acht agus go háirithe ar bhainistiú cheapachán na gcomhaltaí chun na gCoistí Smachta,
- Faisnéis oibríochtúil ag eascairt as próisis an Choiste Réamhimeachtaí agus na gCoistí Fiosrúcháin,
- Cabhrú leis an gComhairle ina cuid cumarsáide maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh,
- Comhairle a thabhairt maidir le forbairt an Chreata don Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice, agus athbhreithniú a dhéanamh air, thar ceann na Comhairle,
- Comhairle a thabhairt maidir le próisis agus nósanna imeachta a bhunú agus a athbhreithniú chun déileáil le hiarratasóirí ar chlárú nó ar aitheantas a dhéanann achomharc i gcoinne cinntí i ndáil le clárú nó le haitheantas,
- Comhairle a thabhairt maidir le beartais, próisis agus nósanna imeachta a bhunú agus a athbhreithniú ag éirí as cumhacht reachtach na Comhairle imeachtaí achoimre a thabhairt agus a ionchúiseamh i ndáil le cion ar bith faoin Acht,
- Comhairle a thabhairt maidir le treoirlínte chun fodhlíthe a dhéanamh i ndáil le spéaclaí a dhíol agus a oideasú.

Faofa ag an gComhairle ag a cruinniú ar an 5 Bealtaine 2016.

An Coiste Réamhimeachtaí

Ról: Is coiste imscrúdúcháin é an Coiste Réamhimeachtaí atá curtha ar bun ag CORU, mar a fhoráiltear le reachtaíocht, chun gearáin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a bhreithniú maidir le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Cuireadh an Coiste Réamhimeachtaí ar bun faoi Chuid 6 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú), a tháinig i bhfeidhm an 31 Nollaig 2014.

Déanann an Coiste Réamhimeachtaí breithniú ar gach gearán, agus glacann sé cinneadh maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- an gearán a chur ar aghaidh lena réiteach trí idirghabháil, nó
- an gearán a chur ar aghaidh lena éisteacht ag Coiste Fiosrúcháin, nó
- gan beart eile a ghlacadh.

Go príobháideach a bhíonn an Coiste Réamhimeachtaí ina suí, agus féadfaidh sé roinnt gearán a bhreithniú ag aon chruinniú amháin.

Príomhghníomhaíochtaí in 2016:

Fuair CORU 27 gearán nua maidir le hábhar a bhain le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh in 2016. As na gearáin a fuair CORU in 2015, lean 33 díobh isteach in 2016.

Ballraíocht

Cheap an Chomhairle na comhaltaí seo a leanas don Choiste Réamhimeachtaí in 2016:

Reáchtáladh imeachtaí oiliúna don Choiste Réamhimeachtaí in Aibreán agus i Samhain 2016. In 2016, tháinig an Coiste le chéile 10 n-uaire chun gearáin a fuair CORU a bhreithniú.

Comhaltaí Nach Cláraithe Iad:
Joe Masterson, Frank Martin agus Mark Thompson Grolimund

Comhaltaí atá Cláraithe mar Oibrí Sóisialach:
Colm Lehane, Patricia Sheehan

Comhaltaí atá Cláraithe mar Optaiméadraí:
Joan Ryan

Comhaltaí atá Cláraithe mar Theiripeoir Ceirde:
Philomena Dunne

Comhalta Cláraithe de na Bia-Eolaithe:
Sharon Patton

Comhalta Cláraithe de na Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga:
Maeve Cleary

Comhaltaí Reatha an Choiste Réamhimeachtaí:

Comhaltaí Nach Cláraithe Iad:
Katharine Bulbulia (Cathaoirleach), Mark Kane (Cathaoirleach malartach), Ailís Ní Riain, Eamon Naughton, Fionnuala Cook, Sean O'Meara

Comhaltaí atá Cláraithe mar Radagrafaí:
Jacqui McGovern, Siobhan Higgins

Comhaltaí atá Cláraithe mar Theiripeoir Radaíochta:
Derry McCarthy, Laura Mullaney, Ruth Woods

Comhaltaí atá Cláraithe mar Oibrí Sóisialach:
Freda McKittrick, Gloria Kirwan, Mary Fennessy, Shane Donnelly

Comhaltaí atá Cláraithe mar Optaiméadraí:
Michael Moore

Comhaltaí atá Cláraithe mar Theiripeoir Ceirde:
Sile Rose Henehan

An Coiste Achomharc

Bunú:

Chuir an Chomhairle an Coiste Achomharc ar bun ag a cruinniú an 25 Feabhra 2016.

Comhaltaí:

Comhaltaí Comhairle a ceapadh chun a bheith ionadaitheach do leas an phobail:
Shane Mc Carthy, David Irwin, Dermot Jewell, Laura Phelan, Joe Martin.

Comhaltaí gairmiúla na Comhairle:
Tony Mc Aleer, Caroline Mc Intosh.

Comhaltaí nach bhfuil ar an gComhairle:
Gloria Kirwan (Oibrí sóisialaigh), John Leinster (Oibrí sóisialaigh), Paul Hersee (Radharceolaí urghnamha), Fiona Armstrong (Teiripeoir ceirde), David Cullinane (Optaiméadraí), Michelle Mossop (Radagrafaí), Rachel Leonard (Teiripeoir urlabhra agus teanga), Fiona Coughlan-Younge (Teiripeoir radaíochta).

Nósanna imeachta:

D'fhaomh an Chomhairle na nósanna imeachta maidir le rialú an Choiste Achomharc ag a cruinniú i mí Feabhra 2015 mar seo a leanas:

Nósanna imeachta na Comhairle maidir le rialú an choiste achomharc de bhun alt 23 (6) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) ("an tAcht").

1. Déanann an Chomhairle na nósanna imeachta seo a leanas maidir le rialú an Choiste Achomharc de bhun Alt 23(6) den Acht (na "Nósanna imeachta").
2. An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (an "Chomhairle") a chuireann an Coiste Achomharc ar bun de bhun alt 23 den Acht chun a cumhachtaí a fheidhmiú agus a feidhmeanna a chomhlíonadh faoi alt 42B agus alt 43 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, arna leasú ("an tAcht").
3. Déantar an ceanglas i leith dheimhniú ghníomhartha an Choiste Achomharc faoi alt 23(5) a ligean thar ceal.
4. Tabharfaidh an Coiste Achomharc tuairisc don Chomhairle a luaithe is féidir tar éis iarratas a éisteacht faoi alt 42B nó alt 43 den Acht.
5. Téarma oifige dhá bhliain ó dháta a cheapacháin a bheidh ag gach comhalta den Choiste Achomharc, ach amháin i gcás ina gcinneann an Chomhairle a mhalairt. D'fhonn amhras a sheachaint, i gcás ina bhfuil an comhalta den Choiste Achomharc ina chomhalta den Chomhairle, tiocfaidh deireadh lena théarma oifige mar chomhalta den Choiste Achomharc nuair a thiocfaidh deireadh lena théarma mar chomhalta den Chomhairle, beag beann ar fhad a cheapacháin mar chomhalta den Choiste Achomharc. Ní fhéadfaidh comhalta ar bith den Choiste Achomharc a bheith i seilbh oifige mar chomhalta den Choiste Achomharc ar feadh breis is dhá théarma as a chéile.
6. Suífidh an Coiste Achomharc i bpainéil de thriúr comhaltaí i gcás iarratas á éisteacht faoi alt 42B nó alt 43 den Acht.
7. Ar gach painéal, beidh:
   - Comhalta den Chomhairle ar ceapadh chun na Comhairle é mar ionadaí do leas an phobail faoi alt 9(3)(b)(iv) agus a bheidh ina Chathaoirleach ar an bpainéal;
   - Comhalta den Chomhairle ar ceapadh chun na Comhairle é mar "chomhalta gairmiúil" laistigh de bhrí alt 9 den Acht agus a bhaineann le gairm eile seachas gairm an Achomharcóra;
   - Duine nach comhalta den Chomhairle é a bhaineann leis an ngairm céanna leis an Achomharcóir.
8. Éistfidh an Coiste Achomharc iarratais faoi alt 42B agus alt 43 den Acht de réir Nós Imeachta Achomharc na Comhairle arna leasú ag an gComhairle ó am go chéile.
9. Déanfar athbhreithniú ar na Nósanna Imeachta sin gach dhá bhliain.
10. Ní mheasfar go gcuireann na Nósanna Imeachta seo srian ar bith ar an gComhairle ná teorainn ar bith léi maidir le comhlíonadh a feidhmeanna ná feidhmiú a cumhachtaí faoi alt 42B nó alt 43 den Acht.

Príomhghníomhaíochtaí in 2016:

D'éist an Coiste Achomharc dhá iarratas achomhairc ar chlárú in 2016.

Coistí Fiosrúcháin (an Coiste Iompair Ghairmiúil agus an Coiste Sláinte)

Ról: Má chinntear gur gá beart eile a ghlacadh maidir le gearán i ndáil le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh Cláraí, d'fhéadfadh Coiste Fiosrúcháin an gearán a éisteacht. D'fhéadfadh Coiste Iompair Ghairmiúil nó Coiste Sláinte a bheith ann.

Triúr a bheidh ar an gCoiste Fiosrúcháin (an Coiste Iompair Ghairmiúil nó an Coiste Sláinte, ag brath ar nádúr an ghearáin):

- aon chláraí amháin ón ngairm chéanna leis an gcláraí a ndearnadh an gearán ina choinne,
- aon chláraí amháin ó ghairm eile
- aon duine amháin nach cláraí é (Cathaoirleach).

Beidh an éisteacht cosúil le héisteacht os comhair Cúirte nó Binse Fiosrúcháin. Ag an éisteacht, éisteann an Coiste Iompair Ghairmiúil nó an Coiste Sláinte fianaise ó na páirtithe sa ghearán agus is é a chinneann ar deireadh, tar éis an fhianaise a bhreithniú, an ann d'fheidhmiúlacht chun cleachtadh lagaithe i gcás an chláraí a ndearnadh an gearán ina thaobh.

Tionóltar éisteachtaí an Choiste Iompair Ghairmiúil go poiblí de ghnáth. Tionóltar éisteachtaí an Choiste Sláinte go príobháideach de ghnáth.

Comhaltaí:

Bhunaigh an Chomhairle an Coiste Iompair Ghairmiúil agus an Coiste Sláinte in 2016, agus cheap sí na comhaltaí seo a leanas chun an Choiste Iompair Ghairmiúil:

Comhaltaí Nach Cláraithe Iad:
Bryan Hume (Cathaoirleach), Geraldine Feeney, Mary Fletcher Smith, Georgina Farren, Mary McAleer.

Comhaltaí atá Cláraithe mar Optaiméadraí:
Mark Daly

Comhaltaí atá Cláraithe mar Theiripeoir Ceirde:
Alice Gormley

Comhalta Cláraithe de na Radagrafaithe:
Shane Foley

Comhalta Cláraithe de na Teiripeoirí Radaíochta:
Anita O'Donovan

Comhaltaí atá Cláraithe mar Oibrí Sóisialach:
Declan Carey, Ruth More O'Ferall

Comhalta Cláraithe de na Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga:
Neva Watchorn

Comhalta de na Bia-eolaithe:
Siobhan Julian

Cheap an Chomhairle na comhaltaí seo a leanas chun an Choiste Sláinte:

Comhaltaí Nach Cláraithe Iad:

Kristin Quinn (Cathaoirleach), Graham Knowles, Martin Lawlor, John Byrne

Comhalta Cláraithe de na Radagrafaithe:
Una Murphy

Comhalta Cláraithe de na Teiripeoirí Radaíochta:
Raymond Power

Comhaltaí atá Cláraithe mar Oibrí Sóisialach:
Aine McGuirk, Cleo Yates

Comhaltaí atá Cláraithe mar Optaiméadraí:
John Weldon

1 Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe in 2016, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2016, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

Réamhrá

Bliain mhór ab ea 2016 do bhia-eolaithe. Nuair a tháinig deireadh leis an idirthréimhse chlárúcháin do chleachtóirí reatha, cuireadh tús leis an gcosaint don teideal "bia-eolaí" agus tugadh isteach Forbairt Ghairmiúil Leanúnach éigeantach don ghairm.

Tá cosaint dlí ag an teideal 'bia-eolaí' in Éirinn ón 31 Deireadh Fómhair 2016. Is iad na daoine a rinne iarratas (cleachtóirí reatha) nó a chláraigh le CORU, agus na daoine sin amháin, atá i dteideal dul i mbun cleachtaidh faoin teideal. Tá foráil do chosaint an teidil le fáil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

Is dul chun cinn an-mhór do ghairm na mbia-eolaithe in Éirinn atá sa chlárú. Cuirtear in iúl don phobal leis go bhfuil baill na gairme cáilithe agus go bhfuil ceangal orthu caighdeáin a chomhlíonadh ina gcleachtas faoina dtugtar tús áite do chúram agus do shábháilteacht an phobail.

Amhail ar an 31 Nollaig 2016, bhí 546 bia-eolaí cláraithe le CORU. Táimid ag súil le dul ag obair leis na cláraithe sin lena chinntiú go ndéantar na caighdeáin is airde ó thaobh cúram othar de a sheachadadh go comhsheasmhach.

Mar ullmhúchán do dheireadh na hidirthréimhse, rinneadh forbairtí tábhachtacha eile in 2016 ó thaobh rialáil bia-eolaithe de. Lean an Bord de theagmháil a dhéanamh leis an bpobal, le fostóirí agus le baill na gairme trí chomhairliúcháin phoiblí éagsúla.

Cabhraigh na comhairliúcháin phoiblí sin le forbairt roinnt fodhlíthe, agus le faomhadh beartas agus caighdeán,
mar shampla:

- An Fodhlí maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh
- An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú
- An Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh ar Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe
- Creat-bheartas don Phainéal Measúnóirí.

Tháinig deireadh le téarmaí oifige roinnt comhaltaí Boird le linn na bliana, agus reáchtáladh toghcháin i measc cláraithe chun a gcomharbaí a thoghadh. Tar éis an toghcháin, chuireamar fáilte roimh Suzanne Doyle, Ruth Charles, Mary Flynn agus Halóg Mellett mar chomhaltaí Boird linn. Ceapfaidh an tAire Sláinte beirt eile leis na folúntais eile a líonadh in am agus i dtráth.

Ba bhreá linn ár mbuíochas a ghlacadh leis na comhaltaí sin den Bhord Clárúcháin ar tháinig deireadh lena dtéarma in 2016 – Clare Corish agus Fiona Ward. Aithnímid sár-obair agus dúthracht na gcomhaltaí Boird reatha agus na gcomhaltaí Boird a bhí ann roimhe seo i rith bhlianta tosaigh an Bhoird Clárúcháin, agus gabhaimid buíochas leo as a seirbhís thiomanta.

Ba mhór an onóir a bhí ann na bunchlocha a leagan síos le haghaidh rialáil na gairme le blianta beaga anuas, agus is údar mór sásaimh é an Clár iomlán a fheiceáil ar bun. Táimid ag súil le bheith ag obair leis an ngairm agus le bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara arís in 2017 agus muid ag leanúint dár gcuid oibre ar rialáil reachtúil bia-eolaithe.

Elizabeth Barnes

Cathaoirleach
Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe

Ginny Hanrahan

Cláraitheoir
Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe

Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe i **bhFeabhra 2013** ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- oideachas agus oiliúint na gairme
- cleachtadh na gairme

Tháinig Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe le chéile 8 n-uaire in 2016.

Bhí trí fholúntas ar Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe ag deireadh 2016.

Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan síos
- na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

Fodhlíthe

Rinne an Bord an Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh ar Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe. Tá foráil san fhodhlí seo do thoghadh seisear comhaltaí gairmiúla den Bhord i dtrí chatagóir.

Rinne an Bord comhairliúchán poiblí maidir leis an bhFodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus leis an bhFodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú. Bhreithnigh an Bord an tuarascáil ar an gcomhairliúchán agus d'fhaomh an Fodhlí lena chur faoi bhráid na Comhairle. Leagtar amach sna Fodhlíthe sin na critéir a bhaineann le daoine a chur ar ais ar an gClár i gcás inar baineadh den chlár iad.

Toghcháin

Foilsíodh fógra maidir le comhaltaí a thoghadh lena gceapadh ar Bhord Clárúcháin na mBia-Eolaithe agus iarratas ar ainmniúcháin comhaltaí le haghaidh trí chatagóir toghcháin in The Irish Times agus ar an láithreán gréasáin www.coru.ie ar an 28 Deireadh Fómhair 2016.

Ba é meán lae, an 18 Samhain 2016, an dáta deiridh a glacadh le hainmniúcháin.

Measadh comhaltaí mar a bheith tofa in dhá chatagóir toghcháin (Catagóir 1 agus Catagóir 3) mar bhí an líon ainmniúchán ní bá lú ná nó cothrom leis an líon folúntas sna catagóirí sin.

Catagóir 1

Dearbhaíodh go raibh aon iarrthóir amháin ainmnithe go bailí agus measadh an t-iarrthóir sin mar a bheith tofa i gCatagóir 1: Cláraithe atá ag gabháil do chleachtadh na gairme.

Atoghadh Halóg Mellett sa chatagóir seo.

Tá beirt chomhaltaí eile le ceapadh ag an Aire faoi Alt 28 (6) chun an t-easnamh sa líon cláraithe tofa a chúiteamh.

Catagóir 2

Dearbhaíodh go raibh triúr iarrthóirí ainmnithe go bailí agus dearbhaíodh na hiarrthóirí sin mar a bheith tofa i gCatagóir 2: Cláraithe ag gabháil do bhainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm.

Ós rud é gur mhó an líon iarrthóirí i gCatagóir 2 ná an líon folúntas, reáchtáladh toghchán ar an 20 Nollaig 2016. Toghadh Ruth Charles agus Mary Flynn sa chatagóir seo.

Catagóir 3

Dearbhaíodh go raibh aon iarrthóir amháin ainmnithe go bailí agus measadh an t-iarrthóir sin mar a bheith tofa i gCatagóir 3: Cláraithe ag gabháil d'oideachas agus oiliúint a chur ar dhaoine i gcleachtadh na gairme.

Toghadh Suzanne Doyle sa chatagóir seo.

Clárú

Osclaíodh an Clár do bhia-eolaithe ar an 31 Deireadh Fómhair 2014. Tar éis oscailt an Chláir, lean idirthréimhse dhá bhliain do bhia-eolaithe a bhí i mbun cleachtaidh cheana féin le hiarratas ar chlárú a chur isteach. Bhí gá leis an tréimhse sin chun deis a thabhairt do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ionas go bhféadfadh an Bord a bheith deimhin gur chomhlíonadar na ceanglais. Ina theannta sin, ba é an t-aon deis amháin é do chleachtóirí nach raibh cáilíochtaí ceadaithe acu an tráth sin chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse ar an 31 Deireadh Fómhair 2016.

Bhí líon iomlán de 546 bia-eolaí cláraithe le Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe amhail ar an 31 Nollaig 2016.

Táthar fós ag obair ar iarratais nua ar chlárú a phróiseáil. Ní mór don Bhord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú. I gcás iarratasóirí:

- ní mór dóibh a bheith ina ndaoine cuí oiriúnacha chun an ghairm a chleachtadh.

Ina gcás siúd atá ag baint leas as na socruithe idirthréimhseacha:

- ní mór cáilíocht riachtanach mar atá liostaithe san Acht a bheith acu nó measúnú rathúil ar a n-inniúlacht ghairmiúil a bheith déanta
- ní mór dóibh a bheith i mbun cleachtaidh sa Stát i gcaitheamh na gcúig bliana sular osclaíodh an Clár.

I gcás iontrálaithe nua:

- ní mór cáilíocht fhaofa a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU
- ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Ní mór do gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Faoi Nollaig 2016:

- d'fhág ceathrar bia-eolaithe an Clár as a stuaim féin
- níor baineadh bia-eolaí ar bith den Chlár toisc nár íoc siad na táillí

Tá Clár na mBia-Eolaithe le fáil ar líne ag www.coru.ie.

Údarás Inniúil

Ina cháil mar Údarás Inniúil, déanann an Bord a bhreithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárú. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

I gcás ina mbíonn éagsúlachtaí móra (easnaimh mhóra) ann idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin oilteachta, is gá aon oideachas breise agus oiliúint bhreise, agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar bearta cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun triail inniúlachta a ghlacadh.

Cheadaigh Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe 21 iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2016, agus níor iarradh ar iarratasóir ar bith bearta cúitimh a ghlacadh.

Gníomhaíochtaí beartais

I mí Eanáir, d'fhaomh an Bord an Creat-bheartas athbhreithnithe don Phainéal Measúnóirí. Leagtar amach sa bheartas seo na critéir chun measúnóirí a earcú agus a roghnú mar aon lena ról agus lena bhfreagrachtaí, agus leagtar amach ann an Cód Iompair do Mheasúnóirí.

Is é an Bord a cheapann measúnóirí agus déanann siad tascanna thar ceann an Bhoird. Cuireann siad moltaí ar fáil ar raon ceisteanna lena n-áirítear cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint, iarratais, agus measúnuithe ar inniúlacht ghairmiúil.

Comhaltaí

Elizabeth Barnes*

Cathaoirleach
Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse
D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 8 gcruinniú Boird

Teresa Bruen

Ionadaí Leasa Pobail
D'fhreastail ar 3 chruinniú as 4 chruinniú Boird

Ruth Charles

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse
D'fhreastail ar 1 cheann amháin as 1 chruinniú Boird amháin

David Cunningham

Ionadaí Bainistíochta Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta
D'fhreastail ar 1 cheann amháin as 8 gcruinniú Boird

John Hanily

Ionadaí Leasa Pobail
D'fhreastail ar 3 chruinniú as 4 chruinniú Boird

Nick Kennedy

Ionadaí Tríú Leibhéal
D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú Boird

Cliodhna McDonough

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh
D'fhreastail ar 2 chruinniú as 8 gcruinniú Boird

Denise McGrath

Ionadaí Leasa Pobail
D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú Boird

Halóg Mellett

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh
D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 8 gcruinniú Boird

Tony Morris

Ionadaí Bainistíochta Sláinte Poiblí/Cúraim Shóisialaigh
D'fhreastail ar 3 chruinniú as 4 chruinniú Boird

Anthony Smith

Ionadaí Leasa Pobail
D'fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú Boird

Fiona Ward

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh
D'fhreastail ar 1 cheann amháin as 1 chruinniú Boird amháin

Freastal ar chruinnithe in 2016

	24/02	22/03	24/04	19/05	20/07	27/09	18/10	16/11
Elizabeth Barnes*	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Teresa Bruen	N	N	N	N	✗	✓	✓	✓
Ruth Charles	✓	N	N	N	N	N	N	N
David Cunningham	✓	✗	✗	✗	✗	✗	✗	✗
John Hanily	N	N	N	N	✗	✓	✓	✓
Nick Kennedy	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Cliodhna McDonough	✗	✗	✓	✓	✗	✗	✗	✗
Denise McGrath	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗
Halóg Mellett	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Tony Morris	N	N	N	N	✓	✗	✓	✓
Anthony Smith	✗	✓	✓	✗	✓	✗	✓	✓
Fiona Ward	✓	N	N	N	N	N	N	N

Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:

- ✓ d'fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- N Ní raibh ar an gComhairle/ar an mBord ar an dáta seo
- É D'éirigh as
- B Stádas breathnóra

2 Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine in 2016, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2016, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

Réamhrá

An 9 Samhain 2016, dheimhnigh an tAire Sláinte, Simon Harris T.D., bunú Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine agus ceapachán comhaltaí chun an Bhoird, faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú). Tionóladh an chéad chruinniú den Bhord ar an 30 Samhain 2016.

Tá freagracht reachtúil ar Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine ag CORU as na nithe seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- cúrsaí oiliúna do na gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh faoin Acht a mheas agus a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- an cód iompair ghairmiúil agus eitice agus na caighdeáin feidhmíochta a leagan amach ar gá d'Eolaithe Míochaine cloí leo.

Is ann d'oscailteacht agus do chuntasacht níos mó don phobal mar thoradh ar an rialáil reachtúil, agus neartaítear cultúr inniúlachta agus Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do ghairmithe. Forbairt mhaith is ea an t-aistriú i dtreo clárú reachtúil, agus bíonn ról bunriachtanach aige sin ó thaobh tacú le caighdeáin ghairmiúla de. Is iad na cleachtóirí a chloíonn leis na caighdeáin atá leagtha amach ag Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine, agus na cleachtóirí sin amháin, a bheidh i dteideal dul i mbun cleachtaidh faoin teideal. Ar an ábhar sin, neartófar agus feabhsófar muinín an phobail as an ngairm.

In 2017, déanfaidh Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine dul chun cinn ar obair i roinnt réimsí tábhachtacha, agus beidh an obair sin ina bunchloch do rialáil na gairme. Ba bhreá linn ár mbuíochas a ghlacadh leis na Comhaltaí Boird as a dtiomantas don ról i rith bhlianta tosaigh an Bhoird Clárúcháin.

Beidh comhairliúcháin phoiblí maidir le bunghnéithe den réim rialála nua ina gcuid mhór dár ngníomhaíocht in 2017, agus táimid ag súil le bheith ag obair leis an ngairm agus le bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara agus muid ag leanúint dár gcuid oibre ar rialáil reachtúil eolaithe míochaine.

Pauline Treanor

Cathaoirleach
Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine

Ginny Hanrahan

Cláraitheoir
Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine

Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine i **Samhain 2016**.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Comhaltaí tuata is ea seachtar de na comhaltaí a ceapadh, agus comhaltaí de chuid na gairme is ea an seisear eile, a bhíonn ag gabháil do na réimsí seo a leanas:

- oideachas agus oiliúint na gairme
- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- cleachtadh na gairme

Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine ag CORU freagrach as na nithe seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan amach
- na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

Bhí aon fholúntas amháin ar Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine ag deireadh 2016.

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí in 2016

Tháinig an Bord le chéile uair amháin in 2016. Ag an gcéad chruinniú den Bhord ar an 30 Samhain 2016, agus i gcomhréir leis an nós imeachta comhaontaithe, bhí crannchur ann le cinneadh cibé acu an téarma trí bliana nó ceithre bliana a bheadh ag comhaltaí an Bhoird.

D'fhaomh an Bord an nós imeachta chun Cathaoirleach a thoghadh freisin. Toghadh Pauline Treanor ina Cathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine, agus beidh sí i seilbh oifige ar feadh téarma dhá bhliain. Beidh sí ar an mBord ar feadh tréimhse ceithre bliana.

Comhaltaí an Bhoird

Marie Culliton

Ag gabháil don bhainistíocht

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

Cliodhna Foley-Nolan

Rannpháirteach i mbainistiú sláinte poiblí / cúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

Mary Hunt

Rannpháirteach in oideachas na sláinte / an chúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

Vincent Hunt

Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

Bernadette Jackson

Ag gabháil don chleachtadh

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

Wendy Kennedy

Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

Helen Lambkin

Ag gabháil d'oideachas na gairme

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

Muiris O'Ceidigh

Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

John O'Loughlin

Ag gabháil don bhainistíocht

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

Brendan O'Reilly

Ag gabháil do chleachtadh na gairme

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

Irene Regan

Ag gabháil don chleachtadh

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

Pauline Treanor*

Cathaoirleach

Rannpháirteach i mbainistiú sláinte deonaí/príobháidí, cúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

Freastal ar chruinnithe in 2016

	30/11
Marie Culliton	✓
Cliodhna Foley-Nolan	✓
Mary Hunt	✓
Vincent Hunt	✓
Bernadette Jackson	✓
Wendy Kennedy	✓
Helen Lambkin	✓
Muiris O'Ceidigh	✓
John O'Loughlin	✓
Brendan O'Reilly	✓
Irene Regan	✓
Pauline Treanor	✓

3 Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde in 2016, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2016, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

Réamhrá 2016

Rinneadh dul chun cinn mór in 2016 ar an aistear i dtreo rialáil reachtúil do theiripeoirí ceirde, agus tá áthas orainn an cuntas seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde a chur i láthair.

Bhí 586 teiripeoir ceirde ar Chlár Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde ag deireadh 2016. Is é an 31 Márta 2017 an spriocdháta do chleachtóirí reatha iarratas ar chlárú a dhéanamh, agus leanfaimid de bheith ag obair i gcomhar leis an ngairm agus an spriocdháta ag druidim linn. Tá comhaltaí go léir an Bhoird Clárúcháin ag súil leis an 31 Márta a bhaint amach, tráth a dtabharfar chosaint dlí don teideal “teiripeoir ceirde”.



Cuirfear le stádas na gairme mar thoradh ar rialáil na dteiripeoirí ceirde agus, an rud is tábhachtaí, cuirfear an pobal ar a suaimhneas go gcloíonn teiripeoirí ceirde cláraithe le caighdeáin fhaofa shonracha.

Thug an Bord Clárúcháin faoi fheachtas comhairliúcháin phoiblí in 2016 maidir le roinnt fodhlíthe, lena n-áirítear:

- An Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde
- An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár
- An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú.

Cuirfear na Fodhlíthe sin faoi bhráid na Comhairle lena bhfaomhadh in 2017.

Ina theannta sin, rinne an Bord Clárúcháin athbhreithniú ar Chreat-bheartas athbhreithnithe don Phainéal Measúnóirí agus d'fhaomh an Creat-bheartas sin. Leagtar amach sa bheartas seo na critéir chun measúnóirí a earcú agus a roghnú mar aon lena ról agus lena bhfreagrachtaí. Leagtar amach an Cód Iompair do Mheasúnóirí ann freisin.

Ba bhreá linn ár mbuíochas a ghlacadh le comhaltaí an Bhoird as a n-iarracht chomhoibríoch agus as a gcúnamh i rith na bliana. Go háirithe, ba bhreá linn buíochas a ghlacadh leis na comhaltaí sin ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige in 2016, mar atá Gaynor Beyer, Tina McGrath, Lana O'Gorman, Anne-Maree Quinn agus Elena Secas. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don tacaíocht go léir a thug an Chomhairle agus an Fhoireann Feidhmiúcháin ag CORU d'obair an Bhoird.

Táimid ag súil le bheith ag obair leis an ngairm agus le bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara arís in 2017 de réir mar a dhéantar dul chun cinn níos mó ó thaobh rialáil teiripeoirí ceirde de ar mhaithe le leas an phobail.

Clodagh Nolan

Cathaoirleach
Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde

Ginny Hanrahan

Cláraitheoir
Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde

Cúlra

Cheap an tAire Sláinte comhaltaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde i mí Feabhra 2013 ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- oideachas agus oiliúint na gairme
- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- cleachtadh na gairme.

Is í Clodagh Nolan an Cathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde faoi láthair.

Tháinig Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde le chéile naoi n-uaire in 2016.

Bhí ceithre fholúntas ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde ag deireadh 2016.

Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag na Boird Chlárúcháin an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan síos
- na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

Fodhlíthe

Rinne an Bord an Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde.

Rinne an Bord comhairliúchán poiblí i ndáil leis an dá Fhodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú. Bhreithnigh an Bord an tuarascáil ar an gcomhairliúchán agus d'fhaomh an Fodhlí lena chur faoi bhráid na Comhairle lena fhaomhadh. Leagtar amach sna Fodhlíthe sin na critéir a bhaineann le daoine a chur ar ais ar an gClár i gcás inar baineadh den chlár iad.

Clárú

Osclaíodh an Clár do theiripeoirí ceirde ar an 31 Márta 2015. Tá idirthréimhse dhá bhliain i gceist tar éis oscailt an Chláir inar féidir le teiripeoirí gairme atá ag cleachtadh cheana féin iarratas a dhéanamh ar chlárú. Tá gá leis an tréimhse sin chun deis a thabhairt do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ionas gur féidir leis an mBord a bheith deimhin go gcomhlíonann siad na ceanglais. Ina theannta sin, is é an t-aon deis amháin é do chleachtóirí nach bhfuil cáilíochtaí atá ceadaithe faoi láthair acu chun iarratas a dhéanamh ar chlárú. Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse sin ar an 31 Márta 2017.

Bhí líon iomlán de 583 teiripeoir ceirde cláraithe le Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde amhail ar an 31 Nollaig 2016.

Táthar fós ag obair ar iarratais ar chlárú a phróiseáil. Ní mór don Bhord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú. I gcás iarratasóirí:

- ní mór dóibh a bheith ina ndaoine cuí oiriúnacha chun an ghairm a chleachtadh.

Ina gcás siúd atá ag baint leas as na socruithe idirthréimhseacha:

- ní mór cáilíocht riachtanach mar atá liostaithe san Acht a bheith acu nó measúnú rathúil ar a n-inniúlacht ghairmiúil a bheith déanta
- ní mór dóibh a bheith i mbun cleachtaidh sa Stát i gcaitheamh na gcúig bliana sular osclaíodh an Clár.

I gcás iontrálaithe nua:

- ní mór cáilíocht fhaofa a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU
- ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Ní mór do gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Faoi Nollaig 2016:

- d'fhág triúr theiripeoir ceirde an Clár as a stuaim féin
- níor baineadh teiripeoir ceirde ar bith den Chlár toisc nár íoc siad na táillí.

Tá Clár na dTeiripeoirí Ceirde le fáil ar líne ag www.coru.ie.

Údarás Inniúil

Ina cháil mar Údarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 52 iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2016.

I gcomhréir le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach, d'aithin an Bord 51 cáilíocht agus cheangail sé ar aon iarratasóir amháin beart cúitimh a ghlacadh chun dul i ngleic le heasnaimh a aithníodh ar a cháilíocht. Nuair a bhíonn aitheantas tugtha do cháilíocht idirnáisiúnta ag an Údarás Inniúil, ansin tá an té a bhain amach an cháilíocht sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

Gníomhaíochtaí beartais

Rinne an Bord athbhreithniú ar Chreat-bheartas athbhreithnithe don Phainéal Measúnóirí agus d'fhaomh an Creat-bheartas sin. Leagtar amach sa bheartas seo na critéir chun measúnóirí a earcú agus a roghnú mar aon lena ról agus lena bhfreagrachtaí, agus leagtar amach ann an Cód Iompair do Mheasúnóirí.

Is é an Bord a cheapann measúnóirí agus déanann siad tascanna thar ceann an Bhoird. Cuireann siad moltaí ar fáil ar raon ceisteanna lena n-áirítear cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint, iarratais, agus measúnuithe ar inniúlacht ghairmiúil.

Comhaltaí an Bhoird

Odhrán Allen

Ag gabháil do chleachtadh na gairme

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú

Patrick Benson

Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú

Gaynor Beyer

Ag gabháil do bhainistiú na gairme

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

June Boulger

Rannpháirteach i mbainistiú sláinte poiblí / cúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 9 gcruinniú

Aisling Culhane

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 3 chruinniú

Richard Hammond

Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú

Ailish Kelly

Ag gabháil do bhainistiú na gairme

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 9 gcruinniú

Catherine McCabe

Rannpháirteach in oideachas sláinte agus cúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú

Tina McGrath

Ag gabháil do chleachtadh na gairme

D'fhreastail ar aon chruinniú amháin as aon chruinniú amháin

Clodagh Nolan

Cathaoirleach

Ag gabháil d'oideachas na gairme

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú

Lana O'Gorman

Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar 0 cruinniú as aon chruinniú amháin

Maire O'Leary

Rannpháirteach i mbainistiú sláinte deonaí/príobháidí, cúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 9 gcruinniú

Ann-Maree Quinn

Ag gabháil do chleachtadh na gairme

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú

Elena Secas

Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 6 chruinniú

Freastal ar chruinnithe in 2016

	14/01	18/02	12/04	10/05	14/06	12/07	13/09	10/11	05/12
Odhrán Allen	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✓	✓
Patrick Benson	N	N	N	N	N	N	✓	✓	✓
Gaynor Beyer	✓	N	N	N	N	N	N	N	N
June Boulger	✗	✗	✓	✗	✓	✗	✗	✓	✗
Aisling Culhane	N	N	N	N	N	N	✓	✓	✗
Richard Hammond	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✓	✓
Ailish Kelly	✓	✗	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✗
Catherine McCabe	N	N	N	N	N	N	✓	✓	✓
Tina McGrath	✗	N	N	N	N	N	N	N	N
Clodagh Nolan*	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Lana O'Gorman	✗	N	N	N	N	N	N	N	N
Máire O'Leary	✓	✗	✗	✗	✓	✗	✗	✓	✓
Anne-Maree Quinn	✓	✓	N	N	N	N	N	N	
Elena Secas	✗	✗	✓	✓	✓	✗	N	N	N

Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:

- ✓ d'fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- N Ní raibh ar an gComhairle/ar an mBord ar an dáta seo
- É D'éirigh as
- B Stádas breathnóra

4 An Bord Clárúcháin Súil-Liachta

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta in 2016, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2016, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) (an tAcht).

Réamhrá

Tá áthas orainn an cuntas seo ar ghníomhaíochtaí an Bhoird Clárúcháin Súil-Liachta in 2016 a chur i láthair. Tá an Bord freagrach as oideachas gairmiúil, iompar, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a leagan síos agus a chur chun cinn i measc radharceolaithe urghnamha agus optaiméadraithe.

Bhí 179 radharceolaí urghnamha agus 792 optaiméadraí cláraithe leis an mBord Clárúcháin Súil-Liachta ag deireadh mhí na Nollag 2016. Tá an Clár le feiceáil ar www.coru.ie, agus is féidir leis an bpobal an clár a sheiceáil le fáil amach an bhfuil radharceolaí urghnamha nó optaiméadraí cláraithe agus a bheith muiníneach go mbaineann an duine sin le gairm ag a bhfuil na caighdeáin riachtanacha iompair agus feidhmíochta.

Gné bhunriachtanach dár ról is ea sábháilteacht an phobail agus cosaint úsáideoirí seirbhíse agus, chun an pobal a chosaint, is gá dúinn freastal ar an ngairm atá á rialáil againn trína chinntiú go mbíonn caighdeán oideachais na gairme sin á chosaint againn.

Bhí an Bord Clárúcháin Súil-Liachta ag obair ar na Critéir agus na Caighdeáin Oilteachta don Oideachas agus don Oiliúint a fhorbairt in 2016. Is iad sin na riachtanais chun cláir oideachais do radharceolaithe urghnamha agus d'optaiméadraithe a cheadú. Mic léinn a n-éiríonn leo ar chlár faofa, comhlíonann siad an caighdeán oilteachta don ghairm agus bíonn siad i dteideal iarratas a dhéanamh go gcuirfear ar an gClár iad. Baintear leas as na Critéir agus na Caighdeáin Oilteachta freisin chun an inniúlacht ghairmiúil a mheas agus chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát. Tar éis comhairle ó shaineolaithe, comhairliúcháin agus breithniú mionsonraithe, d'fhaomh an Bord na Caighdeáin Oilteachta agus na Sain-Chritéir Ghairme do Radharceolaithe Urghnamha agus d'Optaiméadraithe.

Tar éis obair ullmhúcháin fhorleathan lena n-áirítear comhairliúchán poiblí, bhreithnigh agus d'fhaomh an Bord dhá fhodhlí i rith na bliana maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh agus maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú. Cuirfear na Fodhlíthe sin faoi bhráid na Comhairle lena bhfaomhadh in 2017.

Ba bhreá linn ár mbuíochas a ghlacadh le comhaltaí an Bhoird as a dtiomantas i rith na bliana.

Táimid ag súil le bheith ag obair leis an ngairm agus le bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara arís in 2017 agus muid ag leanúint dár gcuid oibre an pobal a chosaint le caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn.

Peter McGrath

Cathaoirleach
An Bord Clárúcháin
Súil-Liachta

Ginny Hanrahan

Cláraitheoir
An Bord Clárúcháin
Súil-Liachta

Cúlra

Cheap an tAire Sláinte an Bord Clárúcháin Súil-Liachta eatramhach an **9 Aibreán 2014**. Tionóladh an chéad chruinniú ar an 20 Bealtaine 2014, agus tháinig an Bord le chéile sé huaire in 2014 agus faoi dhó in 2015 sula ndearna an tAire an t-ordú chun an Bord Clárúcháin Súil-Liachta a chur ar bun i bhFeabhra 2015.

Tionóladh an chéad chruinniú reachtúil den Bhord Clárúcháin Súil-Liachta ar an 24 Márta 2015.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile, ceathrar optaiméadraithe agus beirt radharceolaithe urghnamha a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- oideachas agus oiliúint na gairme
- cleachtadh na gairme.

Bhí aon fholúntas amháin ar an mBord ag deireadh 2016.

Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá an Bord Clárúcháin Súil-Liachta ag CORU freagrach as na nithe seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan síos
- na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

Fodhlíthe

I mí Aibreáin, rinne an Bord comhairliúchán poiblí i ndáil leis an bhFodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus leis an bhFodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú. Bhreithnigh an Bord an tuarascáil ar an gcomhairliúchán agus d'fhaomh an Fodhlí lena chur faoi bhráid na Comhairle. Leagtar amach sna Fodhlíthe sin na critéir a bhaineann le daoine a chur ar ais ar an gClár i gcás inar baineadh den chlár iad.

Oideachas

I mí na Bealtaine, d'fhaomh an Bord na Caighdeáin Oilteachta do Radharceolaithe Urghnamha.

I mí an Mheithimh, d'fhaomh an Bord na Caighdeáin Oilteachta do Radharceolaithe Urghnamha atá i dteideal lionsaí tadhaill a fheistiú. D'fhaomh an Bord na Caighdeáin Oilteachta d'Optaiméadraithe freisin. Is iad na caighdeáin oilteachta na bunchaighdeáin chleachtais arna leagan amach ag Bord Clárúcháin le haghaidh cleachtas sábháilte éifeachtach. Cuimsítear leis na caighdeáin oilteachta sonraí ar an eolas agus ar na scileanna atá riachtanach do na cláraithe ar fad.

D'fhaomh an Bord na sainchritéir ghairme do radharceolaithe urghnamha agus d'optaiméadraithe in 2016. Tá cur síos sna Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna ar an gcaoi a ndéanann an soláthraí oideachais gnóthachtáil na gcaighdeán oilteachta a éascú agus a mheasúnú.

Clárú

Aistríodh an Clár ó Bhord na Radharcmheastóirí in 2015. Cuireadh an obair sin i gcrích in 2016.

Táthar fós ag obair ar iarratais nua ar chlárú a phróiseáil. Ní mór don Bhord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú.

I gcás iontrálaithe nua:

- ní mór cáilíocht fhaofa a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU
- ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát
- ní mór dóibh a bheith ina ndaoine cuí oiriúnacha chun an ghairm a chleachtadh.

Ní mór do gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Bhí 792 optaiméadraí urghnamha cláraithe faoi dheireadh na bliana 2016. Bhí 179 radharceolaí urghnamha cláraithe freisin lenar cuimsíodh 103 cláraithe sa rannán ginearálta agus 76 cláraithe i rannán na lionsaí tadhaill.

Faoi Nollaig 2016:

- d'fhág seachtar cláraithe an Clár as a stuaim féin
- baineadh cúigear cláraithe den Chlár toisc nár íoc siad na táillí

Tá Clár na nOptaiméadraithe agus Clár na Radharceolaithe Urghnamha le fáil ar líne ag www.coru.ie.

Údarás Inniúil

Ina cháil mar Údarás Inniúil, déanann an Bord a bhreithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárú. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

I gcás ina mbíonn éagsúlachtaí móra (easnaimh mhóra) ann idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin oilteachta, is gá aon oideachas breise agus oiliúint bhreise, agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar bearta cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó triail inniúlachta a ghlacadh.

Cheadaigh an Bord 17 n-iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2016. Optaiméadraithe a bhí i gceist le haon duine déag díobh sin, agus radharceolaithe urghnamha a bhí i gceist le seisear. Iarradh ar seachtar iarratasóirí eile bearta cúitimh a ghlacadh. Optaiméadraithe a bhí i gceist le cúigear díobh sin, agus radharceolaithe urghnamha a bhí i gceist le beirt. Dhiúltaigh an Bord Clárúcháin Súil-Liachta d'aon iarratas amháin ar aitheantas do cháilíocht ghairmiúil.

Gníomhaíochtaí beartais

I mí Feabhra, d'fhaomh an Bord Clárúcháin Súil-Liachta an Beartas maidir leis an bPainéal Measúnóirí agus d'fhaomh an Bord measúnóirí lena gceapadh don phainéal. Leagtar amach sa bheartas seo na critéir chun measúnóirí a earcú agus a roghnú mar aon lena ról agus lena bhfreagrachtaí, agus leagtar amach ann an Cód Iompair do Mheasúnóirí.

Comhaltaí an Bhoird

Owen Blee

Ag gabháil do chleachtadh na gairme

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 8 gcruinniú

Seamus Boland

Rannpháirteach sa bhainistiú sláinte deonaí/príobháidí agus cúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 8 gcruinniú

Martin Coyne

Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú

Majella Daly

Rannpháirteach i mbainistiú sláinte poiblí / cúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú

Peter Davison

Rannpháirteach in oideachas na sláinte / an chúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú

Eilis Dolan English

Ag gabháil do bhainistiú na gairme

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú

John Doran

Ag gabháil d'oideachas na gairme

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú

Charles Irwin

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú

Norma Judge

Ag gabháil do chleachtadh na gairme

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú

Patricia Logan

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 1 chruinniú amháin as 6 chruinniú

Peter McGrath *

Cathaoirleach

Ag gabháil do bhainistiú na gairme

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 8 gcruinniú

Ann Sheehan

Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú

Vivienne Starr

Ag gabháil do chleachtadh na gairme

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 8 gcruinniú

Freastal ar chruinnithe in 2016

	23/02	05/04	11/05	21/06	19/07	20/09	26/10	29/11
Owen Blee	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Seamus Boland	✓	✗	✓	✗	✓	✓	✗	✗
Martin Coyne	✗	✓	✓	✗	✓	✗	✓	✓
Majella Daly	✓	✓	✓	✗	✓	✗	✗	✓
Peter Davison	✓	✓	✓	✗	✗	✓	✓	✓
Éilis Dolan-English	✓	✓	✗	✓	✗	✗	✓	✓
John Doran	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗
Charles Irwin	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Norma Judge	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗
Patricia Logan	✓	✗	✗	✗	✗	✗	É	É
Peter McGrath*	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Ann Sheehan	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✗
Vivienne Starr	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓

Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:

- ✓ d'fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- N Ní raibh ar an gComhairle/ar an mBord ar an dáta seo
- É D'éirigh as
- B Stádas breathnóra

5 Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí in 2016, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2016, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

Réamhrá

Is ann d'oscailteacht agus do chuntasacht níos mó don phobal mar thoradh ar an rialáil reachtúil, agus neartaítear cultúr inniúlachta agus Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do ghairmithe.

D'oscail Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí an Clár d'fhisiteiripeoirí ar an 30 Meán Fómhair 2016 chun iarratas a dhéanamh ar chlárú reachtúil. Ba chinneadh casta é sin don Bhord, agus glacadh an cinneadh tar éis breithniú fada agus plé casta ar go leor saincheisteanna. Aithníonn an Bord go bhfuil páirtithe leasmhara áirithe míshásta i gcónaí, agus tá an Bord ag leanúint de bheith ag obair le gach páirtí leasmhar chun réiteach a aimsiú.

Tá idirthréimhse chlárúcháin dhá bhliain ag cleachtóirí reatha anois, agus ní mór dóibh cur isteach ar chlárú sa tréimhse sin sula dtabharfar cosaint dlí don teideal ‘fisiteiripeoir’.

Tar éis cinneadh a ghlac an t-iar-Aire Sláinte, Leo Varadkar T.D., ag tús 2016 agus i gcomhaontú leis an Aire Sláinte reatha, Simon Harris T.D., déanfar úsáideoirí cáilithe an teidil ‘teiripeoir fisiciúil’ a rialáil agus a ligean isteach ar an gClár freisin nuair a rithfear reachtaíocht chun clárú na gcleachtóirí sin a cheadú agus chun cosaint dlí a thabhairt don teideal ‘teiripeoir fisiceach’.

Is é Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí an tÚdarás Inniúil ainmnithe don ghairm ó Mheán Fómhair 2016 i leith. Daoine ar mian leo dul i mbun oibre in Éirinn mar fhisiteiripeoirí agus a bhfuil cáilíochtaí ó lasmuigh den Stát acu, ní mór dóibh iarratas a chur isteach chuig an mBord anois go n-aithneofaí a gcáilíochtaí sular féidir leo iarratas a dhéanamh ar chlárú. Tá an Bord freagrach freisin as an gcárta gairmí Eorpach a eisiúint d’fhisiteiripeoirí a chomhlíonann na critéir riachtanacha.

Tá obair ollmhór déanta ag an mBord lena chinntiú gur cuireadh an creat riachtanach ar bun chun tacú leis an gClár. Aithnímid fisiteiripeoirí atá i mbun cleachtaidh, a bhfostóirí agus go leor daoine eile a bhí rannpháirteach san aistear i dtreo clárú reachtúil. Ghlac siad páirt ghníomhach in obair an Bhoird trí chomhairliúcháin leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara, agus chabhraigh siad leis an gcóras clárúcháin reachtúil atá i bhfeidhm faoi láthair a chruthú. Sampla maith den chur chuige sainchomhairleachta comhoibritheach sin is ea an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice d’Fhisiteiripeoirí lena dtacaítear le rialáil na gairme.

Ba bhreá linn ár mbuíochas a ghlacadh le comhaltaí go léir an Bhoird as a n-iarracht chomhoibríoch agus as a gcúnamh i rith na bliana. Táimid ag súil le bheith ag obair lena chéile arís in 2017 agus muid ag leanúint dár gcuid oibre i dtreo na rialála reachtúla.

Anne Horgan

Cathaoirleach
Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí

Ginny Hanrahan

Cláraitheoir
Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí

Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí ar an **20 Bealtaine 2014** ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí. Tháinig an Bord le chéile 9 n-uaire in 2016.

Tá foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) do cheapadh 13 chomhalta dheonacha chun an Bhoird. Ní íoctar luach saothair le comhaltaí an Bhoird ach amháin rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- oideachas agus oiliúint na gairme
- cleachtadh na gairme.

Bhí trí fholúntas ar an mBord ag deireadh 2016.

Ar an 22 Meitheamh 2016, athcheapadh Anne Horgan don dara téarma as a chéile mar Chathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí.

Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan síos
- na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

Fodhlíthe

D'fhaomh an Bord na fodhlíthe seo a leanas le linn na bliana.

- An Fodhlí um Iarratas ar Chlárú ó Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí, 2016 (I.R. Uimh. 496 de 2016)
- An Fodhlí um Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí, 2016 (I.R. Uimh. 497 de 2016)
- An Fodhlí um Fhilleadh ar Chleachtadh de chuid Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí, 2016 (I.R. Uimh. 498 de 2016).

Reáchtáiltear comhairliúcháin phoiblí chun tuairimí ar na dréacht-fhodhlíthe ar fad a fháil ó pháirtithe leasmhara, an pobal, baill den ghairm, comhlachtaí gairmiúla agus fostóirí. Cuirtear gach tuairim agus dearcadh san áireamh agus déanann an Bord a bhreithniú ar na Fodhlíthe, tar éis chomhaontú na Comhairle, sula nglactar gach cinneadh críochnaitheach.

I dteannta na bhFodhlíthe thuasluaite, rinne an Bord comhairliúchán poiblí in 2016 i ndáil leis an bhFodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus leis an bhFodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú. Glacfar cinneadh i leith na bhFodhlíthe sin in 2017.

Cosaint Teidil

I mí Feabhra, scaipeadh ar an mBord cinneadh an Aire cosaint a thabhairt don teideal 'teiripeoir fisiciúil'.

Bhí cinneadh an Aire bunaithe ar na forálacha sa Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice le cosaint iomchuí an phobail a chinntiú. Tháinig cinneadh an Aire salach ar thuairim an Bhoird agus níor cuireadh san áireamh ann moladh iomlán an Bhoird.

Rinne an Bord athbhreithniú ar an gcinneadh a fuarthas ón Aire ina leith sin agus bhí comhfhreagras fada mionsonraithe idir an dá pháirtí, mar aon le cruinnithe duine le duine idir an Cathaoirleach agus an Cláraitheoir leis an Roinn Sláinte agus le comhlachtaí gairmiúla na bpáirtithe leasmhara maidir le cosaint an teidil agus leis na forálacha chun teiripeoirí fisiciúla a chlárú.

An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice

Chuir an Bord i gcrích a bhreithniú ar an dréacht-Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice in 2015. Tar éis don Aire cinneadh a ghlacadh in 2016 maidir le cosaint an teidil d'fhisiteiripeoirí, rinne an Bord comhairliúchán poiblí maidir leis an dréacht-Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice. Bhreithnigh an Bord an tuarascáil ar an gcomhairliúchán agus chuir sé an Fodhlí faoi bhráid na Comhairle lena fhaomhadh.

Leagtar amach sa Chód na caighdeáin iompair, feidhmíochta agus eitice ar gá do bhaill na gairme cloí leo ina gcuid oibre. Agus iarratas á dhéanamh ag cleachtóirí ar chlárú, beidh ar na cleachtóirí sin a dheimhniú go bhfuil an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice dá ngairm léite acu, go dtuigeann siad é agus go gcomhaontaíonn siad cloí leis.

Clárú

Osclaíodh an Clár d'fhisiteiripeoirí ar an 30 Meán Fómhair 2016. Tar éis oscailt an Chláir, leanann idirthréimhse dhá bhliain do ghairmithe atá i mbun cleachtaidh cheana féin le hiarratas ar chlárú a chur isteach. Tá gá leis an tréimhse sin chun deis a thabhairt do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ionas gur féidir leis an mBord a bheith deimhin go gcomhlíonann siad na ceanglais.

Ina theannta sin, is é an t-aon deis amháin é do chleachtóirí nach bhfuil cáilíochtaí atá ceadaithe faoi láthair acu chun iarratas a dhéanamh ar chlárú. Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse seo d'fhisiteiripeoirí ar Meán Fómhair 2018.

Ba chinneadh casta é oscailt an Chláir don Bhord, agus glacadh an cinneadh tar éis breithniú fada agus plé casta ar go leor saincheisteanna. Aithníonn an Bord go mbeidh imní ar pháirtithe leasmhara áirithe i gcónaí, agus tá an Bord tiomanta do bheith ag obair le gach páirtí leasmhar chun réiteach a aimsiú.

Idir an dá linn, táthar ag obair i gcónaí ar iarratais nua ar chlárú a phróiseáil. Ní mór don Bhord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú. I gcás iarratasóirí:

- Ní mór don duine sin a bheith ina dhuine cuí oiriúnach chun an ghairm a chleachtadh.

Ina gcás siúd atá ag baint leas as na socruithe idirthréimhseacha:

- ní mór cáilíocht riachtanach mar atá liostaithe san Acht a bheith acu nó measúnú rathúil ar a n-inniúlacht ghairmiúil a bheith déanta
- ní mór dóibh a bheith i mbun cleachtaidh sa Stát i gcaitheamh na gcúig bliana sular osclaíodh an Clár.

I gcás iontrálaithe nua:

- ní mór cáilíocht fhaofa a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU
- ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Ní mór do gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Tá Clár na bhFisiteiripeoirí le fáil ar líne ag www.coru.ie.

Údarás Inniúil

Tháinig an Bord i gcomharbacht ar Chumann Fisiteiripeoirí Cairte na hÉireann mar an tÚdarás Inniúil ar an 30 Meán Fómhair 2016.

Ina cháil mar Údarás Inniúil, déanann an Bord a bhreithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárú. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

I gcás ina mbíonn éagsúlachtaí móra (easnaimh mhóra) ann idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin oilteachta, is gá aon oideachas breise agus oiliúint bhreise, agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar bearta cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun triail inniúlachta a ghlacadh.

Fuair an Bord 14 iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2016 ó tháinig sé i gceannas mar an tÚdarás Inniúil i Meán Fómhair 2016.

Ina cháil mar an tÚdarás Inniúil, tá Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí freagrach freisin anois as an gcárta gairmí Eorpach a eisiúint d'fhisiteiripeoirí ar cuairt a chomhlíonann na critéir riachtanacha.

Oideachas

Cáilíochtaí Ceadaithe le haghaidh Clárúcháin

Shocraigh an Bord i Márta leas a bhaint as Alt 38 (2) (D) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh mar an mheicníocht chun cáilíochtaí a shonrú le daoine a chur ar an gclár go dtí go mbeidh gach clár ceadaithe ag an mBord agus go dtí go ndéanfar an Fodhlí um Cháilíochtaí Ceadaithe. Tá sé ina thoradh air sin gur féidir le hiarratasóirí clárúchán a lorg ach cáilíocht a bheith acu a bronnadh sa Stát agus a fhágann go bhfuil siad incháilithe lena gceapadh mar fhostaí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun feidhmeanna comhalta den ghairm sin a chomhlíonadh, mar fhostaí den sórt sin.

Critéir agus Caighdeáin Oilteachta

Chomhaontaigh agus d'fhoilsigh an Bord na Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta um Chláir Oideachais agus Oiliúna de chuid Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí.

Cinntí Beartais eile

D'fhaomh an Bord na Creat-Bheartais um Dhaoine Cuí Oiriúnacha. Breithneoidh an Bord gach iarratas nach iarratas simplí é ar bhonn cás ar chás, lena n-áirítear iarratais ina ndéantar dearbhú mar chuid den dearbhú maidir le daoine cuí oiriúnacha nó i gcásanna ina bhfaightear tuarascáil tar éis ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Cabhraíonn an Creat-Bheartas um Dhaoine Cuí Oiriúnacha leis an mBord breithniú a dhéanamh ar iarratais den sórt sin.

Comhaltaí an Bhoird

Roy Brennan

Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 9 gcruinniú

Jane Carolan

Ag gabháil do bhainistiú eagraíochta deonaí/príobháidí sláinte/cúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 9 gcruinniú

David Cross

Breathnóir Teiripeoirí Fisiciúla

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 4 chruinniú

Mark Delargy

Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar 1 chruinniú amháin as 2 chruinniú

Giuseppe DeVito

Rannpháirteach in oideachas sláinte agus cúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 9 gcruinniú

John Dolan

Ag gabháil do bhainistiú eagraíochta deonaí/príobháidí sláinte/cúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar 0 cruinniú as 2 chruinniú

Padraig Heverin

Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 9 gcruinniú

Anne Horgan

Cathaoirleach

Ag gabháil do bhainistiú na gairme

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú

John Kerrane

Ionadaí leasa pobail

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú

Ruth Magee

Ag gabháil don chleachtadh

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 9 gcruinniú

Martina Ryan

Ag gabháil do chleachtadh na gairme

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú

Aileen Sheehan

Ag gabháil do chleachtadh na gairme

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú

Emma Stokes

Ag gabháil d'oideachas na gairme

D'fhreastail ar 1 chruinniú amháin as 3 chruinniú

Ruth Whelan

Ag gabháil do bhainistiú na gairme

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 9 gcruinniú

Freastal ar chruinnithe in 2016

	17/02	09/03	25/05	22/06	8/09	28/09	25/10	15/11	6/12
Roy Brennan	✓	✗	✓	✗	✓	✓	✓	✓	✓
Jane Carolan	✓	✓	✗	✗	✓	✓	✓	✓	✗
David Cross	N	N	N	N	N	✓B	✓B	✓B	✓B
Mark Delargy	✓	✗	É	É	É	É	É	É	É
Giuseppe DeVito	✗	✓	✗	✓	✗	✗	✗	✓	✗
John Dolan	✗	✗	É	É	É	É	É	É	É
Padraig Heverin	✗	✗	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓
Anne Horgan*	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓
John Kerrane	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Ruth Magee	✗	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✓	✓
Martina Ryan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Aileen Sheehan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Emma Stokes	✓	✗	✗	É	É	É	É	É	É
Ruth Whelan	✓	✗	✓	✓	✗	✓	✓	✗	✓

Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:

- ✓ d'fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- N Ní raibh ar an gComhairle/ar an mBord ar an dáta seo
- É D'éirigh as
- B Stádas breathnóra

6 An Bord Clárúcháin Radagrafaithe

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha an Bhoird Clárúcháin Radagrafaithe in 2016, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2016, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

Réamhrá

Tá áthas orainn an tuarascáil seo ar obair an Bhoird Clárúcháin Radagrafaithe in 2016 a chur i láthair. Cuireadh an Bord ar bun breis is ceithre bliana ó shin, agus tionóladh an chéad chruinniú in Eanáir 2012. Ó shin i leith, táimid ag obair i ndlúthchomhar lenár bpáirtithe leasmhara le cinntiú go gcloíonn radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta leis na caighdeáin is airde ó thaobh iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht de.

Tá fás leanúnach ar an líon daoine cláraithe leis an mBord Clárúcháin Radagrafaithe, agus bhí 1,832 radagrafaí agus 352 teiripeoir radaíochta ar an gClár amhail ar an 31 Nollaig 2016. Is méadú 27% é sin ar fhigiúirí 2015.

Tá an Clár le feiceáil ar www.coru.ie, agus is féidir leis an bpobal an clár a sheiceáil le fáil amach an bhfuil radagrafaí nó teiripeoir radaíochta cláraithe agus a bheith muiníneach go mbaineann an duine sin le gairm ag a bhfuil na caighdeáin riachtanacha iompair agus feidhmíochta.

Ina cháil mar Údarás Inniúil faoin Treoir Eorpach maidir le Cáilíochtaí a Aithint don ghairm, daoine ar mian leo dul i mbun oibre in Éirinn mar radagrafaí nó mar theiripeoir radaíochta agus a bhfuil cáilíochtaí ó lasmuigh den Stát acu, ní mór dóibh iarratas a chur isteach chuig an mBord go n-aithneofaí a gcáilíochtaí sular féidir leo iarratas a dhéanamh ar chlárú. Cheadaigh an Bord 118 n-iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2016.

Tar éis obair ullmhúcháin fhorleathan, bhreithnigh agus d'fhaomh an Bord dhá fhodhlí maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh agus maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú. Cuireadh na Fodhlíthe sin faoi bhráid na Comhairle lena bhfaomhadh in 2017.

Rinne an Bord comhairliúchán le páirtithe leasmhara freisin in 2016 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin oilteachta agus na sainchritéir ghairme le haghaidh radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta. Tá comhairliúcháin le páirtithe leasmhara maidir le bunghnéithe de rialáil na gairme an-tábhachtach le haghaidh phróisis bhreithnithe an Bhoird, agus spreagaimid gach aon ghairmí, fostóir agus ball den phobal dul i dteagmháil leis an mBord nuair a dhéantar na comhairliúcháin sin.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le comhaltaí Boird, idir chomhaltaí reatha agus chomhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarma in 2016. Bíonn na comhaltaí sin go léir rannpháirteach ar bhonn deonach, agus tá buíochas mór ag dul dóibh as a dtiomantas leanúnach agus an obair luachmhar a dhéanann siad.

Táimid ag súil le bheith ag obair leis an ngairm agus le bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara arís in 2017 agus muid ag leanúint dár gcuid oibre an pobal a chosaint le caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn.

Richard Bruton

Cathaoirleach
An Bord Clárúcháin
Radagrafaithe

Ginny Hanrahan

Cláraitheoir
An Bord Clárúcháin
Radagrafaithe

Cúlra

Cheap an tAire Sláinte an Bord Clárúcháin Radagrafaithe in **Eanáir 2012**.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- oideachas agus oiliúint na gairme
- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- cleachtadh na gairme

Bhí an Dr Jason Last ina Chathaoirleach ar an mBord Clárúcháin Radagrafaithe ag tús na bliana. Ós rud gur tháinig deireadh le téarma oifige an Dr Last mar chomhalta Boird in Eanáir 2016, ainmníodh agus toghadh Bill O'Neill mar an Cathaoirleach i mí Feabhra. D'éirigh Bill O'Neill as i mí na Samhna, agus ainmníodh agus toghadh Richard Bruton ina Chathaoirleach ansin.

In Eanáir 2016, ceapadh John Tuffy, Cathy Booth agus Catherine McKenna chun an Bhoird Clárúcháin Radagrafaithe tar éis dóibh a bheith tofa i mí na Nollag 2015. Athcheapadh Mary Pat Corridan, Michele Monahan agus Louise Rainford chun an Bhoird Clárúcháin Radagrafaithe don dara téarma freisin mar thoradh ar an toghchán sin.

Ceapadh Mary O'Connor chun an Bhoird mar ionadaí leasa pobail i mí na Bealtaine. Ceapadh Alice Dorris mar ionadaí leasa pobail i mí Iúil, agus cheap an tAire Oideachais agus Eolaíochta Cliona McGovern i mí Lúnasa mar ionadaí ar institiúidí oideachais tríú leibhéal sa Stát.

D'ainmnigh an Bord Michele Monahan lena ceapadh ar an gComhairle. Ós rud é go raibh dhá théarma déanta ag an ainmní, níorbh fhéidir leis an Aire Sláinte an ceapachán a dhéanamh. D'ainmnigh an Bord Catherine McKenna le suí mar bhreathnóir ar an gComhairle.

Tháinig an Bord Clárúcháin Radagrafaithe le chéile deich n-uaire in 2016.

Ní raibh folúntas ar bith ar an mBord Clárúcháin Radagrafaithe ag deireadh 2016.

Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Dá bhrí sin, tá na feidhmeanna seo a leanas ag an mBord Clárúcháin Radagrafaithe.

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- Ina cháil mar Údarás Inniúil, cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan síos
- na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

Fodhlíthe

I Márta 2016, chuir an Bord tús leis an gcomhairliúchán poiblí maidir leis an bhFodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint go Deonach den Chlár agus leis an bhFodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú. I nDeireadh Fómhair, bhreithnigh an Bord an freagra ar an gcomhairliúchán poiblí ar na Fodhlíthe agus chuir siad faoi bhráid na Comhairle iad lena bhfaomhadh.

Clárú

D'oscail an Bord Clárúcháin Radagrafaithe a Chlár ar an 31 Deireadh Fómhair 2013. Tar éis oscailt an Chláir, lean idirthréimhse dhá bhliain do ghairmithe a bhí i mbun cleachtaidh cheana féin le hiarratas ar chlárú a chur isteach. Bhí gá leis an tréimhse sin chun deis a thabhairt do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ionas go bhféadfadh an Bord a bheith deimhin gur chomhlíonadar na ceanglais. Ina theannta sin, ba é an t-aon deis amháin é do chleachtóirí nach raibh cáilíochtaí ceadaithe acu an tráth sin chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse ar an 31 Deireadh Fómhair 2015.

Bhí líon iomlán de 1,832 radagrafaí agus 352 teiripeoir radaíochta cláraithe leis an mBord Clárúcháin Radagrafaithe amhail ar an 31 Nollaig 2016.

Táthar fós ag obair ar iarratais nua ar chlárú a phróiseáil. Ní mór don Bhord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú. I gcás iarratasóirí:

- ní mór dóibh a bheith ina ndaoine cuí oiriúnacha chun an ghairm a chleachtadh.

Ina gcás siúd atá ag baint leas as na socruithe idirthréimhseacha:

- ní mór cáilíocht riachtanach mar atá liostaithe san Acht a bheith acu nó measúnú rathúil ar a n-inniúlacht ghairmiúil a bheith déanta
- ní mór dóibh a bheith i mbun cleachtaidh sa Stát i gcaitheamh na gcúig bliana sular osclaíodh an Clár.

I gcás iontrálaithe nua:

- ní mór cáilíocht fhaofa a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU
- ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Ní mór do gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Faoi Nollaig 2016:

- d'fhág 20 cláraí an Clár as a stuaim féin
- baineadh triúr cláraithe den Chlár toisc nár íoc siad na táillí.

Tá Rannán na Radagrafaithe agus Rannán na dTeiripeoirí Radaíochta den Chlár le fáil ar líne ag www.coru.ie.

Údarás Inniúil

Ina cháil mar Údarás Inniúil, déanann an Bord a bhreithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárú. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

I gcás ina mbíonn éagsúlachtaí móra (easnaimh mhóra) ann idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin oilteachta, is gá aon oideachas breise agus oiliúint bhreise, agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar bearta cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó an deis chun triail inniúlachta a ghlacadh.

Bhí 118 n-iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint ceadaithe ag an mBord amhail ar an 31 Nollaig 2016. Bhain 104 iarratas díobh le radagrafaithe agus bhain na 14 iarratas eile le teiripeoirí radaíochta. Iarradh ar cheathrar radagrafaithe a chuir iarratas isteach bearta cúitimh a ghlacadh.

Oideachas

Is iad na caighdeáin oilteachta na bunchaighdeáin chleachtais arna leagan amach ag Bord Clárúcháin le haghaidh cleachtas sábháilte éifeachtach. Cuimsítear leis na caighdeáin oilteachta sonraí ar an eolas agus ar na scileanna atá riachtanach do na cláraithe ar fad.

I Meán Fómhair, d'fhaomh an Bord na caighdeáin oilteachta le haghaidh radagrafaithe agus le haghaidh teiripeoirí radaíochta araon don chomhairliúchán poiblí.

Tá cur síos sna Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna ar an gcaoi a ndéanann an soláthraí oideachais gnóthachtáil na gcaighdeán oilteachta a éascú agus a mheasúnú.

I nDeireadh Fómhair, d'fhaomh an Bord sainchritéir ghairme le haghaidh radagrafaithe agus le haghaidh teiripeoirí radaíochta araon don chomhairliúchán le páirtithe leasmhara.



Comhaltaí an Bhoird

Cathy Booth

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

Richard Bruton*

Bainistiú sláinte poiblí agus cúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 10 gcruinniú Boird

Mary Pat Corridan

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 10 gcruinniú as 10 gcruinniú Boird

Alice Dorris

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 4 chruinniú Boird

Jason Last*

Ionadaí Tríú Leibhéal

D'fhreastail ar 1 cheann amháin as 1 chruinniú Boird amháin

Cliona McGovern

Ionadaí Tríú Leibhéal

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 3 chruinniú Boird

Catherine McKenna

Ag gabháil do bhainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

Michele Monahan

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 10 gcruinniú Boird

Mary O'Connor

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú Boird

Bill O'Neill*

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 10 gcruinniú as 10 gcruinniú Boird

Louise Rainford

Ionadaí Oideachais agus Oiliúna

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 10 gcruinniú Boird

Olwyn Ryan

Ionadaí Bainistíochta Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 10 gcruinniú Boird

Tom Ryan

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 1 cheann amháin as 1 chruinniú Boird amháin

John Tuffy

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 9 gcruinniú Boird

Dympna Watson

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 10 gcruinniú Boird

* **Jason Last** – Cathaoirleach idir an 1 Eanáir 2016 agus an 24 Eanáir 2016
Bill O'Neill – Cathaoirleach idir an 22 Feabhra 2016 agus an 24 Samhain 2016
Richard Bruton –Cathaoirleach ón 24 Samhain 2016 i leith

Freastal ar chruinnithe in 2016

	20/01	22/02	23/03	28/04	31/05	28/06	27/07	28/09	25/10	24/11
Cathy Booth	N	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗
Richard Bruton	✓	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓*
Mary Pat Corridan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Alice Dorris	N	N	N	N	N	N	✓	✓	✓	✓
Jason Last	✓*	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Cliona McGovern	N	N	N	N	N	N	N	✓	✓	✗
Catherine McKenna	N	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Michele Monahan	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✗	✓
Mary O'Connor	✓	✓	N	N	✗	✓	✗	✓	✓	✓
Bill O'Neill	✓	✓*	✓*	✓*	✓*	✓*	✓*	✓*	✓*	✓
Louise Rainford	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓
Olwyn Ryan	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✗
Tom Ryan	✗	N	N	N	N	N	N	N	N	N
John Tuffy	N	✓	✓	✓	✗	✓	✗	✓	✗	✓
Dympna Watson	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓

Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:

- ✓ d'fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- N Ní raibh ar an gComhairle/ar an mBord ar an dáta seo
- É D'éirigh as
- B Stádas breathnóra

7 Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh in 2016, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2016, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

Réamhrá

In 2016, lean Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh lena chuid oibre maidir le cur le forbairt agus seachadadh a róil rialála in obair cúraim shóisialaigh in Éirinn.

Cuireann oibrithe cúraim shóisialaigh seirbhís ríthábhachtach ar fáil, agus tá an-tábhacht ag baint le caidreamh bunaithe ar iontaoibh agus ar mhuinín. Forbairt dhearfach atá san aistriú i dtreo clárú reachtúil, rud a chuirfidh le stádas na gairme agus, an rud is tábhachtaí, rud a chuirfidh an pobal ar a suaimhneas go gcloíonn oibrithe cúraim shóisialaigh cláraithe le caighdeáin fhaofa shonracha.

Cuireann oibrithe cúraim shóisialaigh seirbhís ríthábhachtach ar fáil, agus tá an-tábhacht ag baint le caidreamh bunaithe ar iontaoibh agus ar mhuinín

In 2016, lean an Bord den obair ullmhúcháin fhairsing atá riachtanach le cinntiú go leagtar amach na caighdeáin chearta. Cuimsítear leis an obair sin forbairt an Chóid Iompair Ghairmiúil agus Eitice, na Critéir agus Caighdeáin Oilteachta a leagan amach, agus taighde eile a dhéanamh ar an ngairm, agus is obair an-tábhachtach atá ann chun caighdeáin an chleachtais shábháilte a bheidh de dhíth ar chláraithe a leagan amach.

Tá idir chomhaltaí tuata agus ionadaithe ón ngairm ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh, agus chuir an Bord an Creat-Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice in oiriúint go cúramach. Sonraítear sa dréachtchód na caighdeáin eitice, iompair agus feidhmíochta lena mbítear ag súil ó oibrithe cúraim shóisialta cláraithe.

Ós rud é gurb é ról Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh an pobal a chosaint ach iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn i measc cláraithe, is cloch mhíle mhór sa phróiseas seo glacadh an Chóid seo.

Seoladh comhairliúchán poiblí ar an dréacht-Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice d'Oibrithe Cúraim Shóisialaigh i Samhain 2016, agus tiocfaidh deireadh leis an gcomhairliúchán i bhFeabhra 2017. Tá an-tábhacht ar fad ag baint le comhairliúcháin phoiblí maidir le bunghnéithe den réim rialála nua, agus cuirimid fáilte roimh gach gairmí, fostóir agus ball den phobal dul i dteagmháil leis an mBord trí na bealaí aiseolais éagsúla.

Bhí an Bord ag obair ar na Critéir agus na Caighdeáin Oilteachta don Oideachas agus don Oiliúint freisin. Is iad sin na riachtanais chun cláir oideachais d'oibrithe cúraim shóisialaigh a cheadú. Mic léinn a n-éiríonn leo ar chlár faofa, comhlíonann siad an caighdeán oilteachta don ghairm agus bíonn siad i dteideal iarratas a dhéanamh go gcuirfear ar an gClár iad. Bainfear leas as na Critéir agus na Caighdeáin Oilteachta freisin chun an inniúlacht ghairmiúil a mheas agus chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát.

Ba bhreá linn ár mbuíochas a ghlacadh le comhalta uile an Bhoird, a bhíonn rannpháirteach ar bhonn deonach, as a dtiomantas leanúnach, a n-iarracht chomhoibritheach agus a rannpháirtíocht sa bheartas agus sa chinnteoireacht.

Táimid ag súil le leanúint den obair thábhachtach sin in 2017 agus muid ag obair i dtreo oscailt an Chláir.

Dunia Hutchinson

Cathaoirleach
Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh

Ginny Hanrahan

Cláraitheoir
Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh

Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh i **Márta 2015**.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Comhaltaí tuata is ea seachtar as a measc, agus is daoine iad an seisear eile arna n-ainmniú ag na gairmeacha, agus ionadaíocht á déanamh acu do na réimsí seo a leanas:

- oideachas agus oiliúint na gairme
- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- cleachtadh na gairme

Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice Gairmiúla a leagan amach
- na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

Ní raibh folúntas ar bith ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh ag deireadh 2016.

Fodhlíthe

Leanadh den obair ar an gCód Iompair Ghairmiúil agus Eitice in 2016. Faomhadh an cód lena chur faoi chomhairliúchán poiblí i Samhain 2016 chun tuairimí a fháil ón bpobal agus ón ngairm araon. Leagtar amach sa Chód Iompair Ghairmiúil agus Eitice na caighdeáin iompair, feidhmíochta agus eitice ar gá do bhaill na gairme cloí leo ina gcuid oibre.

Oideachas

Rinne an Bord tionscadal mapála agus scóipe in 2016 ar an líon mór cosán oideachais atá ann faoi láthair le dul isteach i ngairm na hoibre cúraim shóisialaigh. D'oibrigh Saoirse Brady, bainisteoir tionscadail, leis an mBord chun cosáin isteach chuig an ngairm a aithint, agus féachadh ar an réimse mór timpeallachtaí oibre ina bhféadfadh oibrithe cúraim shóisialaigh a bheith ag obair.

I mí na Bealtaine, d'fhaomh an Bord na Caighdeáin Oilteachta don ghairm tar éis comhairliúchán poiblí. Is iad na caighdeáin oilteachta na bunchaighdeáin chleachtais arna leagan amach ag Bord Clárúcháin le haghaidh cleachtas sábháilte éifeachtach.

I Meitheamh, d'fhaomh an Bord sainchritéir ghairme le haghaidh cláir oideachais agus oiliúna d'oibrithe cúraim shóisialaigh. Tá cur síos sna Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna ar an gcaoi a ndéanann an soláthraí oideachais gnóthachtáil na gcaighdeán oilteachta a éascú agus a mheasúnú.

Pleanáil chun Oibrithe Cúraim Shóisialaigh a Chlárú

Táthar ag súil go ndéanfaidh líon mór oibrithe cúraim shóisialaigh iarratas ar chlárú nuair a osclófar an Clár, agus beidh réimse cáilíochtaí agus taithí acu is gá a chur san áireamh. Ag deireadh 2016, choimisiúnaigh an Bord tionscadal le dearbhú conas mar a osclóidh sé an Clár. Tá coimisiúnú an tionscadail sin ar an gcéad chéim ar an aistear chun an líon mór gairmithe atá ag gabháil do chleachtas na hoibre cúraim shóisialaigh a chlárú.

Comhaltaí

Catherine Carty

Páirteach san Oideachas

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 7 gcruinniú

Damien Courtney

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 7 gcruinniú

Patrick Doyle

Bainistiú sláinte/cúraim shóisialaigh dheonaí/phríobháidigh

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 7 gcruinniú

Paddy Duggan

Bainistiú sláinte poiblí / cúraim shóisialaigh

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 7 gcruinniú

Maurice Fenton

Ag gabháil do bhainistiú na gairme

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 7 gcruinniú

Imelda Finerty

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 7 gcruinniú

James Forbes

Ag gabháil do bhainistiú na gairme

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 7 gcruinniú

Dunia Hutchinson

Cathaoirleach

Ag gabháil do chleachtadh na gairme

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 7 gcruinniú

Karen Kiernan

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 7 gcruinniú

Ado Mckenna

Ag gabháil do chleachtadh na gairme

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 7 gcruinniú

Des Mooney

Ag gabháil do chleachtadh na gairme

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 7 gcruinniú

Tim Murphy

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 7 gcruinniú

Jim Walsh

Páirteach san Oideachas

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 7 gcruinniú

Freastal ar chruinnithe in 2016

	28/01	03/03	16/05	02/06	07/09	06/10	08/11
Catherine Carty	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✗
Damien Courtney	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Patrick Doyle	✓	✓	✗	✗	✗	✗	✗
Paddy Duggan	✗	✓	✓	✓	✗	✓	✗
Maurice Fenton	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗
Imelda Finerty	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓
James Forbes	✓	✓	✓	✗	✓	✗	✓
Dunia Hutchinson*	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Karen Kiernan	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✗
Ado McKenna	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✗
Des Mooney	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓
Tim Murphy	✓	✗	✓	✓	✗	✓	✗
Jim Walsh	✓	✓	✗	✓	✓	✓	✓

Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:

- ✓ d'fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- N Ní raibh ar an gComhairle/ar an mBord ar an dáta seo
- É D'éirigh as
- B Stádas breathnóra

Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha in 2016, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2016, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

Réamhrá

Tá an-áthas orainn an tuarascáil seo ar obair Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha in 2016 a chur i láthair.

Cuireadh Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha ar bun breis is seacht mbliana ó shin, agus tionóladh an chéad chruinniú i Lúnasa 2010. Ó shin i leith, táimid ag obair i ndlúthchomhar lenár bpáirtithe leasmhara le cinntiú go gcloíonn Oibrithe Sóisialacha leis na caighdeáin is airde ó thaobh iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht de.

Tá fás leanúnach ar an líon daoine cláraithe le Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha, agus bhí 4069 oibrí sóisialach ar an gClár amhail ar an 31 Nollaig 2016. Is méadú 3.5% é sin ar fhigiúirí 2015. Is léiriú é sin ar fheasacht leathan ar an oibleagáid maidir le clárú agus ar a thábhachtaí atá rialáil go ginearálta.

Tá an Clár le feiceáil ar www.coru.ie, agus is féidir leis an bpobal an clár a sheiceáil le fáil amach an bhfuil oibrí sóisialach cláraithe agus a bheith muiníneach go mbaineann an duine sin le gairm ag a bhfuil na caighdeáin riachtanacha iompair agus feidhmíochta.

Tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire in 2016 chun iarratais ar chlárú, ar aitheantas agus ar fhaomhadh clár oideachais a mheas agus a fhaomhadh.

Tar éis obair ullmhúcháin fhorleathan, bhreithnigh agus d'fhaomh an Bord dhá fhodhlí maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh agus maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú. Cuireadh na Fodhlíthe sin faoi bhráid na Comhairle lena bhfaomhadh.

Gné bhunriachtanach dár ról is ea sábháilteacht an phobail agus cosaint úsáideoirí seirbhíse agus, chun an pobal a chosaint, is gá dúinn freastal ar an ngairm atá á rialáil againn trína chinntiú go mbíonn caighdeán oideachais na gairme sin á chosaint againn. In 2016, d'fhaomh an Bord treoir do sholáthraithe oideachais ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha – Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna. Tá cur síos sna critéir sin ar an gcaoi a ndéanann an soláthraí oideachais gnóthachtáil na gcaighdeán oilteachta a éascú agus a mheasúnú. Ina theannta sin, rinne an Bord athbhreithniú ar Chreat-bheartas athbhreithnithe don Phainéal Measúnóirí agus d'fhaomh an Creat-bheartas sin.

Tháinig deireadh le téarmaí oifige roinnt comhaltaí Boird le linn na bliana, agus reáchtáladh toghcháin i measc cláraithe chun a gcomharbaí a thoghadh. Glacaimid buíochas mór le gach cláraí a vótáil, agus tréaslaímid leis na hiarrthóirí sin ar éirigh leo sa toghchán – Donal Gill, Colette McLoughlin agus Roberta Mulligan. Chuireamar fáilte freisin roimh cheapadh Perry Share mar ionadaí d'institiúidí oideachais tríú leibhéal a bhfuil baint acu le hoideachas agus le hoiliúint a chur ar dhaoine i gcleachtadh na gairme.

Ba bhreá linn buíochas ar leith a ghlacadh leis na comhaltaí sin den Bhord Clárúcháin ar tháinig deireadh lena dtéarma in 2016 – Adrienne Byrne, Declan Carey, Valerie Judge, Carol Moore, agus Anthony McCashin. Gabhaimid buíochas freisin le Cormac Quinlan, an Cathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha atá ag dul as oifig, as a thiomantas leanúnach do Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha mar tá ról á ghlacadh aige mar ár n-ionadaí ar an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh. Aithnímid tionchar mór na gcomhaltaí Boird sin ar fad i rith bhlianta tosaigh an Bhoird Clárúcháin, agus gabhaimid buíochas leo as a seirbhís thiomanta.

Ar deireadh, ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh leis na comhaltaí atá ag fanacht agus leis na comhaltaí nua as a gcomhairle chríonna agus as tabhairt faoina bhfreagrachtaí go dícheallach dúthrachtach.

Táimid ag súil le bheith ag obair leis an ngairm agus le bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara arís in 2017 de réir mar a dhéantar dul chun cinn níos mó ó thaobh rialáil oibrithe sóisialacha de ar mhaithe le leas an phobail.

Donal Gill

Cathaoirleach
Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha

Ginny Hanrahan

Cláraitheoir
Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha

Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha i **Lúnasa 2010**. Toghadh comhaltaí nua roinnt uaireanta ó shin i leith mar gheall ar thoghcháin do chomhaltaí gairmiúla an Bhoird agus mar gheall ar chomhaltaí nua a bheith ag teacht in áit comhaltaí tuata.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí.

Is comhaltaí tuata iad seachtar, agus is ionadaithe ón ngairm iad an seisear eile a dhéanann ionadaíocht ar na nithe seo a leanas:

- oideachas agus oiliúint na gairme
- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- cleachtadh na gairme

Ba é Cormac Quinlan an Cathaoirleach ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha ag tús 2016, agus tháinig deireadh lena théarma in Iúil 2016. Toghadh Donal Gill ina Chathaoirleach ansin.

Tháinig an Bord le chéile ocht n-uaire ar fad sa bhliain.

Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag Boird Chlárúcháin CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- na riachtanais maidir le filleadh ar chleachtadh a leagan amach
- an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice Gairmiúla a leagan amach
- na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

Toghcháin

Toghadh comhaltaí do Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha i mí Iúil. Reáchtáladh na toghcháin chun trí fholúntas ar an mBord thar dhá chatagóir a líonadh. Toghadh Roberta Mulligan agus Donal Gill i gCatagóir 1 (Cláraithe ag gabháil do chleachtadh na gairme) agus toghadh Colette McLoughlin i gCatagóir 2 (Cláraithe ag gabháil do bhainistiú na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm).

Bhí dhá fholúntas ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha ag deireadh 2016. Bhain an dá fholúntas le catagóir na n-ionadaithe leasa pobail.

Fodhlíthe

Rinne an Bord comhairliúchán poiblí maidir leis an bhFodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh agus leis an bhFodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú. Bhreithnigh an Bord an comhairliúchán poiblí i mí Mheán Fómhair agus chomhaontaigh an Fodhlí lena chur faoi bhráid na Comhairle lena fhaomhadh. Féadfaidh an Bord na Fodhlíthe sin a dhéanamh tar éis don Chomhairle iad a fhaomhadh. Leagtar amach sna Fodhlíthe sin na critéir a bhaineann le daoine a chur ar ais ar an gClár i gcás inar baineadh den chlár iad.

Clárú

D'oscail Clár na nOibrithe Sóisialacha ar an 31 Bealtaine 2011. Tar éis oscailt an Chláir, lean idirthréimhse dhá bhliain d'oibrithe sóisialacha a bhí i mbun cleachtaidh cheana féin le hiarratas ar chlárú a chur isteach. Bhí gá leis an tréimhse sin chun deis a thabhairt do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ionas go bhféadfadh an Bord a bheith deimhin gur chomhlíonadar na ceanglais. Thug sé deis aonuaire freisin do na cleachtóirí nach raibh na cáilíochtaí faofa reatha acu iarratas a chur isteach ar chlárú. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse sin ar an 31 Bealtaine 2013.

Bhí líon iomlán de 4,069 oibrí sóisialach cláraithe le Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha amhail ar an 31 Nollaig 2016.

Tá an obair fós ar bun chun iarratasóirí nua a phróiseáil le haghaidh clárúcháin. Tá líon beag iarratas eile á gcur i gcrích ag an mBord freisin. Aithníodh castachtaí áirithe sna hiarratais sin agus rachaidh an Bord i dteagmháil leis na hoibrithe sóisialacha lena mbaineann. Ní mór don Bhord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú. I gcás iarratasóirí:

- ní mór dóibh a bheith ina ndaoine cuí oiriúnacha chun an ghairm a chleachtadh.

Ina gcás siúd atá ag baint leas as na socruithe idirthréimhseacha:

- ní mór cáilíocht riachtanach mar atá liostaithe san Acht a bheith acu nó measúnú rathúil ar a n-inniúlacht ghairmiúil a bheith déanta
- ní mór dóibh a bheith i mbun cleachtaidh sa Stát i gcaitheamh na gcúig bliana sular osclaíodh an Clár.

I gcás iontrálaithe nua:

- ní mór cáilíocht fhaofa a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU
- ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Ní mór do gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Faoi Nollaig 2016:

- d'fhág 66 oibrí sóisialach an Clár as a stuaim féin
- baineadh 53 oibrí sóisialach den Chlár toisc nár íoc siad na táillí.

Tá Clár na nOibrithe Sóisialacha le fáil ar líne ag www.coru.ie.

Údarás Inniúil

Ina cháil mar Údarás Inniúil, déanann an Bord a bhreithniú ar cháilíochtaí idirnáisiúnta lena n-aithint roimh chlárú. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí sin i gcoinne na gcaighdeán inniúlachta a cheanglaítear ar chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

I gcás ina mbíonn éagsúlachtaí móra (easnaimh mhóra) ann idir an cháilíocht ghairmiúil agus na caighdeáin oilteachta, is gá aon oideachas breise agus oiliúint bhreise, agus/nó aon taithí oibre iomchuí bhreise a chur san áireamh. Más ann d'éagsúlachtaí móra i gcónaí, féadfar bearta cúiteamh a thairiscint don iarrthóir. An rogha a bheidh ann ná tréimhse oiriúnaithe (tréimhse chleachtaidh faoi mhaoirseacht) chun tabhairt faoi na heasnaimh a aithníodh nó triail inniúlachta a ghlacadh.

Cheadaigh an Bord 42 iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2016, agus iarradh ar naonúr iarratasóirí eile bearta cúitimh a ghlacadh.

Oideachas

In 2016, d'fhaomh Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha treoir do sholáthraithe oideachais ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha – Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna. Tá cur síos sna Critéir le haghaidh Cláir Oideachais agus Oiliúna ar an gcaoi a ndéanann an soláthraí oideachais gnóthachtáil na gcaighdeán oilteachta a éascú agus a mheasúnú. Baintear leas astu chun cláir a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu le cinntiú go n-éiríonn le gach céimí, is cuma cá bhfuil siad ar an speictream grádaithe, na caighdeáin oilteachta a bhaint amach agus go bhfuil siad oiriúnach lena gcur ar an gClár agus le dul i mbun cleachtaidh.

Gníomhaíochtaí beartais

Rinne an Bord athbhreithniú ar Chreat-bheartas athbhreithnithe don Phainéal Measúnóirí agus d'fhaomh an Creat-bheartas sin. Leagtar amach sa bheartas seo na critéir chun measúnóirí a earcú agus a roghnú mar aon lena ról agus lena bhfreagrachtaí, agus leagtar amach ann an Cód Iompair do Mheasúnóirí.

Is é an Bord a cheapann measúnóirí agus déanann siad tascanna thar ceann an Bhoird. Cuireann siad moltaí ar fáil ar raon ceisteanna lena n-áirítear cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint, iarratais, agus measúnuithe ar inniúlacht ghairmiúil.

Comhaltaí an Bhoird

Frankie Barrett

Ionadaí Bainistíochta Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú

Adrienne Byrne

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 5 chruinniú

Declan Carey

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 1 chruinniú amháin as 2 chruinniú

Donal Gill

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú

Carmel Halton

Ionadaí Oideachais

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 8 gcruinniú

John Hanily

Ionadaí Bainistíochta Sláinte Poiblí/Cúraim Shóisialaigh

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú

Valerie Judge

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 5 chruinniú

Ned Kelly

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 6 chruinniú as 8 gcruinniú

Anthony McCashin

Ionadaí Oideachais agus Oiliúna don 3ú leibhéal

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 5 chruinniú

Colette McLoughlin

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 3 chruinniú

Carol Moore

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 5 chruinniú

Roberta Mulligan

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú

Val O'Kelly

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 8 gcruinniú

Peter O'Neill

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 8 gcruinniú

Cormac Quinlan

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 7 gcruinniú as 8 gcruinniú

Perry Share

Ionadaí Oideachais agus Oiliúna don 3ú leibhéal

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú

Freastal ar chruinnithe in 2016

	04/02	10/03	14/04	17/05	28/07	29/09	01/11	06/12
Frankie Barrett	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓
Ado Byrne	✓	✓	✓	✓	✓	N	N	N
Declan Carey	✗	✓	É	É	É	N	N	N
Donal Gill	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✗
Carmel Halton	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
John Hanily	✗	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓
Valerie Judge	✓	✗	✓	✗	✗	N	N	N
Ned Kelly	✗	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓
Anthony McCashin	✓	✗	✓	✓	✓	N	N	N
Colette McLoughlin	N	N	N	N	N	✗	✓	✓
Carol Moore	✓	✓	✓	✗	✓	N	N	N
Roberta Mulligan	N	N	N	N	N	✓	✓	✓
Val O'Kelly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Peter O'Neill	✓	✗	✗	✗	✓	✓	✓	✓
Cormac Quinlan*	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓
Perry Share	N	N	N	N	N	✓	✓	✓

Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:

- ✓ d'fhreastail
- ✗ leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- N Ní raibh ar an gComhairle/ar an mBord ar an dáta seo
- É D'éirigh as
- B Stádas breathnóra

9 Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Tá cuntas sa tuarascáil seo ar ghníomhartha Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga in 2016, arna cur faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena cur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird, 2016, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

Réamhrá

Osclaíodh an Clár do Theiripeoirí Urlabhra agus Teanga in 2014, agus bhí idirthréimhse dhá bhliain i gceist. Tháinig deireadh leis an tréimhse sin ar an 31 Deireadh Fómhair 2016, agus ba bhliain an-tábhachtach ar fad é do Theiripeoirí Urlabhra agus Teanga.

Ón 31 Deireadh Fómhair i leith, tá cosaint dlí ag an teideal 'teiripeoir urlabhra agus teanga' in Éirinn. Is iad na daoine a rinne iarratas nó a chláraigh le CORU, agus na daoine sin amháin, atá i dteideal dul i mbun cleachtaidh faoin teideal. Tá foráil do chosaint an teidil le fáil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

Cuirtear le stádas na gairme mar thoradh ar rialáil agus, an rud is tábhachtaí, cuirtear an pobal ar a suaimhneas

Tugann cosaint an teidil seo teachtaireacht láidir d'othair agus d'úsáideoirí seirbhíse maidir le caighdeán agus seasmhacht an chúraim a gheobhaidh siad sa chóireáil agus sna seirbhísí ó theiripeoir urlabhra agus teanga cláraithe. Cuirtear le stádas na gairme mar thoradh ar rialáil agus, an rud is tábhachtaí, cuirtear an pobal ar a suaimhneas go gcloíonn teiripeoirí urlabhra agus teanga cláraithe le caighdeáin fhaofa shonracha.

Is mó i bhfad an líon teiripeoirí urlabhra agus teanga a rinne iarratas ar chlárú go dtí seo ná an meastachán bunaidh de 1,200 teiripeoir urlabhra agus teanga in Éirinn. Bhí breis is 1,600 gairmí cláraithe nó bhí iarratas déanta acu ar chlárú mar theiripeoirí urlabhra agus teanga faoi dheireadh mhí na Nollag 2016.

Táimid ag súil le dul ag obair leis na cláraithe sin lena chinntiú go ndéantar na caighdeáin is airde ó thaobh cúram othar de a sheachadadh go comhsheasmhach.

Mar ullmhúchán do dheireadh na hidirthréimhse, rinneadh forbairtí tábhachtacha eile in 2016 ó thaobh rialáil teiripeoirí urlabhra agus teanga de. Lean an Bord de theagmháil a dhéanamh leis an bpobal, le fostóirí agus le baill na gairme trí chomhairliúcháin phoiblí éagsúla.

Faomhadh roinnt fodhlíthe, beartas agus caighdeán mar thoradh ar na comhairliúcháin phoiblí sin, mar shampla:

- An Fodhlí maidir le Daoine a chur ar ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh
- An Fodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú
- An Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga
- Caighdeáin agus Riachtanais Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do Theiripeoirí Urlabhra agus Teanga
- Creat-bheartas don Phainéal Measúnóirí.

Ba mhór an onóir a bhí ann na bunchlocha a leagan síos le haghaidh rialáil na gairme le blianta beaga anuas, agus an Clár iomlán a fheiceáil ar bun. Thacaigh an Chomhairle agus Foireann Feidhmiúcháin CORU go mór le Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga i rith na bliana. Táimid ag súil le leanúint dár n-obair thábhachtach chun an pobal a chosaint le caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn sa teiripe urlabhra agus teanga sna blianta atá amach romhainn.

Helen Shortt

Cathaoirleach
Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Ginny Hanrahan

Cláraitheoir
Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga i **bhFeabhra 2013** ar bhonn fógra ceapacháin phoiblí.

Déantar foráil san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le 13 chomhalta dheonacha a cheapadh chuig an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí atá ag fónamh ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha taistil agus cothaithe na seirbhíse poiblí. Comhaltaí tuata is ea seachtar de na comhaltaí a ceapadh, agus comhaltaí de chuid na gairme is ea an seisear eile, a bhíonn ag gabháil do na réimsí seo a leanas:

- bainistíocht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- oideachas agus oiliúint na gairme
- cleachtadh na gairme

Ról

Faoin Acht, is é an ról atá ag na Boird Chlárúcháin an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hiompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht trí chlárúchán reachtúil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga de chuid CORU freagrach as an méid seo a leanas:

- Clár comhaltaí don ghairm a chur ar bun agus a chothabháil
- cáilíochtaí arna ndámhachtain lasmuigh den Stát a mheas agus a aithint
- cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- an Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a leagan síos
- na riachtanais maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a leagan amach.

Fodhlíthe

Rinne an Bord comhairliúchán poiblí maidir leis an bhFodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Daoine a Bhaint den Chlár ar sin a Iarraidh agus leis an bhFodhlí maidir le Daoine a Chur ar Ais ar an gClár tar éis Clárú a Chealú. Bhreithnigh an Bord an comhairliúchán poiblí agus chomhaontaigh an Fodhlí lena chur faoi bhráid na Comhairle lena fhaomhadh. Féadfaidh an Bord na Fodhlíthe sin a dhéanamh tar éis don Chomhairle iad a fhaomhadh. Leagtar amach sna Fodhlíthe sin na critéir a bhaineann le daoine a chur ar ais ar an gClár i gcás inar baineadh den chlár iad.

Ina theannta sin, d'fhaomh an Bord an Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga i mí Mheán Fómhair. Tá foráil san fhodhlí seo do thoghadh seisear comhaltaí gairmiúla den Bhord i dtrí chatagóir.

Toghcháin

Foilsíodh an ghairm ar ainmniúchán comhaltaí lena dtoghadh ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga ar an 28 Deireadh Fómhair 2016. Ba é meán lae, an 18 Samhain 2016, an dáta deiridh le haghaidh ainmniúchán. Níor ainmníodh cláraí ar bith i gceann ar bith de na sé fholúntas.

Ar an ábhar sin, i gcomhréir leis an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (arna leasú), 2005, agus leis na fodhlíthe lena rialaítear na nósanna imeachta toghcháin (I.R. Uimh 468 de 2016), ceapfaidh an tAire seisear comhaltaí faoi Alt 28 (6) chun an t-easnamh sa líon cláraithe tofa a chúiteamh.

Clárú

Osclaíodh an Clár do theiripeoirí urlabhra agus teanga ar an 31 Deireadh Fómhair 2014. Tar éis oscailt an Chláir, lean idirthréimhse dhá bhliain do theiripeoirí urlabhra agus teanga a bhí i mbun cleachtaidh cheana féin le hiarratas ar chlárú a chur isteach. Bhí gá leis an tréimhse sin chun deis a thabhairt do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chlárú agus ionas go bhféadfadh an Bord a bheith deimhin gur chomhlíonadar na ceanglais. Thug sé deis aonuaire freisin do na cleachtóirí nach raibh na cáilíochtaí faofa reatha acu iarratas a chur isteach ar chlárú. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse ar an 31 Deireadh Fómhair 2016.

Bhí líon iomlán de 844 teiripeoir urlabhra agus teanga cláraithe le Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga amhail ar an 31 Nollaig 2016.

Táthar fós ag obair ar iarratais nua ar chlárú a phróiseáil. Ní mór don Bhord a bheith sásta go gcomhlíonann na hiarratasóirí na riachtanais ar fad le clárú. I gcás iarratasóirí:

- ní mór dóibh a bheith ina ndaoine cuí oiriúnacha chun an ghairm a chleachtadh.

Ina gcás siúd atá ag baint leas as na socruithe idirthréimhseacha:

- ní mór cáilíocht riachtanach mar atá liostaithe san Acht a bheith acu nó measúnú rathúil ar a n-inniúlacht ghairmiúil a bheith déanta,
- ní mór dóibh a bheith i mbun cleachtaidh sa Stát i gcaitheamh na gcúig bliana sular osclaíodh an Clár.

I gcás iontrálaithe nua:

- ní mór cáilíocht fhaofa a bheith acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU
- ní mór eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá chun cleachtadh sa Stát.

Ní mór do gach iarratasóir ar chlárú grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Faoi Nollaig 2016:

- níor fhág teiripeoir urlabhra agus teanga ar bith an Clár as a stuaim féin
- baineadh 1 teiripeoir urlabhra agus teanga den Chlár toisc nár íoc sé na táillí.

Tá Clár na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga le fáil ar líne ag www.coru.ie.

Údarás Inniúil

Ina cháil mar Údarás Inniúil don ghairm, rinne an Bord breithniú ar 18 n-iarratas ar cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint in 2016.

I gcomhréir le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Eorpach, d'aithin an Bord 10 gcáilíocht agus cheangail sé ar 8 iarratasóirí beart cúitimh a ghlacadh chun dul i ngleic le heasnaimh a aithníodh ar a gcáilíocht. Tar éis don Údarás Inniúil aitheantas a thabhairt do cháilíocht idirnáisiúnta, tá sealbhóir na cáilíochta i dteideal iarratas a dhéanamh ar chlárú.

Oideachas

Tá Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ar an modh ar a ndéanann gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a n-eolas, scileanna agus inniúlacht a chothabháil agus a fheabhsú, agus ar a bhforbraíonn siad na cáilíochtaí gairmiúla a bhíonn de dhíth i rith a saoil ghairmiúil ar fad. D'fhaomh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga na Caighdeáin agus Riachtanais Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do Theiripeoirí Urlabhra agus Teanga i Meitheamh 2016 tar éis próiseas comhairliúcháin.

Ina theannta sin, d'fhaomh an Bord cláir oideachais agus oiliúna lena chinntiú go gcloíonn na cláir le critéir an Bhoird agus go gcloíonn céimithe leis na caighdeáin oilteachta don ghairm.

Gníomhaíochtaí beartais

Rinne an Bord athbhreithniú ar an gCreat-bheartas don Phainéal Measúnóirí agus d'fhaomh an Creat-bheartas sin. Leagtar amach sa bheartas seo na critéir chun measúnóirí a earcú agus a roghnú mar aon lena ról agus lena bhfreagrachtaí, agus leagtar amach ann an Cód Iompair do Mheasúnóirí.

Comhaltaí an Bhoird

Chinwe Rose Anago

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 1 chruinniú amháin as 9 gcruinniú Boird

Aileen Barrett

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 8 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

Fiona Gibbon

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú Boird

Irene Gunning

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 5 chruinniú as 6 chruinniú Boird

Suzanne Keenan

Ionadaí Bainistíochta Sláinte Príobháidí/Cúraim Shóisialta

D'fhreastail ar 4 chruinniú as 6 chruinniú Boird

Sinead Kennedy

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 1 chruinniú amháin as 2 chruinniú Boird

Maeve Murphy

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

Celia Nichol

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú Boird

Judi Pettigrew

Páirteach san Oideachas

D'fhreastail ar 3 chruinniú as 3 chruinniú Boird

Fintan Reddy

Ionadaí Leasa Pobail

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

Agnes Shiel

Ionadaí Tríú Leibhéal

D'fhreastail ar 2 chruinniú as 2 chruinniú Boird

Martine Smith

Ionadaí is Gairmí atá ag Cleachtadh

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

Helen Shortt

Cathaoirleach

Ionadaí Bainistíochta Sláinte Poiblí/Cúraim Shóisialaigh

D'fhreastail ar 9 gcruinniú as 9 gcruinniú Boird

Freastal ar chruinnithe Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga in 2016

	12/01	10/02	16/03	19/04	12/05	15/06	06/09	19/10	03/11
Chinwe Rose Anago	✓	✗	✗	✗	✗	✗	✗	✗	✗
Aileen Barrett	✓	✓	✓	✓	✓	✗	✓	✓	✓
Fiona Gibbon	✓	✓	✓	✗	✗	✓	É	É	É
Irene Gunning	✓	✓	N	N	N	✗	✓	✓	✓
Suzanne Keenan	✓	✓	N	N	N	✗	✗	✓	✓
Sinead Kennedy	✓	✗	N	N	N	N	N	N	N
Maeve Murphy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Celia Nichol	✓	✓	N	N	N	N	N	N	N
Judi Pettigrew	N	N	N	N	N	N	✓	✓	✓
Fintan Reddy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Agnes Shiel	✗	✗	N	N	N	N	N	N	N
Helen Shortt*	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Martine Smith	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓

Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:

✓ d'fhreastail

✗ leithscéal nó as láthair

* Cathaoirleach

N Ní raibh ar an gComhairle/ar an mBord ar an dáta seo

É D'éirigh as

B Stádas breathnóra

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
Regulating Health Social Care Professionals

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúram Shóisialaigh
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Clár na nÁbhar

Faisnéis	102
Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	103
Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais	104
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Comhairle	106
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	107
Ráiteas ar staid an airgeadais	108
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	109
Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)	110

Faisnéis

Comhaltaí na Comhairle

Bernard McCartan, Cathaoirleach	
John O Mullane	
Halóg Mellet	
Marie Culliton	
Odhrán Allen	
Tony McAleer	
Emma Stokes	(d'éirigh as an 09/06/2016)
Caroline McIntosh	
Michele Monahan	(tháinig deireadh lena téarma an 23/01/2016)
Declan Carey	(d'éirigh as an 31/03/2016)
Maeve Murphy	
Jackie Reed	
Deirdre Madden	
Joe Martin	
Mo Flynn	
Tom Jordan	(tháinig deireadh lena théarma an 25/03/2016)
Cormac Quinlan	(ceaptha an 25/10/2016)
Laura Phelan	(ceaptha an 15/02/2016)
Paul Lyng	(ceaptha an 15/02/2016)
Carmel Smith	(ceaptha an 19/01/2016)
Marie Kinsella	(ceaptha an 19/01/2016)
Sinead Fitzgerald	(ceaptha an 14/11/2016)
Stephen McMahon	
Inez Bailey	
Dermott Jewell	
Shane McCarthy	
David Irwin	

Foireann Bainistíochta Sinsearaí

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Ginny Hanrahan
Ceann na Seirbhísí Corparáideacha	Mary Griffin (ar iasacht chuig Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann, Bealtaine 2016) Debbie Massey (ceaptha Lúnasa 2016)
Ceann Gnóthaí Dlí	Claire Millrine
Ceann Clárúcháin	Colm O'Leary
Ceann Oideachais	Aoife Sweeney
Ceann Aitheantais	Mary O'Donnell

Ceanncheathrú

CORU – An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
8 - 11 Sráid Lombard Thoir
Baile Átha Cliath 2
D02 Y729

Iniúchóir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

Cuntasóirí

Crowleys DFK
Cuntasóirí Cairte
16/17 Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe, an ráiteas ar staid an airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí a ghabhann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi Alt 21 den Acht, agus de réir an chleachtais cuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta in Éirinn arna mhodhnú ag treoracha ón Aire Sláinte maidir le cuntasaíocht i ndáil le costais aoisliúntais.

Na Freagrachtaí atá ar an gComhairle

Tá an Chomhairle freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíorcheart iontu agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá ormsa iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus in oiriúint le Caighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar na nithe a nochtar sna ráitis airgeadais, ar fianaise í a thugann cinnteacht réasúnach nach bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na Comhairle, ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus cur i láthair ginearálta na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil na Comhairle chun cásanna ábhartha a aithint ina bhfuil sí ar neamhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta agus chun aon fhaisnéis a shainaithint is cosúil atá mícheart go hábhartha ar bhonn an eolais a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó atá ar neamhréir go hábhartha leis an eolas sin. Sa chás go dtugaim aon mhíshonrú nó aon neamhréireacht ábhartha faoi deara, déanfaidh mé na himpleachtaí a mheas le haghaidh mo thuairisce.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim:

- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte, agus
- go bhfuil léargas fíorcheart iontu ar staid ghnóthaí na Comhairle amhail ar an 31 Nollaig 2016 agus ar a hioncam agus a caiteachas i leith na bliana 2016.

I mo thuairimse, bhí taifid chuntasaíochta na Comhairle leordhóthanach ionas go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go furasta agus go cuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Béim ar ábhar – Sochair aoisliúntais

Gan coinníollacha a chur le mo thuairim, tarraingím aird ar Nóta 1 leis an ráitis airgeadais (beartas cuntasaíochta b) ina nochtar, i gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, go mbreacann an Chomhairle costais na dteidlíochtaí aoisliúntais sna cuntais nuair a bhíonn siad iníoctha, seachas na costais sin a aithint sa bhliain a thuilltear na teidlíochtaí.

Ábhair a dtugaim tuairisc orthu de réir eisceachta

Tuairiscím de réir eisceachta sa chás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó má fhaighim

- aon chás ábhartha nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críche beartaithe ann nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad ann, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais a ghabhann léi, nó leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó
- nach léirítear sa ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíon an Chomhairle an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, nó
- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a bhfuil tuairisciú le déanamh orthu ar mhodh eisceachta.

Mark Brady

Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire
Cuntas agus Ciste
Nollaig 2017

Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

1.

Thar ceann chomhaltaí na Comhairle Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, admhaím an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais. Ní fhéadann an córas um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach, nach dearbhú iomlán é, a thabhairt go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad i dtréimhse thráthúil.

2. Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá bearta déanta ag an gComhairle chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir,
- Prionsabail an rialachais chorparáidigh atá in *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (leagan athbhreithnithe 2009) a ghlacadh, lena n-áirítear:*
  - Dearbhú maidir le comhlíonadh na dtreoirlínte soláthair mar atá leagtha amach sa Chód.
  - Dearbhú maidir le comhlíonadh i ndáil le diúscairt sócmhainní agus rochtain ar shócmhainní mar atá leagtha amach sa Chód.
  - Dearbhú ar chur i bhfeidhm bheartas an Rialtais maidir le luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.
  - Beartais agus nósanna imeachta athbhreithnithe agus críochnaithe chun éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a áirithiú.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat um fhaisnéis rialta a bheith ar fáil don lucht bainistíochta, córas tarmligthe agus cuntasachta, nósanna imeachta i dtaobh cúrsaí airgeadais, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas, agus dianseiceálacha leanúnacha á gcur i bhfeidhm ag an bhfoireann airgeadais. Áirítear go háirithe leis an gcóras:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil arna athbhreithniú agus arna fhaomhadh ag comhaltaí na Comhairle.
- Teorainneacha údaraithe a leagan amach maidir le cistí na Comhairle a eisíoc.
- Athbhreithniú rialta ag comhaltaí na Comhairle ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (cuntais bhainistíochta ina measc) a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais in aghaidh buiséad.

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais in 2009. Tháinig an Coiste le chéile 7 n-uaire in 2016.

Bunaíodh sásraí lena chinntiú go bhfuil na córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) slán go leor, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta rialaithe cuí a bhunú.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gComhairle a thuairiscíonn do Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais na Comhairle. Bíonn an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ag cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Cuirtear bonn eolais faoin monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais tríd an obair a dhéanann an t-iniúchóir inmheánach, ar ról é a chuirtear amach ar conradh, agus an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

Tá foireann feidhmiúcháin na Comhairle freagrach as an gcreat rialuithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Ag teacht le beartas sceithireachta na Comhairle, dhearbhaigh an t-oifigeach sceithireachta nach ndearnadh nochtadh sceithireachta ar bith sa bhliain airgeadais 2016. Deimhnímid freisin nár aithníodh aon neamhrialtachtaí airgeadais le linn an athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

3. Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016.

Bernard McCartan
Cathaoirleach

Dáta: 7 Nollaig 2017

Ráiteas faoi na Freagrachtaí atá ar an gComhairle

Cuireadh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar bun an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, (arna leasú) ("an tAcht").

Is comhlacht reachtúil í an Chomhairle ar a bhfuil sé de shainchúram a chinntiú go mbíonn gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh ag cleachtadh a ngairme i dtimpeallacht rialáilte, atá faoi rialú agus atá sábháilte, ar bhealach lena gcinnteofar go bhfuil seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh ar ardchaighdeán á soláthar don phobal.

Ceanglaítear le Cuid 1, Alt 21 den Acht ar an gComhairle na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách a choimeád ar airgead arna fháil nó arna chaitheamh aici lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe. Ceanglaítear ar an gComhairle na nithe seo a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú:

- beartais chuntasaíochta réasúnta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin; - breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag feidhmiú;
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus míniú a thabhairt air.

Deimhníonn an Chomhairle gur chomhlíon sí na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici. Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais na Comhairle agus a chuireann ar a cumas di a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Cuid 1, Alt 21 den Acht. Tá an Chomhairle freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Bernard McCartan
Cathaoirleach

Dáta: 7 Nollaig 2017

Ginny Hanrahan
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Dáta: 7 Nollaig 2017

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 €
Ioncam			
Deontas ón Státchiste	3	2,675,422	2,290,462
Ioncam ó Tháillí	4	1,028,211	762,451
Ioncam ó Iasacht Daoine	5	103,136	117,537
Ioncam ón gCumasc ar Bhord na Radharcmheastóirí	2	-	649,388
Asbhaintí i dtaobh Aoisliúntas Fostaíochta		44,988	99,824
		3,851,757	**3,919,662**
Aistriú (chuig an) / ón gCuntas Caipitil	16	(36,404)	30,057
		3,815,353	**3,949,719**
Caiteachas			
Tuarastail	10	1,851,431	1,787,322
Taisteal Foirne	7	22,344	30,969
Costais bhunaíochta agus chóiríochta	6	220,410	170,450
Riarachán Oifige	8	746,210	644,352
Clárú	9	128,681	138,218
Táillí Dlí agus Táillí Gairmiúla	11	614,119	474,966
Oideachas/Forbairt Ghairmiúil Leanúnach		160,966	169,997
Táillí Iniúchóireachta		7,500	8,300
Dímheas	12,13	170,046	113,585
		3,921,707	**3,538,159**
(Easnamh) / Barrachas don bhliain		**(106,354)**	**411,560**
Cúlchistí Ioncaim Choinnithe			
Iarmhéid ag tús na bliana		378,180	(33,380)
(Easnamh) / Barrachas don bhliain		(106,354)	411,560
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**271,826**	**378,180**

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ag an dáta tuairiscithe.

Cuimsítear leis Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe gach gnóthachan agus caillteanas aitheanta sa bhliain.
Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nóta 1 go 22.

Bernard McCartan
Cathaoirleach

Dáta: 7 Nollaig 2017

Ginny Hanrahan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 7 Nollaig 2017

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

amhail ar 31 Nollaig 2016

	Nótaí	31 Nollaig 2016 €	31 Nollaig 2015 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Doláimhsithe	12	89,845	138,302
Maoin, Gléasra agus Trealamh	13	143,094	58,233
		232,939	196,535
Sócmhainní Reatha			
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		744,984	725,731
Infháltais agus réamhíocaíochtaí	14	72,538	69,989
		817,522	795,720
Dliteanais Reatha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Méideanna Iníoctha	15	546,593	367,437
Soláthar	17	-	51,000
		546,593	418,437
Glansócmhainní Reatha		270,929	377,283
Glansócmhainní iomlána		**503,868**	**573,818**
Arna léiriú ag			
Cuntas Caipitil	16	232,042	195,638
Cúlchistí Ioncaim Choinnithe		271,826	378,180
		503,868	**573,818**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nóta 1 go 22.

Bernard McCartan
Cathaoirleach

Dáta: 7 Nollaig 2017

Ginny Hanrahan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 7 Nollaig 2017

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 €
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
(Easnamh) / Barrachas don bhliain		(106,354)	411,560
Muirear dímheasa	12 / 13	170,046	113,585
(Méadú) ar infháltais		(2,549)	(35,300)
Méadú ar shuimeanna iníoctha		128,156	138,188
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta		-	50
Gluaiseacht sa chuntas caipitil		36,404	(30,057)
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**225,703**	**598,026**
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Caiteachas Caipitiúil	12 / 13	(206,450)	(83,580)
Caipiteal a Aistríodh ó Bhord na Radharcmheastóirí		-	(896)
Méadú ar airgead agus coibhéisí airgid		**19,253**	**513,550**
Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		725,731	212,181
Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		**744,984**	**725,731**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nóta 1 go 22.



Bernard McCartan
Cathaoirleach

Dáta: 7 Nollaig 2017



Ginny Hanrahan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 7 Nollaig 2017

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Beartais chuntasaíochta

a) Ginearálta

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) ("an tAcht") chun gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh ainmnithe a rialáil.

b) Comhlíonadh FRS 102

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, ach amháin i gcás aoisliúntais. Ar ordú ón Aire Sláinte, níltear ag cloí le forálacha FRS 102 i ndáil le sochair scoir. Comhlíonann na ráitis airgeadais FRS 102 ar gach slí eile.

c) Bunús leis an ullmhúchán

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus cloíonn siad leis na caighdeáin tuairiscithe airgeadais den Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, ach amháin i gcás ina léirítear a mhalairt anseo thíos.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Sláinte le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais in euro, arb é airgeadra feidhmeach na Comhairle é.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais bunaithe ar cheanglais a bhfuil foráil dóibh in Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (leagan athbhreithnithe 2009).

d) Breithiúnais chriticiúla chuntasaíochta agus meastacháin

Chun na ráitis airgeadais seo a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus boinn tuisceana a ghlacadh a théann i gcion ar chur i bhfeidhm beartas agus ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le sócmhainní agus dliteanais agus i ndáil le hioncam agus speansais.

Déantar meastóireacht leanúnach ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin agus bunaítear iad ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear teagmhais a meastar go réasúnach a d'fhéadfadh tarlú amach anseo. Déanann an Chomhairle meastacháin agus glacann sí boinn tuisceana maidir leis an am atá le teacht. Is dual do na meastacháin chuntasaíochta gur annamh a bheidh siad ag teacht go beacht leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Pléitear thíos na meastacháin agus na boinn tuisceana a bhfuil baol suntasach ann go bhféadfaidís a bheith ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile:

(i) Gnóthas leantach

Níl aon neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le cumas na Comhairle a cuid dliteanas a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite, ná maidir le leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Dá réir sin, measann an Chomhairle gur cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Ar an mbonn sin, ní áirítear sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha i dtaobh sócmhainní agus dliteanais ná ar an aicmiú orthu a d'fhéadfadh a bheith i gceist dá mba rud é nach mbeadh an Chomhairle in ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

(ii) Fad saoil a bhunú chun críocha an dímheasa ar mhaoin, gléasra agus trealamh

Is cuid shuntasach de na sócmhainní go léir iad sócmhainní a mhaireann ar feadh i bhfad, lena gcuimsítear go príomha maoin, gléasra agus trealamh. Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go príomha ar shaol measta gach cineál sócmhainne agus ar na meastacháin ar luachanna iarmharacha. Déanann an Chomhairle athbhreithniú rialta ar shaol na sócmhainní sin agus athraítear a fad saoil de réir mar is gá ag teacht leis an bhfad saoil a mheastar faoi láthair atá fágtha acu i bhfianaise na húsáide eacnamaíche a mheastar a bhainfear astu agus riocht fisiceach na sócmhainní lena mbaineann. Is féidir tionchar nach beag a bheith ag athruithe i saol sócmhainne ar mhuirir dhímheasa i leith na tréimhse. Tá mionsonraí ar shaol úsáideach san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

(iii) Soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha

Déanann an Chomhairle meastachán ar luach inghnóthaithe na n-infháltas trádála agus na n-infháltas eile. Baineann an Chomhairle leas as meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil maidir le leibhéal na bhfiach a chinneadh, ar fiacha iad a bhféadfadh sé nach mbaileofar iad. Áirítear leis na meastacháin sin tosca ar nós na rátála atá ag an bhféichiúnaí faoi láthair, próifíl aoise na n-infháltas agus an taithí stairiúil. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an leibhéal soláthair atá riachtanach.

e) Deontas ón Státchiste

Breactar sna cuntais an t-ioncam a thaispeántar iontu faoi 'Deontais ón Státchiste' ar bhonn fáltais airgid.

f) Ioncam ó Tháillí

Aithnítear táillí athnuachana sa tréimhse lena mbaineann an athnuachan agus breactar sna cuntais gach ioncam eile ar bhonn fáltais airgid.

g) Sócmhainní Seasta agus Dímheas

(i) Luaitear na sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha.

(ii) Déantar na sócmhainní seasta a dhímheas ar a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear an dímheas de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne díreach, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna gcoigeartú don luach iarmharach, thar a saol úsáideach tuartha mar seo a leanas:

Troscán agus Feistis	20%
Trealamh TF/Oifige	33.3%

Déantar measúnú bliantúil ar luach iarmharach agus saol úsáideach sócmhainní seasta le haghaidh táscairí go bhféadfadh athrú a bheith tagtha orthu. I gcás ina bhfuil táscairí air sin ann, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, ar an modh dímheasa agus ar an saol úsáideach, agus déanfar iad siúd a leasú más gá. Déantar athruithe ar rátaí dímheasa a eascraíonn as an athbhreithniú sin a bhreacadh sna cuntais ar bhonn ionchasach thar an méid atá fágtha de shaol úsáideach na sócmhainní.

h) Sócmhainní Inláimhsithe – Forbairt Bogearraí

Déileáiltear le costais maidir le forbairt bogearraí ar mhórchórais mar mhíreanna caipitiúla agus déantar iad a dhíscríobh thar a saol úsáideach tuartha ón dáta a gcuirtear chun feidhme iad.

i) Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil luach neamh-amúchta an ioncaim a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

j) Aoisliúntas

Déantar foráil in Alt 13 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) ("an tAcht") maidir le scéim aoisliúntais nó scéimeanna aoisliúntais de chuid na Comhairle a bhunú. Scéim sochair shainithe atá sa scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990. Tá an scéim á feidhmiú ar bhonn riaracháin go dtí go gceadóidh an tAire Sláinte í le toiliú an Aire Airgeadais.

Ritheadh ina dhlí an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 ar an 28 Iúil 2012 agus tugadh isteach faoi Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") ar cuireadh tús feidhme léi le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Ball den Scéim Aonair is ea gach fostaí nua de chuid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar iontrálaithe nua iad chuig an Earnáil Phoiblí, ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

Mar gheall ar an gcumasc idir Bord na Radharcmheastóirí agus an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh in 2015, aistríodh asbhaintí aoisliúntais ó fhoireann Bhord na Radharcmheastóirí chuig an gComhairle ar an dáta ar díscaoileadh Bord na Radharcmheastóirí.

k) Airgead agus Coibhéisí Airgid

Cuimsítear leis an airgead airgead tirim ar láimh agus taiscí ar bhonn éilimh.

l) Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta in airgeadraí iasachta a aistriú ina euro agus a thaifeadadh ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar laethanta na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta in airgeadraí iasachta a aistriú ina euro ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar rátaí conartha réamhcheannacháin sa chás inarb ann do na conarthaí sin.

m) Sócmhainní Airgeadais Eile

Déantar sócmhainní airgeadais eile lena n-áirítear infháltais trádála a thomhais ar dtús ag an méid airgid neamhlascainithe is infhála ón gcustaiméir sin, arb é an praghas sonraisc é de ghnáth, agus déantar é a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta lúide lagú, i gcás ina bhfuil fianaise oibiachtúil ann ar lagú.

n) Dliteanais Airgeadais Eile

Déantar méideanna iníoctha trádála a thomhas ag praghas an tsonraisc, mura rud é go gcuirtear an íocaíocht siar thar ghnáth-théarmaí gnó nó go ndéantar í a mhaoiniú ar ráta úis nach ionann é agus ráta an mhargaidh. Sa chás sin is idirbheart maoinithe é an socrú, agus déantar an dliteanas airgeadais a thomhas ag luach láithreach na n-íocaíochtaí amach anseo agus iad lascainithe ag ráta úis an mhargaidh i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

o) Soláthair

Aithnítear soláthair nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó oibleagáid inchiallaithe láithreach ar an gComhairle mar thoradh ar theagmhais roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.

2. Sócmhainní agus Dliteanais a aistríodh ó Bhord na Radharcmheastóirí

Rinneadh foráil le téarmaí chuid 9A den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) maidir le Bord na Radharcmheastóirí a dhíscaoileadh. Faoin Acht, aistríodh na feidhmeanna, oibríochtaí, sócmhainní agus dliteanais uile de chuid an Bhoird chuig an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar an 31 Deireadh Fómhair 2015. Seo a leanas achoimre ar na sócmhainní agus na dliteanais a aistríodh chuig an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh:

	2015 €
Sócmhainní Seasta	898
Infháltais agus réamhíocaíochtaí	26
Iarmhéideanna bainc	825,316
Síntiúis a fuarthas roimh ré	(250)
Méideanna Íoctha agus Fabhruithe	(176,602)
Luach na nglansócmhainní a aistríodh chuig an gComhairle	**649,388**

3. Deontas ón Státchiste

	2016 €	2015 €
Vóta 38 Fotheideal E1 de chuid na Roinne Sláinte	2,437,000	2,085,000
Vóta 38 Fotheideal H (caipiteal) de chuid na Roinne Sláinte	238,422	205,462
	2,675,422	**2,290,462**

4. Ioncam ó Tháillí

	2016 €	2015 €
Táillí na nOibrithe Sóisialacha	454,811	416,847
Táillí na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga	149,633	27,480
Táillí na Radagrafaithe	128,332	202,458
Táillí na mBia-Eolaithe	77,999	32,529
Táillí na dTeiripeoirí Ceirde	118,676	38,350
Táillí na nOptaiméadraithe agus na Radharcmheastóirí Urghnamha	88,430	38,166
Táillí na bhFisteiripeoirí	6,576	-
Measúnú ar Tháillí um Inniúlacht Ghairmiúil	3,754	6,621
	1,028,211	**762,451**

Tá na Cláir d'Oibrithe Sóisialacha, Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Bia-eolaithe, agus Optaiméadraithe agus Radharceolaithe Urghnamha i bhfeidhm ina n-iomláine. Is é an 31 Márta 2017 an spriocdháta iarratais do na Teiripeoirí Ceirde reatha go léir. Osclaíodh an Clár d'Fhisiteiripeoirí ar an 30 Meán Fómhair 2016.

5. Ioncam ó Iasacht Daoine

	2016 €	2015 €
An Bord Altranais	59,865	-
Thithe an Oireachtais	7,035	84,418
An Roinn Coimirce Sóisialaí	36,236	33,119
	103,136	**117,537**

Áirítear san Ioncam ó Iasacht Daoine táillí i ndáil le ball foirne atá ar shocrú iasachta sa Roinn Coimirce Sóisialaí ó mhí Dheireadh Fómhair 2014. Tháinig deireadh leis an socrú iasachta sin i mí na Nollag 2016. Áirítear freisin san Ioncam ó Iasacht Daoine táillí i ndáil le ball foirne atá ar shocrú iasachta le seirbhísí Thithe an Oireachtais ó mhí Lúnasa 2014. Tháinig deireadh leis an socrú iasachta sin i mí Eanáir 2016. Áirítear freisin san Ioncam ó Iasacht Daoine táillí i ndáil le ball foirne atá ar shocrú iasachta le Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann ó mhí an Mheithimh 2016.

6. Costais bhunaíochta agus chóiríochta

	2016 €	2015 €
Oibleagáidí Léasa	106,881	51,000
Deisiúcháin agus Cothabháil	6,811	
Solas agus Teas	11,137	29,078
Glantachán	17,836	16,711
Árachas	994	1,432
Slándáil	21,198	4,944
Costais a bhaineann le hAthlonnú Oifige	55,553	67,285
	220,410	**170,450**

7. Taisteal Foirne

	2016 €	2015 €
Náisiúnta	10,535	24,517
Idirnáisiúnta	11,809	6,452
	22,344	**30,969**

8. Riarachán Oifige

	2016 €	2015 €
Teileafón	18,615	19,425
Forbairt TF agus Pleanáil Straitéiseach	3,382	23,146
Ceadúnais TF agus Cothabháil	44,720	50,675
Tacaíocht TF agus Óstáil	186,085	152,500
Iniúchtaí Slándála TF	6,135	3,952
Árachas	22,901	19,447
Stáiseanóireacht agus Speansais Oifige	69,229	61,894
Muirir Earcaíochta agus Baill Foirne Ghníomhaireachta	81,833	21,026
Oiliúint Foirne agus Comhdhálacha	57,562	67,389
Stipinn an Chathaoirligh	5,489	8,978
Oiliúint ar Chomhaltaí	10,157	31,094
Costais Bhoird	184,902	137,690
Síntiúis	6,228	10,820
Muirir Bhainc	6,138	5,299
Cothabháil Oifige agus Conarthaí Seirbhíse	28,527	17,514
Clóbhuaileadh agus Foilseacháin	10,647	12,109
Costais Fáilteachais	3,660	1,394
	746,210	**644,352**

8(a) Miondealú ar Speansais i leith Chruinnithe na Comhairle agus Cruinnithe an Bhoird

	2016 €	2015 €
Cruinnithe na Comhairle – Costais na gCruinnithe	21,976	14,178
Cruinnithe na Comhairle – Taisteal *	29,035	27,525
Costais Toghcháin	12,611	22,051
Fochoiste – Costais na gCruinnithe	15,382	2,357
Fochoiste – Taisteal	22,512	10,445
Cruinnithe na mBord Clárúcháin (9 mBord) – Costais na gCruinnithe	38,348	3,875
Cruinnithe na mBord Clárúcháin (9 mBord) – Taisteal	45,038	57,259
	184,902	**137,690**

* Áirítear leis seo €1,718 maidir le taisteal thar lear in 2016 (2015: €5,187).

9. Clárú

	2016 €€	2015 €€
Measúnú ar Iarratais agus Próiseáil Iarratas	57,378	87,232
Comhairliúchán Poiblí agus Fógraíocht	16,730	10,744
Mapáil Próisis agus Feabhsú Cáilíochta	17,329	15,918
Aitheantas	37,244	24,324
	128,681	**138,218**

10. Tuarastail

	2016 €€	2015 €€
Tuarastail	1,816,330	1,709,555
Costais Phinsin	31,414	31,012
Tacaíocht Amuigh ar Conradh – Acmhainní Daonna	3,687	46,755
	1,851,431	**1,787,322**

Bhí coibhéis lánaimseartha 35 duine fostaithe ag an gComhairle ag deireadh na bliana i dteannta leis an POF (2015: 38). Áirítear sa mhuirear costais a bhaineann le baill foirne a tugadh ar iasacht i gcaitheamh na bliana ach nach bhfuil san áireamh sa choibhéis lánaimseartha.

	2016 €€	2015 €€
Iomlán na dtuarastal a íocadh	1,818,090	1,709,555
Costais na mball foirne ar iasacht (nach bhfuil san áireamh sa choibhéis lánaimseartha)	(103,136)	(117,537)
Costais foirne	**1,714,954**	**1,592,018**

Asbhaineadh tobhach pinsin dar luach €60,344 (2015: €69,264) ó thuarastail agus íocadh an méid sin leis an Roinn Sláinte. Nuair a díscaoileadh Bord na Radharcmheastóirí, aistríodh ranníocaíochtaí pinsin a fabhraíodh ó bhaill foirne Bhord na Radharcmheastóirí go dtí an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh in 2015. Ní dhearnadh aon ranníocaíocht phinsin ar an gcaoi sin in 2016.

Miondealú ar na sochair foirne

Réimse na sochar iomlán foirne			Líon fostaithe	
Ó		Go dtí	2016	2015
€60,000	-	€69,999	2	2
€70,000	-	€79,999	-	2
€80,000	-	€89,999	1	1
€90,000	-	€99,999	2	1

Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Ba é €98,237 tuarastal an POF in 2016 (2015: €98,223).
Léirítear na méideanna sin sna costais tuarastail thuas.

Ní bhfuair an POF aon phá a bhaineann le feidhmíocht ná liúntas comhchineáil. Ní chuimsítear le teidlíocht phinsin an POF ach na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha amach i samhailscéim aoisliúntais na hearnála poiblí le sochar sainithe. Rinneadh asbhaintí €12,581 a bhain le pinsean i rith na bliana (2015: €13,269).

Chuir an POF isteach admhálacha caiteachais i leith Taistil agus Cothabhála dar luach €10,033 san iomlán in 2016 (2015: €6,402) lena n-áirítear taisteal thar lear a chosain €7,660 in 2016 (€2,674 in 2015).

Íocadh an stipinn agus na speansais taistil seo a leanas le Cathaoirleach na Comhairle i rith na bliana:

	2016 Stipinn €	2016 Speansais €	2015 Stipinn €	2015 Speansais €
Tom Jordan (tháinig deireadh lena théarma oifige ar an 25/03/2016)	2,072	60	8,978	5,316
Bernard McCartan (ceaptha ar an 08/17/2016)	3,417	-	-	-
	5,489	**60**	**8,978**	**5,316**

Ní dhéantar íocaíocht le haon chomhalta eile den Chomhairle, de na Coistí ná de na Boird Chlárúcháin i leith a gcomhaltais.

	2016 €	2015 €
Táillí Dlí – Ginearálta	37,603	21,981
Táillí Dlí – Rialáil	125,325	66,821
Táillí Dlí – Feidhmiúlacht chun Cleachtadh	251,187	167,135
Táillí Cuntasaíochta	60,015	85,429
Soláthar	3,000	5,374
Bainistíocht Riosca	1,230	17,026
Bainistiú na bPáirtithe Leasmhara agus Cumarsáid leo	49,422	37,950
Forbairt na hEagraíochta agus Iniúchadh Inmheánach	35,946	19,898
Bainistiú Sláinte agus Sábháilteachta	7,283	2,799
Forbairt Straitéisí	32,866	-
Costais an Chumaisc ar Bhord na Radharcmheastóirí	10,242	50,553
	614,119	**474,966**

12. Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

	Córas na Comhairle um Chlárú/ Oideachas/ Cásbhainistíocht €	Iomlán €
Costas		
Costas amhail ar an 1 Eanáir 2016	207,453	207,453
Breiseanna sa bhliain	31,042	31,042
Amhail ar an 31 Nollaig 2016	**238,495**	**238,495**
Dímheas		
Dímheas carntha ar 1 Eanáir 2016	69,151	69,151
Dímheas i leith na bliana	79,499	79,499
Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig 2016	**148,650**	**148,650**
Glanluach de réir na leabhar		
Amhail ar an 31 Nollaig 2016	**89,845**	**89,845**
Amhail an 31 Nollaig 2015	**138,302**	**138,302**

Tháinig córas na Comhairle um Chlárú/Oideachas/Cásbhainistíocht i bhfeidhm i rith 2015. Meastar go gcomhlíonann na costais sin na critéir atá leagtha amach i FRS 102 ionas gur féidir iad a chaipitliú agus dá réir sin, tá na costais forbartha á n-amúchadh go dtí an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus ina dtráthchodanna comhionanna thar thréimhse trí bliana, arb í saol tuartha feidhmíochta córas na Comhairle um Chlárú/Oideachas/Cásbhainistíocht í.

13. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Daingneáin agus Feisteas €	Trealamh TF/Oifige €	Iomlán €
Costas			
Costas amhail ar an 1 Eanáir 2016	28,613	216,367	244,980
Breiseanna sa bhliain	-	175,408	175,408
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-
Amhail ar an 31 Nollaig 2016	**28,613**	**391,775**	**420,388**
Dímheas			
Dímheas carntha ar 1 Eanáir 2016	23,207	163,540	186,747
Dímheas i leith na bliana	3,450	87,097	90,547
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-
Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig 2016	**26,657**	**250,637**	**277,294**
Glanluach de réir na leabhar			
Amhail ar an 31 Nollaig 2016	**1,956**	**141,138**	**143,094**
Amhail ar an 31 Nollaig 2015	**5,406**	**52,827**	**58,233**

14. Infháltais agus réamhíocaíochtaí

	2016 €	2015 €
Réamhíocaíochtaí	41,002	36,457
Ioncam Fabhraithe	31,536	33,532
	72,538	**69,989**

Is ionann a bheag nó a mhór luachanna córa na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí agus a suimeanna glanluacha. Tá gach féichiúnaí dlite laistigh de bhliain amháin. Léirítear na féichiúnaithe glan ar lagú i leith fiacha amhrasacha.

15. Méideanna iníoctha (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

	2016 €	2015 €
Méideanna iníoctha trádála	8	(34)
Cáin Bhreisluacha	3,056	6,791
ÍMAT	-	45,603
Cárta Creidmheasa	1,505	1,062
Fabhruithe	133,897	101,326
Ioncam Iarchurtha	386,425	165,402
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	21,702	26,734
Méideanna iníoctha eile	-	20,553
	546,593	**367,437**

Tá cáin agus árachas sóisialach faoi réir théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Fabhraítear ús ar íocaíocht dhéanach. Ní raibh aon ús dlite ag deireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí is bonn leo. Na suimeanna eile a áirítear i leith na méideanna iníoctha nach bhfuil clúdaithe ag nótaí sonracha maidir le nochtadh, tá siad neamhurraithe, gan ús agus in-aisíoctha ar éileamh.

16. Cuntas Caipitil

	2016 €	2015 €
Iarmhéid ag tús na tréimhse	195,638	225,695
Aistriú (chuig an) / ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Cistiú chun sócmhainní seasta a fháil	206,450	83,580
Lúide: An méid a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní	-	(50)
Lúide: Amúchadh de réir dímheasa	(170,046)	(113,587)
	36,404	(30,057)
Iarmhéid ag deireadh na tréimhse	**232,042**	**195,638**

17. Soláthar

	2016 €	2015 €
Méid ag tús na bliana	51,000	-
Méideanna a cuireadh leis an soláthar	-	51,000
Méideanna a muirearaíodh in aghaidh an tsoláthair	(51,000)	-
Méid ag deireadh na bliana	**-**	**51,000**

Ghlac an Chomhairle freagracht as an léas ar na hoifigí a bhíodh ag Bord na Radharcmheastóirí i gCearnóg Mhic Liam tar éis aistriú shócmhainní agus dhliteanais an Bhoird (mar a leagtar amach i nóta 2). In 2016, rinne an Chomhairle comhaontú chun scor den léas ar chostas iomlán €51,000, le héifeacht ón 30 Meán Fómhair 2016. Rinneadh soláthar i ráitis airgeadais 2015 don mhéid sin. Áirítear na costais sin i nóta 6, costais maidir le bunú agus cóiríocht.

18. Cóiríocht Oifige

Go dtí Eanáir 2016, bhí áitreabh ag an gComhairle i gCúirt an Rabhcháin, Baile an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18, a bhí aici ar bhonn ceadúnas ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte go dtí 2016. Cuireadh an chóiríocht oifige ar fáil ar bhonn comhchineáil. Tá áitreabh ag an gComhairle i Sráid Lombard Thoir ó mhí Feabhra 2016 roimh di aistriú chuig ionad buan i lár na cathrach, agus d'íoc sí cíos €63,849 ar an áitreabh sin in 2016.

19. Ceangaltais chaipitil

Tá ceangaltas ar an gComhairle maidir le tionscadal caiteachais TFC a bhaineann le córas a chruthú don Chomhairle i ndáil le Clárú/Oideachas/Cásbhainistíocht. Tá an tionscadal agus an caiteachas á ndéanamh thar 5 bliana. Ag dáta an chláir chomhardaithe, bhí ceangaltas gan íoc ar an gComhairle i dtaobh íocaíochtaí amach anseo ar an tionscadal, agus meastar gur íocaíochtaí €55,000 a bheidh i gceist.

20. Idirbhearta le Páirtithe Bainteacha

Áirítear leis an bpríomhphearsanra bainistíochta sa Chomhairle an Príomhfheidhmeannach, an bhainistíocht shinsearach agus comhaltaí na Comhairle. Ba é €436,430 an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, táillí agus speansais chomhaltaí na Comhairle agus luach iomlán an POF san áireamh (2015: €310,604).

Chomhlíon an Chomhairle na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí na Comhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana. Ní dhearnadh aon idirbhearta le linn na tréimhse i ndáil le gníomhaíochtaí na Comhairle a raibh leasanna leasmhara ar bith iontu ag Comhaltaí na Comhairle.

21. Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh athruithe áirithe ar an gcaoi a gcuirtear i láthair míreanna sna ráitis airgeadais agus rinneadh na figiúirí comparáideacha a athaicmiú nuair ba ghá ar bhonn atá ar aon dul le cur i láthair na bliana seo.

22. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais ar an 7 Nollaig 2017.

Aguisín 1

Freastal ar chruinnithe na Comhairle

Ainm	21/01	25/02	31/03	05/05	09/06	30/06	14/07	22/09	27/10	08/12
Bernard McCartan*	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Carmel Smith	N	✓	✓	X	✓	X	X	✓	✓	✓
Caroline McIntosh	✓	✓	X	✓	✓	X	X	✓	✓	✓
Cormac Quinlan	N	N	N	N	N	N	✓B	N	✓	X
David Irwin	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Declan Carey	✓	✓	É	N	N	N	N	N	N	N
Deirdre Madden	✓	✓	X	✓	✓	X	X	X	X	X
Dermott Jewell	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	X
Emma Stokes	X	X	X	X	É	É	É	É	É	É
Halóg Mellett	✓	✓	X	X	✓	X	✓	✓	✓	✓
Inez Bailey	X	✓	X	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓
Jackie Reed	✓	✓	X	✓	✓	X	X	✓	✓	✓
James Forbes	XB	✓B	✓B	XB	✓B	XB	✓B	XB	XB	XB
Joe Martin	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	X	✓	X
John O'Mullane	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Laura Phelan	N	✓	✓	✓	✓	X	X	✓	✓	✓
Maeve Murphy	✓	✓	✓	X	✓	X	X	✓	✓	✓
Marie Culliton	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Marie Kinsella	N	✓	✓	X	✓	X	X	X	✓	X
Michele Monahan	✓	✓	N	N	N	N	N	N	N	N
Mo Flynn	✓	✓	X	X	✓	X	✓	✓	✓	✓
Odhrán Allen	✓	✓	X	X	✓	✓	✓	✓	X	X
Paul Lyng	N	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Peter Davison	X	✓	X	✓ B	✓ B	XB	XB	XB	XB	XB
Shane McCarthy	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓	X
Sinead Fitzgerald	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Stephen McMahon	✓	✓	X	X	✓	X	X	✓	✓	X
Tom Jordan*	✓	✓	N	N	N	N	N	N	N	N
Tony McAleer	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓
Vivienne Starr	✓	✓	✓	✓ B	✓ B	XB	✓B	XB	XB	XB

Aguisín 2

Freastal ar chruinnithe an Choiste

An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, 2016

Coiste Iniúchóireachta	27-01	07-03	08-06	08-09	17-10	23-11	07-12
Odhran Allen	X	X	✓	✓	✓	✓	X
Tony McAleer *	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Bernard McCartan	✓	✓	✓	✓	N	N	N
Harry McGeary	✓	X	✓	✓	✓	X	X
Maeve Murphy	X	✓	✓	✓	✓	X	✓
Martin O'Sullivan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Declan Purcell	✓	✓	✓	✓	✓	X	X
Carmel Smith	N	N	N	N	N	X	✓

An Coiste Airgeadais 2016

Airgeadas	25-02	19-05	28-09	14-12
Inez Bailey	✓	✓	X	X
Dermott Jewell	✓	✓	X	✓
Paul Lyng	N	✓	✓	✓
Joe Martin*	✓	✓	✓	✓

An Coiste Clárúcháin, 2016

Clárúchán	26-01	05-04	22-06	20-09	29-11
Marie Cullton*	✓	✓	✓	✓	✓
Damhnait Gaughan	X	✓	X	✓	✓
Norma Judge	✓	✓	✓	✓	X
Joe Martin	N	N	✓	✓	✓
Halóg Mellett	✓	X	X	✓	X
Maeve Murphy	✓	X	✓	X	X

Eochair maidir le freastal ar chruinnithe:

- ✓ d'fhreastail
- × leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- N Ní raibh ar an gComhairle/ar an mBord ar an dáta seo
- É D'éirigh as
- B Stádas breathnóra

An Coiste Oideachais, 2016

Oideachas	21-04	28-06	31-08	17-11	15-12
Odhran Allen	✓	✓	✓	✓	X
Peter Davison	✓	X	✓	✓	N
Lorraine Horgan	X	✓	N	N	N
David Irwin	✓	✓	✓	✓	✓
Ann Taylor	X	✓	N	N	N
Ann Kearney	N	N	N	✓	✓
Carmel Kearns	N	N	N	✓	✓
Caroline McIntosh	N	X	✓	X	X
Halóg Mellett	X	✓	✓	✓	✓
John O'Mullane	N	N	N	✓	✓
Marian O'Rourke	N	N	N	✓	✓
Jackie Reed *	✓	✓	✓	✓	✓

An Coiste Comhairleach um Chleachtadh Gairmiúil, 2016

PPAC	16-03	5-05	01-09	1-12
Marie Culliton	✓	✓	X	N
Mo Flynn	✓	X	✓	X
David Irwin	✓	✓	✓	✓
Deirdre Madden*	✓	✓	✓	✓
Bernard McCartan	✓	✓	N	N
Shane McCarthy	✓	X	✓	✓
Cormac Quinlan	N	N	N	✓

Eochair i dtaobh an tinrimh ag na cruinnithe:

- ✓ d'fhreastail
- × leithscéal nó as láthair
- * Cathaoirleach
- N Ní raibh ar an gComhairle/ ar an mBord ar an dáta seo
- É D'éirigh as
- B Stádas breathnóra

Aguisín 3

Struchtúr Eagraíochtúil



Aguisín 4

Giorrúcháin agus Sainmhínithe

Acht	An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú)
Bord	Bord Clárúcháin
POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh Coiste Comhairleach Coiste de chuid na Comhairle/Boird, faoi chathaoirleacht comhalta den Chomhairle/Bhord, a dhéanann moltaí maidir le cinneadh ón gComhairle nó ón mBord
CORU	Ainm gnó cláraithe agus ainm branda comhchoiteann ar an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus ar na Boird Chlárúcháin.
Comhairle	An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
Gairmithe Ainmnithe	Bithcheimiceoirí Cliniciúla, Bia-eolaithe, Radharceolaithe Urghnamha, Eolaithe Míochaine, Teiripeoirí Ceirde, Optaiméadraithe, Ortoptaigh, Fisiteiripeoirí, Coslianna, Síceolaithe, Radagrafaithe, Teiripeoirí Radaíochta, Oibrithe Cúraim Shóisialaigh, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga, agus Oibrithe Sóisialacha.
DRB	Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe
Baill neamhspleácha	Comhaltaí Choistí na Comhairle nach bhfuil ar an gcomhairle ná nach bhfuil ar Bhord Clárúcháin de chuid CORU
Comhalta Tuata	Comhalta de chuid na Comhairle, na mBord Clárúcháin nó na gCoistí nach comhalta é nó í de chuid na ngairmeacha atá á rialáil nó atá le rialáil ag CORU.
Aire	An tAire Sláinte
MSRB	Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine
ORB	An Bord Clárúcháin Súil-Liachta
OTRB	Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde
PRB	Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí
Cláraitheoir	Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Cláraitheoir na mBord Clárúcháin
RRB	An Bord Clárúcháin Radagrafaithe
SCRWB	Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh
SLTRB	Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga
SWRB	Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh
Regulating Health
Social Care Professionals

r-phost: **info@coru.ie**

www.coru.ie